

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
19 Meitheamh 2018



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrihe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ⁽¹⁾ 26

TREORACHA

- ★ Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE ⁽¹⁾ 43
- ★ Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ⁽¹⁾ 75

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2018/841 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 30 Bealtaine 2018

maidir le hastaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sna conclúidí uathí an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 maidir le creat beartais 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach sprioc cheangailteach de laghdú intíre 40 %, ar a laghad, ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa ar fud an gheilleagair faoi 2030 i gcomparáid le 1990, agus rinneadh an sprioc sin a athdhearbhú sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-18 Márta 2016.
- (2) Dúradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 gur cheart don Aontas an sprioc astaíochtaí a laghdú faoi 40 % ar a laghad a bhaint amach go comhpháirteach ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, sin laghduithe suas le 43 % agus 30 % faoi seach, i gcóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh ("EU ETS") a leagtar síos i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus in earnálacha nach mbaineann ETS leo, faoi seach, faoi 2030 i gcomparáid le 2005, agus na hiarrachtaí atá le déanamh á leithdháileadh ar bhonn OTI coibhneasta *per capita*.

⁽¹⁾ IO C 75, 10.3.2017, lch. 103.

⁽²⁾ IO C 272, 17.8.2017, lch. 36.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Bealtaine 2018.

⁽⁴⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

- (3) Tá an Rialachán seo ina chuid de chur chun feidhme ghealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras⁽¹⁾ a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (“UNFCCC”). Tugadh Comhaontú Pháras i gcrích thar ceann an Aontais an 5 Deireadh Fómhair 2016 le Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle⁽²⁾. Tá an gealltanais a thug an tAontas maidir le laghdú ar astaíochtaí ar fud an gheilleagair leagtha amach sa Rannchuidiú Beartaithe arna Chinneadh go Náisiúnta a chuir an tAontas agus a Bhallstáit faoi bhráid Rúnaíocht UNFCCC an 6 Márta 2015 i bhfianaise Chomhaontú Pháras. Tháinig Comhaontú Pháras i bhfeidhm an 4 Samhain 2016. Ba cheart don Aontas leanúint de laghdú a dhéanamh ar a chuid astaíochtaí gas ceaptha teasa agus feabhas a chur ar aistriú le gcomhréir le Comhaontú Pháras.
- (4) I gComhaontú Pháras, *inter alia*, leagtar amach sprioc fhadtéarmach i gcomhréir leis an gcuspóir an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus leanúint de na hiarrachtaí é a choimeád faoi bhun 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Beidh foraoiseacha, talamh talmhaíochta agus bogaigh i gcroílár na hoibre agus an sprioc sin á baint amach. I gComhaontú Pháras, aithníonn na Páirtithe, freisin, gur tosaíocht bhunúsach é an tslándáil bia a chosaint agus deireadh a chur leis an ocras, i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe agus na n-iarrachtaí chun an bhochtaineacht a dhíothú, agus na laigí áirithe atá ag na córais táirgthe bia maidir leis na drochthionchair a ghabhann leis an athrú aeráide, agus ar an gcaoi sin cothaítear teacht aniar i gcoinne an athraithe aeráide agus forbairt astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa ar bhealach nach ndéanann bagairt ar tháirgeadh an bhia. D’fhonn cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, ba cheart do na Páirtithe dlús a chur lena gcuid iarrachtaí comhochoiteanna. Ba cheart do na Páirtithe rannchuidithe beartaithe comhleanúnacha arna gcinneadh go náisiúnta a ullmhú, a tharchur agus a choinneáil ar bun. Tá Comhaontú Pháras ag glacadh áit an chur chuige atá i bhfeidhm faoi Phrótacal Kyoto 1997 ach nach leanfar de i ndiaidh 2020. I gComhaontú Pháras iarrtar freisin cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte gás ceaptha teasa sa dara leath den chéad seo, agus iarrtar ar Páirtithe gníomhaíocht a dhéanamh chun linnte agus umair de gháis cheaptha teasa, foraoisí san áireamh, a chaomhnú agus a fheabhsú, de réir mar is iomchuí.
- (5) Tá sé ar chumas na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseacha (“LULUCF”) buntáistí athraithe aeráide a thabhairt san fhadtéarma, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le gnóthú spriocanna laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, chomh maith le spriocanna aeráide fadtéarmacha Chomhaontú Pháras. Lena chois sin, soláthraíonn LULUCF bithábhair, ar féidir iad a chur in ionad ábhair a bhfuil lorg mór carbóin acu, rud a fhágann go bhfuil sé an-tábhachtach i ndáil leis an mbogadh chuig geilleagar íseal-astaíochta gás ceaptha teasa. De thairbhe go bhfuil na haistriúcháin a dhéantar le LULUCF in-aisiompaite, ba cheart caitheamh leo mar cholún ar leith i gcreat beartais aeráide an Aontais.
- (6) Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, dúradh gur cheart ilchuspóirí na hearnála talmhaíochta agus úsáide talún, ó tharla cumas níos lú a bheith aici i dtaca le maolú agus an gá go n-áiritheofaí comhsheasmhacht idir slándáil an tsoláthair bia san Aontas agus na cuspóirí maidir le hathrú aeráide, a aithint. D’iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun diansaothrú inbhuanaithe ar tháirgeadh bia a spreagadh, agus rannchuidiú na hearnála a bharrfheabhsú ag an am céanna do mhaolú agus do cheapadh gás ceaptha teasa, lena n-áirítear trí fhoraoisí, agus d’iarr sí freisin beartas a bhunú ar an gcaoi le LULUCF a chur san áireamh i gcreat 2030 maidir le gáis cheaptha teasa a mhaolú, a luaithe agus a bheadh na dálaí teicniúla ann chun é sin a dhéanamh agus roimh 2020 i gcás ar bith.
- (7) Is féidir le cleachtais bainistithe inbhuanaithe in earnáil LULUCF rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide ar roinnt bealaí, go háirithe trí astaíochtaí a laghdú, agus linnte agus stoic charbóin a choinneáil agus a fheabhsú. Chun go mbeadh éifeacht le bearta a bhfuil sé mar aidhm leo go háirithe ceapadh carbóin a mhéadú, tá cobhsaíocht agus inoiriúnaitheacht fhadtéarmach na linnte carbóin ríthábhachtach. Ina theannta sin, is féidir táirgiúlacht, acmhainn athghiniúna agus beogacht na hearnála LULUCF a chosaint le cleachtais bainistithe inbhuanaithe agus ar an gcaoi sin is féidir an forbairt eacnamaíoch shóisialta a chur chun cinn, agus an carbón agus an lorg éiceolaíoch a bhíonn ag an earnáil sin.
- (8) Is féidir feabhas a chur ar an ról atá ag earnáil LULUCF i ndáil le maolú ar an athrú aeráide agus i ndáil le hoiriúnú dó, freisin, chomh maith le táirgiúlacht agus teacht aniar na hearnála sin a neartú, trí forbairt a dhéanamh ar chleachtais agus ar theicneolaíochtaí nuálacha inbhuanaithe, lena n-áirítear an agraforaoiseacht agus an agra-éiceolaíocht. Ós saintréith de chuid earnáil LULUCF nach dtagann toradh go ceann blianta fada ar an obair inti, agus, dá bhrí sin, bíonn tábhacht le straitéisí fadtéarmacha chun feabhas a chur ar an maoiniú don taighde ar forbairt na gcleachtais agus na dteicneolaíochtaí nuálacha agus ar infheistíochtaí iontu sin, freisin. Is féidir na rioscaí a bhaineann le suaitheadh nádúrtha a laghdú má dhéantar infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí coiscitheacha amhail cleachtais bainistithe inbhuanaithe.

⁽¹⁾ IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh 2016 maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

- (9) Sna conclúidí uaithe an 22-23 Meitheamh 2017, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach tiomantas an Aontais agus a Bhallstát do Chlár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe, darb aidhm, *inter alia*, a áirithiú go ndéantar na foraoisí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.
- (10) Tá sé tábhachtach gníomhaíocht a dhéanamh d'fhonn dífhoraioisí agus díghrádú foraoise a laghdú agus d'fhonn bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn i dtíortha atá i mbéal forbartha. Sa chomhthéacs sin, sna conclúidí uaithe an 21 Deireadh Fómhair 2009 agus an 14 Deireadh Fómhair 2010, meabhraíodh don Chomhairle cuspóirí an Aontais an dífhoraioisí trópaiceach a laghdú 50 % ar a laghad, i bhfoirm chomhlán, faoin mbliain 2020 i gcomparáid leis na leibhéil atá ann faoi láthair, agus stop a chur le cailteanas cumhdaigh foraoise ar fud an domhain faoi 2030 ar a dhéanaí.
- (11) I gCinneadh Uimh. 529/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, leagtar amach na rialacha cuntasáíochta is infheidhme maidir le hastaíochtaí agus le haistriúcháin ón earnáil LULUCF agus rannchuidíodh ar an gcaoi sin le forbairt na mbeartas a raibh cuimsiú na hearnála LULUCF sa ghealltanais a thug an tAontas maidir le hastaíochtaí a laghdú mar thoradh orthu. Leis an Rialachán seo, ba cheart tógáil ar na rialacha cuntasáíochta atá ann cheana, agus á dtabhairt cothrom le dáta agus á bhfeabhsú don tréimhse ó 2021 go 2030. Leis an Rialachán seo, ba cheart oibleagáidí na mBallstát maidir leis na rialacha cuntasáíochta sin a chur chun feidhme a leagan síos, agus ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a áirithiú nach nginfear glan-astaíochtaí ón earnáil LULUCF fhoriomlán agus go rannchuidítear leis an aidhm atá ann linnte a fheabhsú san fhadtéarma. Níor cheart aon oibleagáidí cuntasáíochta ná tuairiscithe a leagan síos leis an Rialachán do pháirtithe príobháideacha, lena n-áirítear feirmeoirí agus foraoiseoirí.
- (12) Bíonn tionchar díreach suntasach ag earnáil LULUCF, lena n-áirítear talamh talmhaíochta, ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais. Ar an ábhar sin, is cuspóir tábhachtach de chuid na mbeartas sin a mbíonn tionchar acu ar an earnáil sin a áirithiú go mbeidh comhleánúchas ann le cuspóirí straitéis bithéagsúlachta an Aontais. Ba cheart gníomhaíochtaí a dhéanamh d'fhonn gníomhaíochtaí, a bhaineann le maolú agus oiriúnú araon, a chur chun feidhme san earnáil sin, agus d'fhonn tacú leis na gníomhaíochtaí sin, freisin. Ba cheart comhleánúchas a áirithiú idir an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Rialachán seo freisin. Ní mór do gach earnáil a cion féin a dhéanamh i dtaca le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa.
- (13) Is éiceachórais éifeachtacha iad bogaigh le haghaidh stóráil carbóin. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil LULUCF ach bogaigh a chosaint agus a athbhunú. Ba cheart Mionchoigeartú an Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ("IPCC") ar Threoirlínte IPCC 2006 d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa a bhaineann le bogaigh a chur san áireamh sa chomhthéacs sin.
- (14) Tá gá le córas stóinsithe cuntasáíochta chun a áirithiú go rannchuideoidh earnáil LULUCF le laghdú 40 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais agus le sprioc fhadtéarmach Chomhaontú Pháras. Chun cuntais chruinne ar astaíochtaí agus aistriúcháin a chinneadh i gcomhréir le Treoirlínte IPCC 2006 d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa ("Treoirlínte IPCC"), ba cheart na luachanna arna dtuairisciú go bliantúil agus an tiontú idir catagóirí úsáide talún faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ a úsáid le haghaidh catagóirí úsáide talún, chun sruthlíniú a dhéanamh dá réir sin ar an gcur chuige a úsáidtear faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus ar an gcur chuige a úsáidtear faoi Phrótacal Kyoto. Ba cheart a mheas go bhfuil talamh a thiontaítear go catagóir úsáide talún eile le linn bhogadh de réir a chéile chuig an gcatagóir sin ar feadh an luacha réamhshocráithe de 20 bliain dá dtagraítear sna Treoirlínte IPCC. Níor cheart do na Ballstáit a bheith in ann maolú a dhéanamh ar an luach réamhshocráithe sin ach amháin le haghaidh talamh foraoisithe agus é sin féin a dhéanamh in imthosca teoranta lena dtugtar údar maith faoi Threoirlínte IPCC. Athruithe a dhéantar sna Treoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, ba cheart iad a léiriú, mar is iomchúí, sna ceanglais tuairiscithe faoin Rialachán seo.
- (15) Sna Treoirlínte IPCC atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta, sonraítear gur féidir cuntas mar nialas a thabhairt ar dhóchán bithmhaise san earnáil fuinnimh ar an gcoinníoll go dtugtar cuntas ar na hastaíochtaí sin san earnáil LULUCF. San Aontas, tugtar cuntas faoi láthair ar na hastaíochtaí ó dhóchán bithmhaise mar nialas de bhun Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún ⁽³⁾ agus de bhun na bhforálacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 525/2013; dá bhrí sin, ní dhéanfaí comhsheasmhacht le Treoirlínte IPCC a áirithiú ach amháin dá ndéanfaí na hastaíochtaí sin a léiriú go cruinn faoin Rialachán seo.

⁽¹⁾ Cinneadh Uimh. 529/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le rialacha cuntasáíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistriúcháin a bhaineann le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht agus maidir le faisnéis i ndáil le gníomhartha a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin (IO L 165, 18.6.2013, lch. 80).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2012 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 181, 12.7.2012, lch. 30).

- (16) Bíonn astaíochtaí agus aistrithe ó thalamh foraoise ag brath ar roinnt dálaí nádúrtha agus ar thréithe dinimiciúla foraoise a bhaineann le haois, chomh maith le cleachtais bhainistithe ón am a chuaigh thart agus ón am i láthair, ar cleachtais iad a bhfuil an-difear eatarthu i measc na mBallstát. Dá mbainfí úsáid as bonnbhliain, ní bheadh sé indéanta na fachtóirí sin agus na hiarmhairtí timthriallacha ar astaíochtaí agus aistrithe a eascraíonn astu, agus a n-éagsúlacht idirbhliantúil, a léiriú. Ina ionad sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis na rialacha cuntasáiochta ábhartha maidir le húsáid a bhaint as leibhéil thagartha, chun na hiarmhairtí a bhíonn ag thréithe nádúrtha agus ag thréithe a bhaineann go sonrach le tír ar leith a chur as an áireamh. Aon struchtúr foraoise atá míchothrom ó thaobh aoise, ba cheart é a chur san áireamh i leibhéil tagartha foraoise agus níor cheart srian gan chúis a chur ar a dhéine agus a bheidh bainistiú foraoise sa todhchaí, agus chun go bhféadfar linnte carbóin fadtéarmacha a chothabháil nó a neartú. Ós rud é gur cás ar leith é cás stairiúil na Cróite, le leibhéil tagartha foraoise an Bhallstáit sin d'fhéadfaí a chur san áireamh go raibh a críoch faoi fhorghabháil i rith na tréimhse tagartha agus go raibh imthosca ann, le linn an chogaidh agus ina dhiaidh, ag a raibh tionchar ar bhainistiú foraoise. Ba cheart na rialacha cuntasáiochta ábhartha príonsabail bainistithe inbhuanaithe foraoisí arna nglacadh ag na Comhdhála Aoireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip ("Eoraip na bhForaoisí") a chur san áireamh.
- (17) Ba cheart do na Ballstáit pleananna cuntasáiochta maidir le foraoiseacht náisiúnta, lena n-áirítear leibhéil tagartha foraoise a chur faoi bhráid an Choimisiúin. In éagmais an athbhreithnithe idirnáisiúnta faoi UNFCCC nó faoi Phrótocal *Kyoto*, ba cheart nós imeachta um athbhreithniú a bhunú chun trédhearcacht a áirithiú agus chun cáilíocht na cuntasáiochta i gcatagóir na talún foraoiseachta bainistithe a fheabhsú.
- (18) Nuair a dhéanann an Coimisiún measúnú ar na pleananna cuntasáiochta maidir le foraoiseacht náisiúnta, lena n-áirítear na leibhéil tagartha foraoise a mholtar sna pleananna sin, ba cheart dó tógáil ar an dea-chleachtas agus ar an saineolas atá sna hathbhreithnithe saineolacha faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, lena n-áirítear i dtaca le rannpháirtíocht na saineolaithe ó na Ballstáit. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh saineolaithe ó na Ballstáit rannpháirteach sa mheasúnú teicniúil lena ndéanfar amach ar cinneadh na leibhéil tagartha foraoise a mholtar i gcomhréir leis na critéir agus leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart an toradh a bhí ar an measúnú teicniúil a chur ar aghaidh chuig an mBuanchoiste Foraoiseachta a bhunaítear le Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, mar eolas. Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus leis an tsochaí shibhialta freisin. Ba cheart na pleananna cuntasáiochta maidir le foraoiseacht náisiúnta a chur ar fáil go poiblí, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.
- (19) Is féidir le méadú ar úsáid inbhuanaithe táirgí adhmaid lománaithe teorainn shuntasach a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa tríd an iarmhairt ó ionadú, agus aistrithe gás ceaptha teasa ón atmaisféar a fheabhsú. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha cuntasáiochta go léiríonn na Ballstáit go cruinn agus go trédhearcach ina gcuntais LULUCF na hathruithe ar linn carbóin na dtáirgí adhmaid lománaithe nuair a tharlaíonn athruithe den sórt sin, d'fhonn aitheantas a thabhairt agus dreasachtaí a chur ar fáil d'úsáid bhreise na dtáirgí adhmaid lománaithe a bhfuil timthriall saoil fada acu. Ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar ar cheisteanna modheolaíoch a bhaineann le cuntas a thabhairt ar tháirgí adhmaid lománaithe.
- (20) Maidir le suaithheadh nádúrtha, amhaíl falscáithe, fíniú le feithidí nó le galar, imeachtaí anaímsire agus suaithheadh geolaíoch, nach bhfuil smacht, ná tionchar ábhartha, ag Ballstát orthu, is féidir iad a bheith ina siocair le hastaíochtaí gás ceaptha teasa de chineál sealadach san earnáil LULUCF, nó aistrithe a tharla roimhe seo a chur ar gcúl. Toisc gur féidir céimeanna ar gcúl den sórt sin a bheith ann mar thoradh ar chinntí bainistíochta freisin, amhaíl cinní crainn a bhaint nó a chur, ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo go dtugtar léiriú go cruinn i gcónaí sna cuntais LULUCF ar chéimeanna ar gcúl is aistrithe ar cinní daoine is cúis leo. Ina theannta sin, ba cheart don Rialachán féidearthacht theoranta a sholáthar do na Ballstáit gan astaíochtaí ó shuaithheadh nach bhfuil smacht acu air a áireamh ina gcuid cuntas LULUCF. Níor cheart go mbeadh cuntasáiocht easnamhach mhíchúí ann mar thoradh ar an modh lena gcuireann Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm áfach.
- (21) Ag brath ar na sainroghanna náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann beartais leordhóthanach náisiúnta a roghnú chun a gcuid gealltanais i dtaca leis an earnáil LULUCF a bhaint amach, lena n-áirítear an fhéidearthacht astaíochtaí ó chatagóir talún amháin a chothromú le haistrithe ó chatagóir talún eile. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a bheith in ann glan-aistrithe a chnardh in imeacht na tréimhse ó 2021 go 2030. Ba cheart aistrithe chuig Ballstát eile leanúint de bheith ar fáil mar rogha bhreise agus ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leas a bhaint as leithdháilí astaíochtaí bliantúla a bhunaítear de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ i dtaca le comhlíonadh an Rialacháin seo. Ní chuirfidh úsáid solúbthachtaí a leagtar amach sa Rialachán seo as don leibhéil foriomlán uailmhéine maidir le spriocanna laghdaithe gás ceaptha teasa an Aontais.

⁽¹⁾ Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1989 lena mbunaítear Buanchoiste Foraoiseachta (IO L 165, 15.6.1989, lch. 14).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (féach leathanach 26 den Iris Oifigiúil seo).

- (22) De ghnáth, is linnte iad foraoisí a bhainistítear ar bhealach inbhuanaithe, ar linnte iad a rannchuidíonn leis an athrú aeráide a mhaolú. Le linn thréimhse tagartha 2000 go 2009, 372 mhiliún tona de choibhéis CO₂ in aghaidh na bliana don Aontas ina iomláine na haistrithe arna ndéanamh ag aistriú linnte ó thalamh foraoise a tuairiscíodh ar an meán. Ba cheart do na Ballstáit caomhnú agus feabhsú na linnte agus na n-umar, lena n-áirítear foraoisí, mar is iomchuí, a áirithiú, agus é mar aidhm cuspóir Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus na spriocanna uailmhianacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú faoi 2050 a chomhlíonadh.
- (23) Aistrithe ó thalamh foraoise bainistithe, ba cheart cuntas a thabhairt orthu in aghaidh leibhéal tagartha foraoise atá réamhbhreathnaitheach. Ba cheart aistriú réamh-mheasta linnte amach anseo a bheith bunaithe ar eachtarshuí ó na cleachtais i leith bainistiú foraoise agus déine an bhainistithe foraoise le linn thréimhse thagartha. Ba cheart gur mar astaíochtaí a thabharfaí cuntasáocht ar laghdú ar linn le hais an leibhéil tagartha. Ba cheart imthosca sonracha náisiúnta agus cleachtais shonracha náisiúnta, amhail déine lománaithe níos ísle ná mar is gnách nó foraoisí atá ag dul in aois le linn na thréimhse tagartha, a chur san áireamh.
- (24) Ba cheart roinnt solúbthachta a thabhairt do Bhallstáit chun go mbeidh siad in ann a ndéine lománaithe a ardú ar bhonn sealadach i gcomhréir le cleachtais inbhuanaithe maidir le bainistiú foraoise atá i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach i gComhaontú Pháras ar an gcoinníoll nach mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe san earnáil fhoriomlán LULUCF. Le solúbthacht den sórt sin, ba cheart méid bunúsach cúitimh a thabhairt do na Ballstáit uile, agus é sin ríofa ar bhonn tosa cúitimh arna slánú mar chéatadán dá linn tuairiscithe sna blianta ó 2000 go 2009 chun cúiteamh a thabhairt i leith a n-astaíochtaí ó thalamh foraoise bainistithe, ar astaíochtaí ar thug siad cuntas orthu. Ba cheart a áirithiú nach féidir na Ballstáit a chúiteamh ach go dtí an leibhéal nach linnte a bhforaoisí a thuilleadh.
- (25) Bíonn na Ballstáit a bhfuil ardleibhéal cumhdaigh foraoisí iontu i gcomparáid le meán an Aontais agus, go háirithe, Ballstáit is lú a bhfuil ardleibhéal cumhdaigh foraoisí iontu ag brath níos mó ná mar atá Ballstáit eile ar thalamh bainistithe foraoise chun astaíochtaí a chomhardú i gcatagóirí cuntasáochta talún eile, agus mar sin de, a mbeadh tionchar níos mó á imirt orthu siúd agus is teoranta a bheidh an acmhainneacht atá acu a gclúdach foraoise a ardú. Ba cheart, dá bhrí sin, an fachtóir cúitimh a ardú ar bhonn an chláir foraoise agus an limistéir talún ionas go dtabharfaí an fachtóir cúitimh is airde dóibh le linn na thréimhse tagartha do na Ballstáit a bhfuil limistéir talún beag agus cuid mhór clúdach foraoise acu le hais mheán an Aontais.
- (26) Sna conclúidí uathu an 9 Márta 2012, d'aithin an Chomhairle saintréithe na dtíortha a bhfuil foraoisí go forleathan iontu. Baineann na saintréithe sin, go háirithe, leis na deiseanna teoranta cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí agus aistrithe. I bhfianaise í a bheith ar an mBallstát is foraoisí dá bhfuil ann agus saintréithe geografacha ar leith na tíre á gcur san áireamh, tá deacrachtaí suntasacha le sárú ag an bhFionlainn i ndáil leis sin. Dá bhrí sin, ba cheart cúiteamh teoranta breise a dheonú ar an bhFionlainn.
- (27) Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát chun a ngealltanais faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis faoi astaíochtaí agus aistrithe trédhearcach, cruinn, comhsheasmhach, iomlán agus inchomparáide, ba cheart do na Ballstáit na sonraí ábhartha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 maidir le fardal faoi gháis ceaptha teasa a chur ar fáil don Choimisiún, agus ba cheart na sonraí sin a chur sna áireamh sna seiceálacha comhlíontachta faoin Rialachán seo. Má tá sé ar intinn ag Ballstát an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe a chur i bhfeidhm a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart dó an méid cúitimh is rún dó a úsáid a lua sa tuarascáil ar chomhlíonadh.
- (28) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnaimh a thabhairt don Choimisiún, de réir mar is iomchuí i gcomhréir lena chlár oibre bliantúil, leis an gcóras de thuairisciú bliantúil ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa, leis an measúnú ar fhaisnéis maidir le bearta agus bearta agus réamh-mheastacháin náisiúnta, leis an meastóireacht ar bheartais agus bearta breise atá beartaithe, agus leis na seiceálacha ar chomhlíonadh a dhéanann an Coimisiún faoin Rialachán seo.
- (29) Chun foráil a dhéanamh maidir le cuntasáocht iomchuí a dhéanamh ar idirbhearta faoin Rialachán seo, lena n-áirítear solúbthacht a úsáid agus comhlíonadh a rianú, chomh maith le húsáid bhreise na dtáirgí adhmaid lománaithe a bhfuil timthriall saoil fada acu a chur chun cinn, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligeann chuig an gCoimisiún i dtaca le hoiriúnú teicniúil ar shainmhínte, lena n-áirítear na luachanna íosta maidir leis an sainmhíniú ar fhoraoisí, liostaí gás ceaptha teasa agus linnte carbóin, leibhéal tagartha foraoise na mBallstát a leagan síos do na thréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030, faoi seach, catagóirí nua de tháirgí adhmaid lománaithe a chur isteach, athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht agus ar cheanglais faisnéise maidir le suaitheadh nádúrtha chun athruithe i dTreoir IPCC a léiriú, agus cuntasáocht na n-idirbheart trí Chlárlann an Aontais. Na forálacha is gá a bhaineann le cuntasáocht na n-idirbheart, ba cheart iad a bheith in aon ionstraim

amháin ina gcomhcheanglófaí na forálacha cuntasáochta de bhun Threoir 2003/87/CE, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, de bhun Rialachán (AE) 2018/842 de bhun an Rialacháin seo agus de bhun Threoir 2003/87/CE. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁽¹⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmilgthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmilgthe.

- (30) Mar chuid den tuairisciú rialta uaidh faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar thoradh Idirphlé Éascaitheach na bliana 2018 faoi UNFCCC (“idirphlé Talanoa”). Ba cheart an Rialachán seo a athbhreithniú in 2024 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin chun a fheidhmiú foriomlán a mheas. Ba cheart na torthaí ó idirphlé Talanoa agus ón Stocáireamh Domhanda faoi Chomhaontú Pháras a bheith mar bhonn eolais don athbhreithniú. Ba cheart an creat don tréimhse i ndiaidh 2030 a bheith i gcomhréir le cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus leis na gealltanais a rinneadh faoi.
- (31) Chun a áirithiú go bhfuil an tuairisciú agus fíorú ar astaíochtaí agus aistriú gáis ceaptha teasa agus ar aon fhaisnéis eile is gá chun comhlíonadh ghealltanais na mBallstát a mheasúnú éifeachtach, trédhearcach agus costéifeachtach, ba cheart ceanglais maidir le tuairisciú a áireamh i Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.
- (32) Chun sonraí a bhailiú agus an mhodheolaíocht a fheabhsú, ba cheart fardal a dhéanamh, agus tuairisciú a dhéanamh, ar úsáid talún ag baint úsáid as rianú geografach ar gach limistéar talún, a fhreagraíonn do na córais náisiúnta um bailiú sonraí agus do chórais an Aontais um bailiú sonraí. Ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as na cláir agus suirbhéanna atá ag an Aontas agus ag na Ballstáit cheana féin, lena n-áirítear Suirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/úsáid talún (“LUCAS”) agus clár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne (*Copernicus*) agus an córas loingseoireachta satailíte Eorpach (*Galileo*) chun sonraí a bhailiú. Ba cheart don bhainistiú sonraí, lena n-áirítear comhroinnt sonraí le haghaidh tuairiscithe, athúsáide agus scaipthe, bheith ag teacht le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾.
- (33) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a leasú dá réir sin.
- (34) Ba cheart do Chinneadh Uimh. 529/2013/AE maidir leis na hoibleagáidí cuntasáochta agus tuairiscithe leanúint d’fheidhm a bheith aige don tréimhse chuntasáochta ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na tréimhsí cuntasáochta ón 1 Eanáir 2021.
- (35) Ba cheart Cinneadh Uimh. 529/2013/AE a leasú dá réir sin.
- (36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe gealltanais na mBallstát maidir le hearnáil LULUCF a leagan amach, ar gealltanais iad a rannchuidíonn le spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus le sprioc an Aontais astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú don tréimhse ó 2021 go 2030 a chomhlíonadh, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo gealltanais na mBallstát d’earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (“LULUCF”) a rannchuidíonn le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus le sprioc an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach don tréimhse ó 2021 go 2030. Leis an Rialachán seo, leagtar síos freisin na rialacha maidir le cuntasáocht astaíochtaí agus aistriú ó LULUCF agus maidir le seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanais sin i measc na mBallstát.

⁽¹⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d’Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (*INSPIRE*) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

*Airteagal 2***Raon Feidhme**

1. Baineann an Rialachán seo le hastaíochtaí agus aistriú na ngás ceaptha teasa atá liostaithe i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis, mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus a tharlaíonn in aon cheann de na catagóirí cuntasaíochta talún seo a leanas ar chríocha na mBallstát:

(a) Le linn na dtréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030:

(i) "talamh foraoisithe": úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí nó talamh eile, atá tiontaithe go talamh foraoise;

(ii) "talamh dífhoraíochta": úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh foraoise a tiontaíodh go talamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí nó talamh eile;

(iii) "talamh curaíochta bainistithe": úsáid talún a thuairiscítear mar a leanas:

— talamh curaíochta a fhanann mar thalamh curaíochta,

— féarthalamh, bogach, lonnaíocht nó talamh eile a tiontaíodh go talamh curaíochta, nó

— talamh curaíochta a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht nó talamh eile;

(iv) "féarthalamh bainistithe": úsáid talún a thuairiscítear mar a leanas:

— féarthalamh a fhanann mar fhéarthalamh,

— talamh curaíochta, bogach, lonnaíocht nó talamh eile a tiontaíodh go féarthalamh, nó

— féarthalamh a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht nó talamh eile;

(v) "talamh bainistithe foraoise": úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh foraoise a fhanann mar thalamh foraoise;

(b) Amhail ó 2026: "bogach bainistithe": úsáid talún a thuairiscítear mar a leanas:

— bogach a fhanann mar bhogach,

— lonnaíocht nó talamh eile, a tiontaíodh go bogach, nó

— bogach a tiontaíodh go lonnaíocht nó talamh eile.

2. Le linn na tréimhse ó 2021 go 2025, féadfaidh Ballstát a chur san áireamh i raon feidhme a ghealltanais de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo astaíochtaí agus aistriú na ngás ceaptha teasa atá liostaithe i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a thuairiscítear de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, agus a tharlaíonn sa chatagóir chuntasaíochta talún ar a dtugtar bogach bainistithe ar a chríoch. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le hastaíochtaí agus aistriú den sórt sin a chuireann Ballstát san áireamh.

3. I gcás ina mbeidh rún ag Ballstát, de bhun mhír 2, bogach bainistithe a chur san áireamh i raon fheidhme a ghealltanais, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina rún faoin 31 Nollaig 2020.

4. Más gá, i bhfianaise na taithí a fuarthas le linn chur i bhfeidhm Mhionchoigeartú IPCC ar Threoirlínte IPCC 2006, féadfaidh an Coimisiún togra a dhéanamh chun an chuntasaíocht éigeantach do bhogach bainistithe a chur ar atráth ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana.

*Airteagal 3***Sainmhínte**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(1) ciallaíonn "linn" aon phróiseas, gníomhaíocht nó sásra lena n-aistrítear gás ceaptha teasa, aerásól, nó réamhtheachtaí gáis ceaptha teasa ón atmaisféar;

- (2) ciallaíonn “foinse” aon phróiseas, gníomhaíocht nó sásra lena scaoiltear gás ceaptha teasa, aerásól, nó réamhtheachtaí gáis ceaptha teasa isteach san atmaisféar;
- (3) ciallaíonn “linn charbóin” iomlán gné bithgheoiceimicí nó córais bhithgheoiceimicigh, nó cuid de ghné nó de chóras den sórt sin, laistigh de chríoch Ballstáit agus ina stóráiltear carbón, aon réamhtheachtaí gáis ceaptha teasa, nó aon ghás ceaptha teasa ina bhfuil carbón;
- (4) ciallaíonn “stoc carbóin” mais an charbóin atá stóráilte i linn charbóin;
- (5) ciallaíonn “táirge adhmaid lománaithe” aon táirge ó lománaíocht adhmaid a d’fhág suíomh ina lománaítear adhmaid;
- (6) ciallaíonn “foraois” limistéar talún atá sainithe ag na híosluchanna le haghaidh mhéid an limistéir, le haghaidh chumhdach mhullaí na gcrann nó leibhéal stocála coibhéiseach, agus le haghaidh an airde a d’fhéadfadh a bheith ag na crainn agus iad aibí san áit ina bhfuil siad ag fás mar a shonraítear do gach Ballstát in Iarscríbhinn II. Cuimsítear leis limistéir ina bhfuil crainn, lena n-áirítear grúpaí de chrainn óga nádúrtha atá ag fás, nó plandálacha nach bhfuil na híosluchanna do chumhdach mhullaí na gcrann nó leibhéal stocála coibhéiseach nó íos-airde na gcrann mar a shonraítear in Iarscríbhinn II bainte amach acu fós, lena n-áirítear aon limistéar ar cuid den limistéar foraoise é de ghnáth ach nach bhfuil aon chrann ann go sealadach mar thoradh ar idirghabháil dhaonna, amhail lománú, nó mar thoradh ar chúiseanna nádúrtha, ach ar féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh sé foraois arís;
- (7) ciallaíonn “leibhéal tagartha foraoise” meastachán, arna shloinneadh i dtónaí de choibhéis CO₂ in aghaidh na bliana, ar na glan-astaíochtaí nó glan-aistrithe bliantúla ar an meán atá mar thoradh ar thalamh foraoise bainistithe laistigh de chríoch Ballstáit sna tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030, bunaithe ar na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo;
- (8) ciallaíonn “luach leathré” líon na mblianta a thógtar chun méid an charbóin atá stóráilte i gcatagóir táirgí adhmaid lománaithe a laghdú go dtí leath dá luach tosaigh;
- (9) ciallaíonn “suaitheadh nádúrtha” aon teagmhas neamh-antrapaigineach nó aon imthosca neamh-antrapaigineacha lena gcruthaítear astaíochtaí móra i bhforaoisí agus nach bhfuil smacht ag an mBallstát ábhartha orthu, agus nach bhfuil sé ar chumas an Bhallstáit go hoibiachtúil a n-éifeachtaí ar astaíochtaí a theorannú go suntasach, fiú tar éis dóibh tarlú;
- (10) ciallaíonn “ocsaídiú ar an toirt” an modh cuntasáíochta ar dá réir a nglactar leis go scaoiltear isteach san atmaisféar tráth an lománaithe cainníocht iomlán an charbóin atá stóráilte i dtáirgí adhmaid lománaithe.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16, chun na sainmhínte atá i mír 1 den Airteagal seo a leasú nó a scriosadh, nó sainmhínte nua a chur léi, chun an mhír sin a chur in oiriúint d’fhorbairtí eolaíochta nó do dhul chun cinn teicniúil agus chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht idir na sainmhínte sin agus aon athruithe ar na sainmhínte ábhartha i dTreoir IPCC faoi mar a ghlacadh iad ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras.

Airteagal 4

Gealltanais

Do na tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030, agus an tsolúbthacht dá bhforáiltear in Airteagal 12 agus in Airteagal 13 á cur san áireamh, áiritheoidh gach Ballstát nach mó na hastaíochtaí ná na haistrithe, arna ríomh mar shuim na n-astaíochtaí iomlána agus na n-aistrithe iomlána ar a chríoch sna catagóirí cuntasáíochta talún uile dá dtagraítear in Airteagal 2 le chéile, de réir an chuntais i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Rialacha ginearálta cuntasáíochta

1. Ullmhóidh agus coinneoidh gach Ballstát cuntas a léiríonn go cruinn na hastaíochtaí agus na haistrithe a bhíonn ann mar thoradh ar na catagóirí cuntasáíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a gcuid cuntas agus a gcuid sonraí eile a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo cruinn, iomlán, comhsheasmhach, inchomparáide agus trédhearcach. Úsáidfidh na Ballstáit comhartha dearfach (+) le seasamh d’astaíochtaí agus comhartha diúltach (-) le seasamh d’aistrithe.

2. Cuirfidh Ballstáit cosc ar aon áireamh dúbailte i leith astaíochtaí agus aistrithe, go háirithe trína áirithiú nach ndéanfar astaíochtaí ná aistrithe a áireamh faoi níos mó ná catagóir cuntasáíochta talún amháin.
3. Nuair a thiontaítear úsáid talún, déanfaidh Ballstáit, 20 bliain tar éis dáta an tiontaíthe sin, catagóiríú talamh foraoise, talamh curaíochta, féarthalamh, bogach, lonnaíochtaí agus talamh eile ón gcatagóir talún den sórt sin a tiontaíodh go talamh de chineál eile chuig an gcatagóir talún den sórt sin a fhanann mar an cineál céanna talún.
4. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh sna cuntais atá acu do gach catagóir cuntasáíochta talún aon athrú ar stoc carbóin na linnte carbóin atá liostaithe i Roinn B d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh Ballstáit rogha a dhéanamh gan athruithe sna stoic charbóin a chur san áireamh ina gcuid cuntas le haghaidh linnte carbóin ar choinníoll nach bhfuil an linn charbóin ina foinse. Mar sin féin, níl feidhm le bheith ag an rogha sin gan athruithe i stoic charbóin a chur san áireamh sna cuntais i dtaca le linnte carbóin bith-mhaise os cionn na talún, broсна agus táirgí adhmaid lománaithe, sa chatagóir cuntasáíochta talún arb é atá ann talamh foraoise bainistithe.
5. Coinneoidh na Ballstáit taifead iomlán agus cruinn ar na sonraí ar fad a úsáidtear agus a gcuntais á n-ullmhú acu.
6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun Iarscríbhinn I a leasú chun na hathruithe i dTreoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras a léiriú.

Airteagal 6

Cuntas a thabhairt ar thalamh foraoisithe agus ar thalamh dífhoraoisithe

1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar thalamh foraoisithe agus talamh dífhoraoisithe, arb iad na hastaíochtaí iomlána agus na haistrithe iomlána do gach ceann de na blianta sna tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030.
2. De mhaolú ar Airteagal 5(3), i gcás ina ndéantar úsáid talún a thiontú ó thalamh curaíochta, féarthalamh, bogach, lonnaíochtaí nó talamh eile ina talamh foraoise, féadfaidh Ballstát catagóiríú talún den sórt sin ó thalamh a tiontaíodh ina talamh foraoise go dtí talamh foraoise a fhanann mar thalamh foraoise a athrú, 30 bliain tar éis dháta an tiontaíthe sin, má tá údar cuí leis sin ar bhonn Threoirlínte IPCC.
3. Agus astaíochtaí agus aistrithe atá mar thoradh ar thalamh foraoisithe agus talamh dífhoraoisithe á ríomh, cinnfidh gach Ballstát an limistéar foraoise trí úsáid a bhaint as na paraiméadair atá sonraithe in Iarscríbhinn II.

Airteagal 7

Cuntas a thabhairt ar thalamh curaíochta bainistithe, féarthalamh bainistithe agus bogach bainistithe

1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus aistrithe atá mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sna tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.
2. Tabharfaidh gach Ballstát cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sna tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.
3. Le linn na tréimhse ó 2021 go 2025, déanfaidh gach Ballstát a chuireann bogach bainistithe san áireamh i raon feidhme a ghealltanais de bhun Airteagal 2(2), agus le linn na tréimhse ó 2026 go 2030, déanfaidh na Ballstáit uile, cuntas a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe atá mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sna tréimhsí faoi seach lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.

4. Le linn na tréimhse ó 2021 go 2025, na Ballstáit sin a roghnóidh gan bogach bainistithe a chur san áireamh i raon feidhme a ngealltanas de bhun Airteagal 2(2), déanfaidh siad, mar sin féin, tuarascáil a thabhairt don Choimisiún ar na hastaíochtaí agus ar na haistriithe ó úsáid talún a thuairiscítear mar a leanas:

- (a) bogach a fhanann mar bhogach,
- (b) lonnaíocht nó talamh eile, a tiontaíodh go bogach, nó
- (c) bogach a tiontaíodh go lonnaíocht nó talamh eile.

Airteagal 8

Cuntas a thabhairt ar thalamh foraoise bainistithe

1. Tabharfaidh gach Ballstát cuntas ar astaíochtaí agus ar aistriithe atá mar thoradh ar thalamh foraoise bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistriithe sna tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear trí leibhéal tagartha foraoise an Bhallstáit lena mbaineann a iolrú faoi chúig.

2. I gcás ina bhfuil toradh na ríofa dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo diúltach i dtaca le leibhéal tagartha foraoise de chuid Ballstáit, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, glan-aistriithe iomlána nach mó ná coibhéis 3,5 % d'astaíochtaí an Bhallstáit sin ina bhonnbhliain nó ina bhonntréimhse arna sonrú in Iarscríbhinn III, arna iolrú faoi chúig, a chur san áireamh ina chuntais ar thalamh foraoise bainistithe. Glanaistriithe a eascraíonn ó linnte carbóin na dtáirgí broсна agus adhmaid lománaithe, cé is moite den chatagóir pháipéir dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 9(1), i gcatagóir cuntasaióchta talún na talún foraoise bainistithe, ní bheidh na glanaistriithe sin faoi réir an teorannaithe sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit a bplean cuntasaióchta maidir le foraoiseacht náisiúnta, ina mbeidh an leibhéal tagartha foraoise atá beartaithe, a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2018 don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 30 Meitheamh 2023 don tréimhse ó 2026 go 2030. Sa phlean cuntasaióchta maidir le foraoiseacht náisiúnta, beidh gach ceann de na míreanna atá liostaithe i Roinn B d'Iarscríbhinn IV agus cuirfear ar fáil don phobal é, lena n-áirítear tríd an idirlíon.

4. Cinnfidh na Ballstáit a leibhéal tagartha foraoise nua féin bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i Roinn A d'Iarscríbhinn IV. I gcás na Cróite, féadfar a chur san áireamh freisin, ina leibhéal tagartha foraoise, sa bhreis ar na critéir a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn IV, áitiú a críche, agus imthosca cogaidh agus iarchogaidh a raibh tionchar acu ar bhainistiú foraoise i rith na tréimhse tagartha.

5. Bunófar an leibhéal tagartha foraoise ar leanúint ar aghaidh leis an gcleachtas atá ann faoi láthair maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí, mar atá doiciméadaithe sa tréimhse ó 2000 go 2009 ag féachaint do thréithe dinimiciúla foraoise a bhaineann le haois i bhforaoisí náisiúnta, agus leas á bhaint as na sonraí is fearr a bhíonn ar fáil.

Leis na leibhéil tagartha foraoise, mar a chinnfear iad i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, cuirfear san áireamh an tionchar a bheidh amach anseo ag saintréithe dinimiciúla foraoise a bhaineann le haois ionas nach gcuirfear srian míchuí ar an déine bainistíochta foraoise mar chroíghné den chleachtas bainistithe inbhuanaithe foraoise, agus é mar aidhm linnte carbóin fadtéarmacha a chothabháil nó a neartú.

Léireoidh na Ballstáit comhsheasmhacht idir na modhanna agus na sonraí a úsáidtear chun an leibhéal tagartha foraoise atá beartaithe a chinneadh sa phlean cuntasaióchta maidir le foraoiseacht náisiúnta agus iad sin a úsáidtear sa tuairisciú don talamh foraoise bainistithe.

6. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle le saineolaithe a cheapfaidh na Ballstáit, measúnú teicniúil ar na tuarascálacha cuntasaióchta maidir le foraoiseacht náisiúnta a thíolacfaidh na Ballstáit i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid ar cinneadh na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na ceanglais a leagtar amach i mír 4 agus mír 5 den Airteagal seo agus in Airteagal 5(1). Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhoirí agus leis an tsochaí shibhialta freisin. Foilseoidh an Coimisiún achoimre ar an obair atá déanta, lena n-áirítear na tuairimí a chuir na saineolaithe a cheap na Ballstáit in iúl, chomh maith leis na conclúidí a ghabhann leis sin.

Eiseoidh an Coimisiún, más gá, moltaí teicniúla do na Ballstáit ina léireofar conclúidí an mheasúnaithe theicniúil le gur féidir an t-athbhreithniú teicniúil a dhéanamh ar na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe. Foilseoidh an Coimisiún na moltaí teicniúla sin.

7. I gcás inar gá, bunaithe ar na measúnuithe teicniúla agus, i gcás inarb iomchuí, ar na moltaí teicniúla, cuirfidh na Ballstáit a leibhéil tagartha foraoise athbhreithnithe atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2019 don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 30 Meitheamh 2024 don tréimhse ó 2026 go 2030. Foilseoidh an Coimisiún na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe a chuirfidh na Ballstáit in iúl dó.

8. Bunaithe ar na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe a thíolacfaidh na Ballstáit, ar an measúnú teicniúil a dhéanfar de bhun mhír 6 den Airteagal seo agus, i gcás inarb infheidhme, ar an leibhéal tagartha foraoise athbhreithnithe atá beartaithe a thíolacfar faoi mhír 7 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun go leagfar síos na leibhéil tagartha foraoise a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm do na tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030.

9. Mura gcuireann Ballstát a leibhéal tagartha foraoise faoi bhráid an Choimisiúin faoi na dátaí a shonraítear i mír 3 den Airteagal seo agus, más infheidhme, i mír 7 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear Airteagal IV chun go leagfar síos an leibhéal tagartha foraoise a chuirfidh an Ballstát sin i bhfeidhm don tréimhse ó 2021 go 2025 nó don tréimhse ó 2026 go 2030, bunaithe ar aon mheasúnú teicniúil arna dhéanamh de bhun mhír 6 den Airteagal seo.

10. Glacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 8 agus mír 9 faoin 31 Deireadh Fómhair 2020 don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 30 Aibreán 2025 don tréimhse ó 2026 go 2030.

11. Chun comhsheasmhacht, dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, a áirithiú, cuirfidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, ceartúcháin teicniúla, nach n-éilítear leasuithe ar na gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun mhír 8 nó 9 den Airteagal seo roimhe seo leo, faoi bhráid an Choimisiúin, faoi na dátaí dá dtagraítear in Airteagal 14(1).

Airteagal 9

Cuntasaíocht le haghaidh táirgí adhmaid lománaithe

1. I gcomhréir leis na cuntais a sholáthraítear de bhun Airteagal 6(1) agus Airteagal 8(1) a bhaineann le táirgí adhmaid lománaithe, léireoidh Ballstáit astaíochtaí agus aistrithe mar thoradh ar linn charbóin na dtáirgí adhmaid lománaithe a thagann laistigh de na catagóirí seo a leanas ag baint úsáid as an bhfeidhm lobhadh chéad ord, na modheolaíochtaí agus na luachanna leathré mainneachtana a shonraítear in Iarscríbhinn V:

(a) páipéar;

(b) painéil adhmaid;

(c) adhmaid sáfa.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun mír 1 den Airteagal seo agus chun Iarscríbhinn V a leasú trí chatagóirí nua de tháirgí adhmaid lománaithe a chur isteach a bhfuil éifeacht ceaptha carbóin acu, bunaithe ar Threoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, agus tríd an tsláine chomhshaoil a ráthú.

3. Féadfaidh na Ballstáit na táirgí atá bunaithe ar ábhar adhmaid, lena n-áirítear coirt, a shonrú a thagann laistigh de na catagóirí atá ann cheana agus de na catagóirí nua dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, faoi seach, bunaithe ar Threoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, agus ar choinníoll go mbeidh na sonraí a bheidh ar fáil trédhearcach agus infhíoraithe.

Airteagal 10

Cuntasaíocht maidir le suaitheadh nádúrtha

1. Ag deireadh gach ceann de na tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030, féadfaidh Ballstáit gan astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar shuaitheadh nádúrtha agus a sháraíonn na meán-astaíochtaí arna gcruthú ag suaitheadh nádúrtha sa tréimhse ó 2001 go 2020, ná asluitigh staidrimh (“leibhéal cúlra”), a áireamh ina gcuid cuntas le haghaidh talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe. Ríomhfar an leibhéal cúlra sin i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinn VI.

2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát mír 1 i bhfeidhm, déanfaidh sé an méid a leanas:
- cuirfidh sé faisnéis faoin leibhéal cúlra do na catagóirí cuntasaoíochta talún dá dtagraítear i mír 1 agus faoi na sonraí agus na modheolaíochtaí a úsáideadh i gcomhréir le hlarscríbhinn VI faoi bhráid an Choimisiúin; agus
 - ní áireoidh sé gach aistriú ina dhiaidh sin ar an talamh a raibh tionchar ag suaitheadh nádúrtha air sa chuntasaoíocht go dtí 2030.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun larscríbhinn VI a leasú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht agus ar na ceanglais faisnéise atá san larscríbhinn sin, chun na hathruithe i dTreoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras a léiriú.

Airteagal 11

Solúbthachtaí

1. Féadfaidh Ballstát leas a bhaint as:
- na solúbthachtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 12; agus
 - chun an ceanglas in Airteagal 4 a chomhlíonadh, an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe a leagtar amach in Airteagal 13.
2. Mura bhfuil na ceanglais maidir le faireachán a leagtar síos i bpointe (da d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 á gcomhlíonadh ag Ballstát, cuirfidh an Riarthóir Lárnach atá ainmnithe faoi Airteagal 20 de Threoir 2003/87/CE (“an Riarthóir Lárnach”) toirmeasc sealadach ar an mBallstát sin aistriú nó cur i dtaisce a dhéanamh de bhun Airteagal 12(2) agus (3) den Rialachán seo nó leas a bhaint as an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe de bhun Airteagal 13 den Rialachán seo.

Airteagal 12

Solúbthachtaí ginearálta

1. I gcás inar mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe iomlána i mBallstát, agus gur roghnaigh an Ballstát sin a sholúbthacht a úsáid, agus gur iarr sé na leithdháiltí bliantúla astaíochta faoi Rialachán (AE) 2018/842 a scriosadh, cuirfear chainníocht na leithdháiltí bliantúla astaíochta a scriosadh san áireamh i dtaca lena ghealltanais a bheith á chomhlíonadh ag an mBallstát de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo.
2. Sa mhéid gur mó na haistrithe iomlána ná na hastaíochtaí iomlána i mBallstát agus tar éis aon chainníocht arna cur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842, féadfaidh an Ballstát sin an chainníocht atá fágtha a aistriú chuig Ballstát eile. Cuirfear an chainníocht arna haistriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar a ghealltanais a bheith á chomhlíonadh ag an mBallstát a fhaigheann í de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo.
3. Sa mhéid gur mó na haistrithe iomlána ná na hastaíochtaí iomlána i mBallstát sa tréimhse ó 2021 go 2025, agus tar éis aon chainníocht arna cur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842 a dhealú nó arna haistriú chuig Ballstát eile de bhun mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát sin taisce a dhéanamh den chainníocht atá fágtha don tréimhse ó 2026 go 2030.
4. Chun an t-áireamh dúbailte a sheachaint, déanfar cainníocht na nglan-aistrithe arna gcur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842 a dhealú ón gcainníocht atá ar fáil ag an mBallstát sin le haistriú chuig Ballstát eile nó le taisce a dhéanamh di de bhun mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo.

Airteagal 13

Solúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe

1. I gcás gur mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe iomlána i mBallstát sna catagóirí cuntasaoíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2, a dtugtar cuntas orthu i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh an Ballstát sin leas a bhaint as an tsolúbthacht a leagtar amach san Airteagal seo maidir le talamh foraoise bainistithe chun Airteagal 4 a chomhlíonadh.

2. I gcás inar figiúr dearfach a bheidh ar an ríomh dá dtagraítear in Airteagal 8(1), beidh an Ballstát lena mbaineann i dteideal na hastaíochtaí sin a chúiteamh ar an gcoinníoll:

- (a) gur áirigh an Ballstát bearta sonracha pleanáilte, atá á ndéanamh faoi láthair nó atá beartaithe, ina straitéis, a thíolactar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na humair foraoise; agus
- (b) nach mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe iomlána sna catagóirí cuntasaoíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo don tréimhse a bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát an cúiteamh a úsáid ina leith. Agus measúnú á dhéanamh aige an mó iomlán na n-astaíochtaí ná iomlán na n-aistrithe laistigh den Aontas, áiritheoidh an Coimisiún go seachnóidh na Ballstáit an comhaireamh dúbailte, go háirithe agus na solúbthachtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2018/842. á bhfeidhmiú.

3. Maidir leis an méid cúitimh, ní fhéadfaidh an Ballstát lena mbaineann cúiteamh a dhéanamh ach amháin:

- (a) i gcás linnte ar a dtugtar cuntas mar astaíochtaí in aghaidh a leibhéil tagartha foraoise; agus
- (b) suas go dtí an méid uasta cúitimh don Bhallstát sin a leagtar amach in Iarscríbhinn VII don tréimhse ó 2021 go 2030 agus go dtí an méid sin amháin.

4. Féadfaidh an Fhionlainn astaíochtaí arb ionann agus 10 milliún tona de choibhéis CO₂ a chúiteamh ar choinníoll go gcomhlíonann sé na coinníollacha a liostaítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 2.

Airteagal 14

Comhlíonadh a sheiceáil

1. Faoi 15 Márta 2027 don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoi 15 Márta 2032 don tréimhse ó 2026 go 2030, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil maidir le comhlíonadh faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh iarmhéid na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe iomlána don tréimhse ábhartha ar gach ceann de na catagóirí cuntasaoíochta talún a shonraítear in Airteagal 2, ag úsáid na rialacha cuntasaoíochta a leagtar síos sa Rialachán seo.

I gcás inarb iomchuí, beidh i dtuarascáil den sórt sin freisin sonraí faoin rún atá ann na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 agus na méideanna gaolmhara a úsáid nó faoi úsáid solúbthachtaí agus méideanna gaolmhara den sórt sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na tuarascálacha ar chomhlíonadh, a sholáthraítear faoi mhír 1 den Airteagal seo chun críocha measúnaithe ar chomhlíonadh le hAirteagal 4.

3. Ullmhóidh an Coimisiún in 2027 tuarascáil, don tréimhse ó 2021 go 2025, agus in 2032, don tréimhse ó 2026 go 2030, ar astaíochtaí iomlána agus aistrithe iomlána gás ceaptha teasa an Aontais i gcás gach ceann de na catagóirí cuntasaoíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2 arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe tuairiscithe iomlána don tréimhse lúide an luach a fhaightear trí astaíochtaí agus aistrithe tuairiscithe bliantúla an Aontais ar an meán sa tréimhse ó 2000 go 2009 a iolrú faoi chúig.

4. Tabharfaidh an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnaimh don Choimisiún chun an creat maidir le faireachán agus comhlíonadh dá bhforáiltear san Airteagal seo a chur chun feidhme, i gcomhréir lena chlár oibre bliantúil.

Airteagal 15

Clárlann

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmcligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na rialacha a leagan síos maidir le taifead a choinneáil ar chainníocht na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe do gach catagóir cuntasaoíochta talún i ngach Ballstát agus chun a áirithiú gur cuntasaoíocht chruinn a bheidh á déanamh agus an tsolúbthacht á feidhmiú de bhun Airteagal 12 agus Airteagal 13 den Rialachán seo trí Chlárlann an Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

2. Déanfaidh an Riarthóir Lárnach seiceáil uathoibríthe ar gach idirbheart faoin Rialachán seo agus, más gá, cuirfidh sé cosc ar idirbhearta chun a áirithiú nach mbíonn aon neamhrialtachtaí ann.
3. Beidh rochtain ag an bpobal ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2.

Airteagal 16

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 5(6), 8(8) agus (9), 9(2), 10(3) agus 15(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 9 Iúil 2018. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 5(6), 8(8) agus (9), 9(2), 10(3) agus 15(1), féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an cinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. Roimh ghníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.
6. Maidir le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagail 3(2), 5(6), 8(8) agus (9), 9(2), 10(3) agus 15(1), ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach i gcás nach mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 17

Athbhreithniú

1. Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo, agus, *inter alia*, forbairtí idirnáisiúnta agus na hiarrachtaí a dhéantar le cuspoirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras á gcur san áireamh.

Bunaithe ar na torthaí ón tuarascáil a ullmhaítear de bhun Airteagal 14(3) agus ar an toradh a bheidh ar an measúnú a dhéanfar de bhun phointe (b) d'Airteagal 13(2), déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, moltaí chun a áirithiú go n-urramófar sláine sprioc fhoriomlán an Aontais do 2030 maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus a rannchuidiú le spriocanna Chomhaontú Pháras.

2. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle laistigh de 6 mhí tar éis gach stocáireamh domhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, measúnú ar thionchair na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11, chomh maith le rannchuidiú an Rialacháin seo le gnóthú sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030 agus maidir leis an méid atá sé a chur le gnóthú spriocanna Chomhaontú Pháras, go háirithe maidir leis an ngá atá le beartais bhreise agus bearta breise ón Aontas, lena n-áirítear creat iar-2030, ag féachaint don mhéadú is gá a dhéanamh ar laghduithe agus aistrithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas, agus déanfaidh sé tograí más iomchuí.

Airteagal 18

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 525/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 7, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(da) amhail ó 2023, a n-astaíochtaí agus a n-aistrithe arna gcumhdach faoi Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a shonraítear in Iarscríbhinn IIIa a ghabhann leis an Rialachán seo;

(*) Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156 an 19 Meitheamh 2018, Ich 1.);”

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Féadfaidh Ballstát a iarraidh go ndeonófar maolú ó phointe (da) den chéad fhomhír chun modheolaíocht eile seachas an ceann a shonraítear in Iarscríbhinn IIIa a chur i bhfeidhm dó i gcás nach bhféadfar an feabhas ar an modheolaíocht atá de dhíth a bhaint amach in am chun an feabhsú a chur san áireamh sna fardail ar gháis cheaptha teasa don tréimhse ó 2021 go 2030, nó i gcás go mbeadh costas díréireach ard ag baint leis an bhfeabhsú ar an modheolaíocht i gcomparáid le modheolaíocht den sórt sin a chur i bhfeidhm chun an cuntas a thugtar ar astaíochtaí agus ar aistrithe a fheabhsú i ngeall ar an tábhacht íseal atá ag na hastaíochtaí agus aistrithe ó na linnte carbóin lena mbaineann. Cuirfidh Ballstáit ar mian leo leas a bhaint as an maolú seo iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2020, ina dtabharfar an amlíne le fios don uair a fhéadfar an feabhas ar an modheolaíocht agus/nó an mhodheolaíocht mhalartach atá beartaithe a chur chun feidhme, maille le measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtaca le cruinneas na cuntasíochta. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go gcuirfí faisnéis bhreise faoina bhráid laistigh de thréimhse ama réasúnta shonraithe. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt leis an iarraidh, deonóidh sé an maolú. Má dhiúltaíonn an Coimisiún don iarraidh, tabharfaidh an Coimisiún na cúiseanna a bhí lena chinneadh.”

(2) I bpointe (c) d'Airteagal 13(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(viii) amhail ó 2023, faisnéis faoi bheartais náisiúnta agus faoi bhearta náisiúnta a cuireadh chun feidhme chun a n-obleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/841 agus faisnéis faoi bheartais náisiúnta bhreise agus bearta náisiúnta breise atá pleanáilte d'fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa a theorannú, nó linnte a fheabhsú, sa bhreis ar a ngealltanais faoin Rialachán sin;”

(3) In Airteagal 14(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(ba) amhail ó 2023, réamh-mheastacháin ar gháis cheaptha teasa iomlána agus meastacháin ar leithligh do na hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa atá réamh-mheasta a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2018/841”.

(4) Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas isteach:

“IARSCRÍBHINN IIIA

Modheolaíochtaí don fhaireachán agus don tuairisciú dá dtagraítear i bpointe (da) d'Airteagal 7(1)

Cur chuige 3: Sonraí ar thiontuíthe úsáide talún bunaithe go sainráite ar thíreolaíocht i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

Modheolaíochtaí Leibhéal 1 i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

I gcás astaíochtaí agus aistriúcháin do linn charbóin arb ionann í agus 25-30 % ar a laghad d'astaíochtaí nó d'aistriúcháin i bhfoinse nó i gcatagóir linnte a dtugtar tosaíocht di laistigh de chóras náisiúnta fardail de chuid Ballstáit toisc go bhfuil tionchar suntasach ag an meastachán a dhéantar uirthi ar fhardal iomlán tíre de gháis cheaptha teasa i dtéarmaí dearbh-leibhéal astaíochtaí agus aistriúcháin, an treocht maidir le hastaíochtaí nó le haistriúcháin, nó an neamhchinnteacht sna hastaíochtaí agus sna haistriúcháin sna catagóirí úsáide talún, modheolaíocht Leibhéal 2 ar a laghad i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

Moltar do na Ballstáit modheolaíocht Leibhéal 3 a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.”.

Airteagal 19

Leasú ar Chinneadh Uimh. 529/2013/AE

Leasaítear Cinneadh Uimh. 529/2013/AE mar a leanas:

- (1) In Airteagal 3(2), scriostar an chéad fhomhír.
- (2) In Airteagal 6, scriostar mír 4.

Airteagal 20

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 30 Bealtaine 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. PAVLOVA

IARSCRÍBHINN I

GÁIS CHEAPTHA TEASA AGUS LINNTE CARBÓIN

A. Gáis cheaptha teasa dá dtagraítear in Airteagal 2:

- (a) dé-ocsaíd charbóin (CO₂);
- (b) meatán (CH₄);
- (c) ocsaíd nítriúil (N₂O)

Maidir leis na gáis cheaptha teasa sin, déanfar iad a shloinneadh i dtéarmaí tonnaí de choibhéis CO₂ agus déanfar iad a chinneadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

B. Linnthe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 5(4):

- (a) bithmhais os cionn na talún;
 - (b) bithmhais faoin talamh;
 - (c) bruscar;
 - (d) broсна;
 - (e) carbón orgánach ithreach;
 - (f) táirgí adhmaid lománaithe i gcatagóirí cuntasáiochta talún de talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe.
-

IARSCRÍBHINN II

ÍOSLUACHANNA LE HAGHAIDH MHÉID AN LIMISTÉIR, CUMHDACH MHULLAÍ NA gCRANN AGUS AIRDE CRANN

An Ballstát	Limistéar (ha)	Cumhdach Mhullaí na gCrann (%)	Airde Crann (m)
An Bheilg	0,5	20	5
An Bhulgáir	0,1	10	5
Poblacht na Seice	0,05	30	2
An Danmhairg	0,5	10	5
An Ghearmáin	0,1	10	5
An Eastóin	0,5	30	2
Éire	0,1	20	5
An Ghréig	0,3	25	2
An Spáinn	1,0	20	3
An Fhrainc	0,5	10	5
An Chróit	0,1	10	2
An Iodáil	0,5	10	5
An Chipir	0,3	10	5
An Laitvia	0,1	20	5
An Liotuáin	0,1	30	5
Lucsamburg	0,5	10	5
An Ungáir	0,5	30	5
Málta	1,0	30	5
An Ísiltír	0,5	20	5
An Ostair	0,05	30	2
An Pholainn	0,1	10	2
An Phortaingéil	1,0	10	5
An Rómáin	0,25	10	5
An tSlóivéin	0,25	30	2
An tSlóvaic	0,3	20	5
An Fhionlainn	0,5	10	5
An tSualainn	0,5	10	5
An Ríocht Aontaithe	0,1	20	2

IARSCRÍBHINN III

AN BHONNBHLIAIN NÓ AN BHONNTRÉIMHSE CHUN AN UASTEORAINN DE BHUN AIRTEAGAL 8(2) A RÍOMH

An Ballstát	Bonnbhliain/Bonntréimhse
An Bheilg	1990
An Bhulgáir	1988
An Chróit	1990
Poblacht na Seice	1990
An Danmhairg	1990
An Ghearmáin	1990
An Eastóin	1990
Éire	1990
An Ghréig	1990
An Spáinn	1990
An Fhrainc	1990
An Iodáil	1990
An Chipir	1990
An Laitvia	1990
An Liotuáin	1990
Lucsamburg	1990
An Ungáir	1985-87
Málta	1990
An Ísiltír	1990
An Ostair	1990
An Pholainn	1988
An Phortaingéil	1990
An Rómáin	1989
An tSlóivéin	1986
An tSlóvaic	1990
An Fhionlainn	1990
An tSualainn	1990
An Ríocht Aontaithe	1990

IARSCRÍBHINN IV

PLEAN CUNTASAÍOCHTA MAIDIR LE FORAOISEACHT NÁISIÚNTA INA bhFUIL LEIBHÉAL TAGARtha FORAOISE DE CHUID BALLSTÁIT

A. Critéir agus treoir lena gcinntear an leibhéal tagartha foraoise

Déanfar leibhéal tagartha foraoise de chuid Ballstáit a chinneadh i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

- (a) beidh an leibhéal tagartha ag teacht leis an sprioc atá ann cothromaíocht a bhaint amach sa dara leath den chéad seo idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte gás ceaptha teasa, lena n-áirítear maidir le feabhas a chur ar aistriú féideartha na stoc foraoise atá ag dul in aois agus a bhféadfaidh meath teacht ar linnte de réir a chéile mura ndéanfar amhlaidh;
- (b) leis an leibhéal tagartha, áiríteofar nach ndéanfar stoic charbóin a bheith ann, agus an méid sin amháin, a áireamh sa phróiseas cuntasaióchta;
- (c) i ngeall ar an leibhéal tagartha, ba cheart go n-áiríteofaí go bhfuil córas cuntasaióchta ann atá daingean agus inchreidte a áirithíonn go ndéantar tuairisc iomchuí ar astaíochtaí agus ar aistrithe mar thoradh ar úsáid bhithmhaise;
- (d) an leibhéal tagartha, áireofar linn charbóin na dtáirgí adhmaid lománaithe agus, ar an gcaoi sin, féadfar comparáid a dhéanamh idir glacadh leis an hipitéis den ocsaídú ar an toirt agus cur i bhfeidhm na feidhme lobhadh chéad ord agus luachanna leathré;
- (e) glacfar le cóimheas seasta idir úsáid sholadach agus úsáid fhuinniúil a bhaint as bithmhais fhoraoise mar atá doiciméadaithe sa tréimhse ó 2000 go 2009;
- (f) ba cheart don leibhéal tagartha a bheith comhsheasmhach leis an sprioc maidir le cuidiú leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní nádúrtha, mar a leagtar amach i straitéis foraoise an Aontais, i mbeartais náisiúnta foraoiseachta na mBallstát, agus i straitéis bithéagsúlachta an Aontais;
- (g) beidh an leibhéal tagartha ag teacht leis na réamh-mheastacháin náisiúnta ar astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte a thuariscítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013;
- (h) beidh an leibhéal tagartha ag teacht le fardail náisiúnta ghás ceaptha teasa agus le sonraí stairiúla ábhartha agus beidh siad bunaithe ar fhaisnéis atá trédhearcach, iomlán, comhsheasmhach, inchomparáide agus cruinn. Go sonrach, beifear in ann an tsamhail a úsáidtear chun an leibhéal tagartha a chur ar bun a úsáid chun sonraí stairiúla a ghiniúint ón bhFardal Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

B. Eilimintí den phlean cuntasaióchta maidir le foraoiseacht náisiúnta

Beidh na heilimintí seo a leanas sa phlean cuntasaióchta maidir le foraoiseacht náisiúnta a thíolactar de bhun Airteagal 8:

- (a) tuairisc ghinearálta faoi chinneadh an leibhéil tagartha foraoise agus tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na critéir sa Rialachán seo;
- (b) liosta de na linnte carbóin agus de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a áiríodh sa leibhéal tagartha foraoise, na fáthanna ar fágadh linn charbóin ar lár ó chinneadh an leibhéil tagartha foraoise, agus léiriú ar an gcomhsheasmhacht idir na linnte carbóin a áirítear sa leibhéal tagartha foraoise;
- (c) tuairisc ar an gcur chuige, ar na modhanna agus ar na samhlacha, lena n-áirítear faisnéis chainníochtúil, a úsáidtear chun an leibhéal tagartha foraoise a chinneadh, atá comhsheasmhach leis an tuarascáil náisiúnta fardail is déanaí a tíolacadh, agus tuairisc ar fhaisnéis dhoiciméadach maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoise ó thaobh cleachtas agus déine de agus ar na beartais náisiúnta a glacadh;
- (d) faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh forbairt ar rátaí saothraithe foraoise faoi chásanna éagsúla beartais;

- (e) tuairisc ar an gcaoi a ndearnadh gach ceann de na heilimintí seo a leanas a mheas agus an leibhéal tagartha foraoise á chinneadh:
- (i) an limistéar faoi bhainistiú foraoise;
 - (ii) astaíochtaí agus aistriúcháin ó fhoraoisí agus ó tháirgí adhmaid lománaithe a léirítear i bhfardail ghás ceaptha teasa agus sonraí stairiúla ábhartha;
 - (iii) saintréithe foraoise, lena n-áirítear tréithe dinimiciúla foraoisí a bhaineann le haois, incrimintí, fad uainíochta agus aon fhaisnéis eile maidir le gníomhaíochtaí bainistithe foraoise faoin rúibric “an scéal a fhágáil mar atá”;
 - (iv) rátaí saothraithe stairiúla agus todhchaí imdhealaithe idir úsáidí fuinnimh agus úsáidí neamhfhuinnimh.
-

IARSCRÍBHINN V

FEIDHM LOBHADH CHÉAD ORD, MODHEOLAÍOCHTAÍ AGUS LUACHANNA LEATHRÉ MAINNEACTANA LE HAGHAIDH TÁIRGÍ ADHMAID LOMÁNAITHE

Ceisteanna modheolaíocha

- Mura féidir táirgí adhmaid lománaithe a dhealú sna catagóirí úsáide talún arb iad talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe, féadfaidh Ballstát roghnú glacadh leis gur ar thalamh foraoise bainistithe a tharla na hastaíochtaí agus na haistrithe ar fad agus na táirgí adhmaid lománaithe a áireamh sna cuntais.
- Is ar bhonn ocsaídiú ar an toirt a dhéanfar cuntas ar tháirgí adhmaid lománaithe i láithreán le haghaidh diúscairt dramhaíola soladaí agus ar tháirgí adhmaid lománaithe a ndearnadh iad a lománú chun críocha fuinnimh.
- Ní thabharfaidh an Ballstát allmhairithe cuntas ar tháirgí adhmaid lománaithe allmhairithe, is cuma faoina n-áit tionscnaimh (“cur chuige an táirgthe”).
- Maidir le táirgí adhmaid lománaithe onnmhairithe, tagraíonn sonraí atá sonrach do thír faoi leith do luachanna leathré atá sonrach do thír faoi leith agus don úsáid a bhaintear as táirgí adhmaid lománaithe sa tír allmhairithe.
- I gcás luachanna leathré atá sonrach do thír faoi leith maidir le táirgí adhmaid lománaithe a chuirtear ar an margadh san Aontas, níor cheart go ndiallfaidís na luachanna leathré atá in úsáid ag an mBallstát allmhairithe.
- Féadfaidh na Ballstáit, chun críocha faisnéise amháin, sonraí a sholáthar ina gcuid aighneachtaí maidir le sciar an adhmaid as ar baineadh úsáid chun críocha fuinnimh agus a onnmharaíodh ó áit lasmuigh den Aontas, mar aon le sonraí maidir le tíortha tionscnaimh adhmaid den sórt sin.

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as modheolaíochtaí agus as luachanna leathré atá sonrach do thír ar leith in ionad na modheolaíochtaí agus na luachanna leathré mainneachtana a shonraítear san Iarscríbhinn seo ar an gcoinníoll go gcinnfear na modheolaíochtaí agus na luachanna sin ar bhonn sonraí atá trédhearcach agus infhíoraithe agus ar an gcoinníoll go mbeidh na modheolaíochtaí a mbaintear úsáid astu chomh sonrach ar a laghad agus chomh beacht ar a laghad is atá siad siúd a shonraítear san Iarscríbhinn seo.

Na luachanna leathré mainneachtana:

Ciallaíonn “luach leathré” líon na mblianta a thógtar chun méid an charbóin atá stóráilte i gcatagóir táirgí adhmaid lománaithe a laghdú go dtí leath dá luach tosaigh.

Is mar a leanas a bheidh na luachanna leathré mainneachtana:

- (a) 2 bhliain do pháipéar;
- (b) 25 bliana do phainéil adhmaid;
- (c) 35 bliana d’adhmaid sáfa.

Féadfaidh na Ballstáit na táirgí atá bunaithe ar ábhar adhmaid, lena n-áirítear coirt, a thagann laistigh de na catagóirí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) thuas, a shonrú, bunaithe ar Threoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, ar choinníoll go mbeidh na sonraí a bheidh ar fáil trédhearcach agus infhíoraithe. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint freisin as ceann ar bith de na catagóirí sin ar fochatagóirí iad atá sonrach do thír faoi leith.

IARSCRÍBHINN VI

LEIBHÉIL CHÚLRA I gCÁS SUAITHEADH NÁDÚRTHA A RÍOMH

1. Maidir le ríomh an leibhéil chúlra, soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) leibhéil stairiúla astaíochtaí mar thoradh ar shuaitheadh nádúrtha;
 - (b) cineál nó cineálacha an tsuaite nádúrtha a áirítear sa mheastachán;
 - (c) meastachán ar astaíochtaí iomlána bliantúla maidir leis na cineálacha sin de shuaitheadh nádúrtha don tréimhse ó 2001 go 2020, agus iad liostaithe de réir catagóirí cuntasáíochta talún;
 - (d) léiriú ar chomhsheasmhacht amshraitheanna sna paraiméadair uile ábhartha, lena n-áirítear íosachar, modheolaíochtaí chun astaíochtaí a mheas, cumhdach na linnte carbóin agus gás.
2. Déantar an leibhéal cúlra a ríomh mar mheán na hamsraithe 2001-2020 ach gan na blianta ar fad ar ina leith a rinneadh leibhéal mhínormálta astaíochtaí a thaifeadadh a áireamh, i.e. gan na hasluitigh uile staidrimh a áireamh. Déanfar na hasluitigh staidrimh a shainathint mar a leanas:
 - (a) déantar an luach meánach uimhríochta agus diall caighdeánach na hamsraithe iomláine 2001-2020 a ríomh;
 - (b) ní dhéantar na blianta uile a bhfuil na hastaíochtaí bliantúla ina leith lasmuigh de dhá oiread dhiall caighdeánach an mheáin a áireamh san amshraith;
 - (c) déantar ríomh arís ar an luach meánach uimhríochta agus ar dhiall caighdeánach na hamsraithe iomláine 2001-2020, lúide na blianta nár áiríodh i bpointe (b);
 - (d) déan pointí (b) agus (c) arís go dtí nach féidir aon asluitigh a shainathint.
3. Tar éis an leibhéal cúlra a ríomh de bhun phointe 2 den Iarscríbhinn seo, má sháraíonn na hastaíochtaí i mbliain ar leith sna tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030 an leibhéal cúlra móide corrlach, féadfar gan méid na n-astaíochtaí a sháraíonn an leibhéal cúlra a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 10. Beidh an corrlach cothrom le leibhéal dóchúlachta 95 %.
4. Ní fhéadfar gan na hastaíochtaí seo a leanas a áireamh:
 - (a) astaíochtaí a bhí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí saothraithe foraoise agus ar ghníomhaíochtaí lománaíochta tarrthála a rinneadh ar na tailte sin tar éis don suaitheadh nádúrtha tarlú;
 - (b) astaíochtaí a bhí mar thoradh ar loscadh forordaithe a rinneadh ar na tailte sin in aon bhliain den tréimhse ó 2021 go 2025 nó ó 2026 go 2030;
 - (c) astaíochtaí ar thailte a bhí faoi réir dífhoraíochtaí tar éis don suaitheadh nádúrtha tarlú.
5. I measc na gceanglas faisnéise de bhun Airteagal 10(2), áirítear iad seo a leanas:
 - (a) sainathint a dhéanamh ar na limistéir uile talún a raibh éifeacht orthu ag suaitheadh nádúrtha sa bhliain áirithe sin, lena n-áirítear suíomh geografach na limistéar sin, an tréimhse inar tharla an suaitheadh nádúrtha agus an cineál suaite a bhí ann;
 - (b) fianaise nach ndearnadh aon dhífhoraíochtaí le linn an chuid eile den tréimhse ó 2021 go 2025 nó ó 2026 go 2030 ar thailte a raibh éifeacht orthu ag suaitheadh nádúrtha agus nár áiríodh sa chuntasaíocht;

- (c) tuairisc ar na modhanna infhíoraithe agus ar na critéir a mbainfear úsáid astu chun dífhoraóisiú ar na tailte sin a shaináithint sna blianta i ndiaidh na dtréimhsí ó 2021 go 2025 nó ó 2026 go 2030;
 - (d) i gcás inar féidir sin a dhéanamh, tuairisc ar na bearta a rinne an Ballstát chun éifeacht an tsuaite nádúrtha sin a chosc nó a theorannú;
 - (e) i gcás inar féidir sin a dhéanamh, tuairisc ar na bearta a rinne an Ballstát chun na tailte a raibh éifeacht ag an suaitheadh nádúrtha sin orthu a athshlánú.
-

IARSCRÍBHINN VII

MÉID UASTA AN CHÚITIMH ATÁ AR FÁIL FAOIN TSOLÚBTHACHT TALÚN FORAOISE BAINISTITHE DÁ DTAGRAÍTEAR I bPOINTE (B) D'AIRTEAGAL 13(3)

An Ballstát	Na haistrithe arna ndéanamh ag aistriú linnte ó thalamh foraoise a tuairiscíodh ar an meán ó 2000 go 2009 i milliún tona de choibhéis CO ₂ in aghaidh na bliana	Teorainn an chúitimh arna sloinneadh i milliún tona de choibhéis CO ₂ don tréimhse ó 2021 go 2030
An Bheilg	- 3,61	- 2,2
An Bhulgáir	- 9,31	- 5,6
Poblacht na Seice	- 5,14	- 3,1
An Danmhairg	- 0,56	- 0,1
An Ghearmáin	- 45,94	- 27,6
An Eastóin	- 3,07	- 9,8
Éire	- 0,85	- 0,2
An Ghréig	- 1,75	- 1,0
An Spáinn	- 26,51	- 15,9
An Fhrainc	- 51,23	- 61,5
An Chróit	- 8,04	- 9,6
An Iodáil	- 24,17	- 14,5
An Chipir	- 0,15	- 0,03
An Laitvia	- 8,01	- 25,6
An Liotuáin	- 5,71	- 3,4
Lucsamburg	- 0,49	- 0,3
An Ungáir	- 1,58	- 0,9
Málta	0,00	0,0
An Ísiltír	- 1,72	- 0,3
An Ostair	- 5,34	- 17,1
An Pholainn	- 37,50	- 22,5
An Phortaingéil	- 5,13	- 6,2
An Rómáin	- 22,34	- 13,4
An tSlóivéin	- 5,38	- 17,2
An tSlóvaic	- 5,42	- 6,5
An Fhionlainn	- 36,79	- 44,1
An tSualainn	- 39,55	- 47,5
An Ríocht Aontaithe	- 16,37	- 3,3

RIALACHÁN (AE) 2018/842 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Bealtaine 2018

maidir le laghdúithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sna conclúidí uathí an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 maidir le creat beartais 2030 don aeráide agus don fhuinneamh, d'fhorghuinn an Chomhairle Eorpach sprioc cheangailteach de laghdú intíre 40 %, ar a laghad, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair faoi 2030 i gcomparáid le 1990, agus rinneadh an sprioc sin a athdhearbhú sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-18 Márta 2016.
- (2) Dúradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 gur cheart don Aontas an sprioc astaíochtaí a laghdú 40 % ar a laghad a bhaint amach go comhpháirteach ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, sin laghdúithe suas le 43 % agus 30 % faoi seach, i gcóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (EU ETS) a leagtar síos i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus in earnálacha nach mbaineann ETS leo, faoi seach, faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Ba cheart do gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú leis na laghdúithe ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a bhaint amach agus do gach Ballstát rannpháirt a ghlacadh san iarracht sin agus beann acu ar an gcothroime agus ar an dlúthpháirtíocht. I dtaca leis an modheolaíocht lena socrófar na spriocanna náisiúnta maidir le laghdú i leith earnálacha nach mbaineann ETS leo, agus i dtaca leis na nithe uile a cuireadh i bhfeidhm de réir Chinneadh 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, is ceart leanúint leo sin go dtí 2030, agus is ceart an dua a chaithfear leo a dháileadh ar bhonn na holltáirgeachta intíre (OTI) coibhneasta acu *per capita*. Ba cheart do na Ballstáit go léir rannchuidiú le laghdú foriomlán an Aontais in 2030 agus spriocanna ó 0 % go – 40 % acu i gcomparáid le 2005. Ba cheart coigeartú coibhneasta a dhéanamh ar spriocanna náisiúnta na mBallstát sin a bhfuil OTI *per capita* acu is airde ná meán an Aontais chun an chostéifeachtúlacht a léiriú ar bhealach cóir agus cothrom. Trí na laghdúithe sin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, ba cheart borradh a chur faoin éifeachtúlacht agus faoin nuálaíocht i ngeilleagar an Aontais agus ba cheart, go háirithe, feabhsuithe a chur chun cinn, go háirithe san fhoirgníocht, sa talmhaíocht, sa bhainistíocht dramhaíola agus san iompar, a mhéid atá siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

⁽¹⁾ IO C 75, 10.3.2017, lch. 103.

⁽²⁾ IO C 272, 17.8.2017, lch. 36.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Bealtaine 2018.

⁽⁴⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁽⁵⁾ Cinneadh Uimh. 406/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarrachtaí na mBallstát chun a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chun gealltanais laghdaithe an Chomhphobail i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh go 2020 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 136).

- (3) Tá an Rialachán seo ina chuid de chur chun feidhme ranníocaíochtaí an Aontais faoi Chomhaontú Pháras ⁽¹⁾, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (“UNFCCC”). Tugadh Comhaontú Pháras i gcrích thar ceann an Aontais an 5 Deireadh Fómhair 2016 le Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle ⁽²⁾. Tá an gealltanais a thug an tAontas maidir le laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair leagtha amach sa rannchuidiú beartaithe arna chinneadh go náisiúnta a chuir an tAontas agus a Bhallstáit faoi bhráid Rúnaíocht an UNFCCC ar an 6 Márta 2015 i bhfianaise Chomhaontú Pháras. Tháinig Comhaontú Pháras i bhfeidhm an 4 Samhain 2016 in ionad an chur chuige a glacadh faoi Phrótocal Kyoto in 1997 ach nach leanfar de i ndiaidh 2020.
- (4) I gComhaontú Pháras, *inter alia*, leagtar amach sprioc fhadtéarmach i gcomhréir leis an gcuspóir an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus leanúint de na hiarrachtaí é a choimeád faoi bhun 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Leagtar béim freisin ar a thábhachtaí atá sé oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide agus na sreabha airgeadais a thabhairt ar aon dul leis an gcur chuige i dtreo leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide. I gComhaontú Pháras iarrtar freisin cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte gás ceaptha teasa sa dara leath den chéad seo, agus iarrtar ar Pháirtithe gníomhaíocht a dhéanamh chun linnte agus umair de gháis cheaptha teasa, foraoisí san áireamh, a chaomhnú agus a fheabhsú, de réir mar is iomchuí.
- (5) Sna conclúidí uathí an 29-30 Deireadh Fómhair 2009, thacaigh an Chomhairle Eorpach le cuspóir de chuid an Aontais, i gcomhthéacs na laghdúithe is gá, de réir an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC), ó thaobh na dtíortha forbartha mar aon ghrúpa amháin, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 80-95 % faoin mbliain 2050 le hais na leibhéal in 1990.
- (6) Léirítear an leibhéal uaillmhéine is mó is féidir a bheith ag na Páirtithe i gComhaontú Pháras le rannchuidithe beartaithe arna chinneadh go náisiúnta agus is léargas na rannchuidithe sin ar an dul chun cinn a rinneadh le himeacht ama. Ina theannta sin, ba cheart do na Páirtithe i gComhaontú Pháras a seacht ndícheall a dhéanamh straitéisí forbartha fadtéarmacha d’astaíochtaí gás ceaptha teasa a cheapadh agus a chur in iúl, agus aird á thabhairt acu ar chuspóirí Chomhaontú Pháras. Aithnítear sna conclúidí ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2017 a thábhachtaí atá na spriocanna fadtéarmacha agus na timthriallta athbheithníthe 5 bliana chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme agus a thábhachtaí atá straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa mar uirlis bheartais chun forbairt a dhéanamh ar bhealaí iontaoifa agus ar na hathruithe beartais fadtéarmacha atá de dhíth chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach.
- (7) Chun an t-aistriú chuig fuinneamh glan a bhaint amach, ní mór athruithe a dhéanamh ar iompraíocht infheistíochta agus ar dhreasachtaí fud fad an speictrim beartais. Príomhthosaíocht de chuid an Aontais is ea Aontas Fuinnimh buanseasmhach a bhunú chun fuinneamh slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a chur ar fáil do na saoránaigh. Chun sin a bhaint amach, is gá leanúint de ghníomhú uaillmhianach ar son na haeráide trí bhíthin an Rialacháin seo agus is gá dul chun cinn a dhéanamh ar na gnéithe eile den Aontas Fuinnimh a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2015 dar teideal “Creatstraitéis maidir le hAontas Fuinnimh Buanseasmhach maille le Beartas Réamhbhreathnaitheach don Athrú Aeráide”.
- (8) Is ann do raon beart a dhéanfaidh an tAontas a chuirfidh le cumas na mBallstát a ngealltanais aeráide a chomhlíonadh agus is rithábhachtach na bearta iad chun na laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa is gá a bhaint amach sna hearnálacha a chumhdaíonn an Rialachán seo. Áirítear ar na bearta sin reachtaíocht maidir le gáis cheaptha teasa fhluairíníthe, laghdúithe ar CO₂ ó fheithiclí bóthair, feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, breoslaí in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus an geilleagar ciorclach, chomh maith le hionstraimí maoiniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid.
- (9) Tugadh ar aird sna conclúidí ón gComhairle Eorpach 19-20 Márta 2015 go bhfuil an tAontas tiomanta d’Aontas Fuinnimh a thógáil lena ngabhfaidh beartas aeráide réamhbhreathnaitheach bunaithe ar chreatstraitéis an Choimisiúin, ar aontas é a bhfuil dlúthbhaint ag a chúig ghné le chéile agus a threisíonn a chéile. Is ceann de na cúig ghné den straitéis don Aontas Fuinnimh é maolú an éilimh fuinnimh. Is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go mór trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. Is féidir leis sin dul chun tairbhe an chomhshaoil agus na sláinte freisin, is féidir feabhas a chur ar an tslándáil fuinnimh, costais fuinnimh a ghearradh do theaghlaigh agus do chuideachtaí, is féidir leis cabhrú leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus is féidir le níos mó post agus gníomhaíocht gheilleagair ar fud an gheilleagair teacht as. Maidir le bearta lena spreagtar níos mó úsáide a bhaint as teicneolaíochtaí caomhnaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, i dtionscail agus san iompar, d’fhéadfadh siad cabhrú le Ballstáit a spriocanna faoin Rialachán a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach.

⁽¹⁾ Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

- (10) Trí chleachtas agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe nuálacha a úsáid agus a fhorbairt, is féidir feabhas a chur ar ról na hearnála talmhaíochta maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, go háirithe trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus trí linnte agus stoic charbóin a choinneáil agus a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach, chun lorg carbóin agus éiceolaíoch na hearnála talmhaíochta a laghdú, agus táirgiúlacht, acmhainn athghiniúna agus beogacht na hearnála a gcoimeád ag an am céanna, go gcuirfí feabhas ar ghníomhaíocht maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó agus, ina theannta sin, ar mhaoiniú do thaighde chun cleachtas agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe nuálacha a fhorbairt agus chun infheistíocht a dhéanamh iontu.
- (11) Tá tionchar mór díreach ag an earnáil talmhaíochta ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais. Mar gheall air sin, tá sé tábhachtach comhleánúchais á áirithiú idir cuspóir an Rialacháin seo agus beartais agus cuspóirí eile de chuid an Aontais, amhail an comhbheartas talmhaíochta agus na cuspóirí a bhaineann leis an straitéis bhithéagsúlachta, an straitéis foraoiseachta agus straitéis an gheilleagair chiorclaigh.
- (12) Seasann an earnáil iompair do bheagnach aon cheathrú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais. Mar sin de, tá sé tábhachtach astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na baoil a bhaineann le spleáchas ar bhreoslaí iontaise san earnáil iompair a laghdú trí chur chuige cuimsitheach chun laghdúithe astaíochtaí gás ceaptha teasa agus éifeachtúlacht fuinnimh san iompar a chur chun cinn, ar mhaithe le hiompar leictreach, le hathrú sna modhanna iompair, i gcás ina mbeidh sin níos inbhuanaithe, agus ar mhaithe le foinsí fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe san iompar tar éis 2020 freisin. Féadfar an t-aistriú ó shoghluaisteacht íseal-astaíochtaí mar chuid d'aistriú níos leithne chuig geilleagar ísealcharbóin sábháilte, inbhuanaithe a éascú trí choinníollacha cumasúcháin agus dreasachtaí láidre a thabhairt isteach, chomh maith le straitéisí fadtéarmacha lena bhféadfar feabhas a chur ar infheistíochtaí.
- (13) Ba cheart an tionchar a bheidh ag beartais agus bearta náisiúnta agus de chuid an Aontais lena gcuirtear an Rialachán seo chun feidhme a mheasúnú i gcomhréir leis na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (14) Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh, ba cheart, i gcás inarb iomchuí, leanúint leis an modheolaíocht um príomhshruthú arna cur i bhfeidhm le linn chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 agus ba cheart feabhas a chur air chun freagairt do na dúshláin agus do na riachtanais infheistíochta a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ó 2021 ar aghaidh. Ba cheart don mhaoiniú ón Aontas a bheith comhleánúch le cuspóirí chreat beartais 2030 an Aontais don aeráid agus don fhuinneamh agus leis na cuspóirí fadtéarmacha a luaitear i gComhaontú Pháras, ionas go n-áiríteofar éifeachtacht an chaiteachais phoiblí. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú maidir leis an tionchar a bhíonn ag maoiniú an Aontais a thugtar ó bhuiséad an Aontais nó ó fhoinsé eile de bhun dlí an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa sna hearnálacha a chumhdaítear faoin Rialachán seo nó faoi Threoir 2003/87/CE.
- (15) Ba cheart a chumhdach leis an Rialachán seo astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le catagóirí IPCC fuinnimh, próiseas tionsclaíoch agus úsáide táirgí, talmhaíochta agus dramhaíola arna gcinneadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 diomaite d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE.
- (16) Ní leor na sonraí a thuairiscítear i láthair na huairé sna fardaíl náisiúnta gás ceaptha teasa agus sna clárlanna náisiúnta agus Aontais chun astaíochtaí CO₂ na heitlíochta sibhialta ar an leibhéal náisiúnta, nach gcumhdaítear le Treoir 2003/87/CE, a chinneadh. Agus é ag glacadh oibleagáidí tuairiscithe, níor cheart don Aontas ualaí a leagan ar Bhallstáit nó ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ("FBManna"), ar ualaí iad atá díréireach i ndáil leis na cuspóirí atá á mbaint amach. Níl in astaíochtaí CO₂ ó eitiltí nach gcumhdaítear le Treoir 2003/87/CE ach sciar an-bheag de na hastaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa, agus ba róthrom an t-ualach córas tuairiscithe a bhunú do na hastaíochtaí sin i bhfianaise na gceanglas atá ann cheana don earnáil ina hiomláine de bhun Threoir 2003/87/CE. Dá bhrí sin, chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart a mheas nach dtáirgeann catagóirí foinse IPCC "1.A.3.A eitlíocht sibhialta" astaíochtaí CO₂ ar bith.
- (17) Ba cheart an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a dhéanfaidh gach Ballstát faoi 2030 a chinneadh i ndáil leis an leibhéal ar a raibh a astaíochtaí athbhreithnithe gás ceaptha teasa a chumhdaítear leis an Rialachán seo in 2005, diomaite d'astaíochtaí fíoraithe ó shuiteálacha a bhí ag feidhmiú in 2005 agus nár áiríodh in EU ETS roimh 2005. Ba cheart na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí ó 2021 go 2030 a chinneadh ar bhonn na sonraí a chuireann na Ballstáit isteach agus a athbhreithníonn an Coimisiún.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairiscíú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairiscíú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

- (18) Idir 2021 agus 2030, ba cheart leanúint de chur chuige na dteorainneacha náisiúnta bliantúla ceangailteacha, a glacadh le Cinneadh Uimh. 406/2009/CE. Na rialacha lena leagtar amach na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí do gach Ballstát mar a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart dóibh an mhodheolaíocht chéanna agus a leantar i gcás Ballstát a bhfuil teorainneacha diúltacha acu faoin gCinneadh sin a leanúint, ach tús curtha le ríomh na conaire ag cúig dhóhdéagú den achar ama ó 2019 go 2020 nó in 2020 bunaithe ar mheán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa idir 2016 agus 2018 agus ba cheart deireadh a chur le ríomh na conaire ag an teorainn a bheidh ag gach Ballstát in 2030. Chun a áirithiú go ndéanfar rannchuidiú iomchuí le sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú don tréimhse ó 2021 go 2030, ba cheart dáta tosaigh ríomh na conaire a chinneadh do gach Ballstát ar bhonn na dátaí a mbeidh leithdháileadh níos ísle ag ghabháil leis. Ba cheart coigeartú ar an leithdháileadh bliantúil astaíochtaí in 2021 a chur ar fáil i gcás na mBallstát sin a bhfuil teorainn dhearfach acu faoi Chinneadh Uimh. 406/2009/CE agus a méadóidh a leithdháiltí bliantúla astaíochtaí idir 2017 agus 2020 arna gcinneadh de bhun Chinneadh 2013/162/AE ón gCoimisiún ⁽¹⁾ agus de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/634/AE ón gCoimisiún ⁽²⁾, mar léiriú ar an acmhainneacht mhéadaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa sna blianta sin.

Ba cheart coigeartú breise a chur ar fáil do Bhallstáit áirithe d'fhonn aitheantas a thabhairt dá staid eisceachtúil gur dearfach an teorainn atá acu faoi Chinneadh Uimh. 406/2009/CE agus gurb amhlaidh go bhfuil na hastaíochtaí gás ceaptha teasa is ísle *per capita* faoin gCinneadh sin acu nó gurb ísle a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnálacha nach gcumhdaítear leis an gCinneadh sin i gcomparáid le méid iomlán a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa. Níor cheart don choigeartú breise ach cuid de na laghduithe ar astaíochtaí atá de dhíth sa tréimhse ó 2021 go 2029 a chumhdach ionas go gcoinneofaí dreasachtaí le haghaidh tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus nach mbeadh tionchar aige ar an deis sprioc 2030 a bhaint amach, agus úsáid coigeartuithe eile agus solúbthachtaí eile a leagtar amach sa Rialachán seo á gcur san áireamh.

- (19) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme, ar dá réir a leagfar amach na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí le haghaidh na mBallstát, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.
- (20) Sa chonclúid uaithi dar dáta 23-24 Deireadh Fómhair, dúirt an Chomhairle Eorpach gur cheart cur go mór le hinfhaighteacht agus le húsáid na n-ionstraimí solúbthachta atá ar fáil cheana sna hearnálacha nach mbaineann ETS leo d'fhonn costéifeachtúlacht na hiarrachta comhpháirtí atá ar siúl ag an Aontas, agus cóineasú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa *per capita* faoi 2030, a áirithiú. Mar bhealach chun feabhas a chur ar chostéifeachtacht fhoriomlán na laghduithe iomlána, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cuid dá leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a chur i dtáisce agus a fháil ar iasacht. Ba cheart dóibh a bheith in ann cuid dá leithdháileadh bliantúil astaíochtaí a aistriú chuig Ballstáit eile freisin. Ba cheart trédhearacht na n-aistrithe sin a áirithiú, agus ba cheart na haistrithe sin a dhéanamh ar bhealach is caoithiúil don dá pháirtí, lena n-áirítear trí cheantáil, úsáid idirghabhálaithe margaidh a ghníomhaíonn ar bhonn gníomhaireachta, nó trí shocruithe déthaobhacha. Féadfaidh tionscadal a bhaineann le gás ceaptha teasa a mhaolú nó clár arna chur ar siúl sa Bhallstát díolacháin agus arna mhaoiniú ag an mBallstát glactha a bheith ina shiocair le haon aistriú den sórt sin. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit a bheith in ann a mholadh comhpháirtíochtaí poiblí- príobháideacha a bhunú do thionscail faoi Airteagal 24a(1) de Threoir 2003/87/CE.
- (21) Ba cheart solúbthacht nua aonuaire a chruthú d'fhonn éascaíocht a dhéanamh maidir le spriocanna a bhaint amach i gcás na mBallstát a bhfuil a gcuid spriocanna náisiúnta don laghdú cuid mhaith os cionn mheán an Aontais agus os cionn acmhainneacht na mBallstát sin laghdú costéifeachtach a bhaint amach, agus i gcás na mBallstát nár leithdháil lamháltais *EU ETS* ar bith in aisce do shuiteálacha tionsclaíocha in 2013. Chun go gcloifear le haidhm Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí struchtúracha i ndáil le soláthar-éileamh in *EU ETS*, ba cheart na lamháltais *EU ETS* arna gcur san áireamh le haghaidh na solúbthachta aonuaire a mheas mar lámháltais *EU ETS* i gcúrsaíocht agus líon iomlán lamháltais *EU ETS* atá i gcúrsaíocht in aon bhliain faoi leith á chinneadh. Sa chéad athbhreithniú a dhéanfaidh sé faoin gCinneadh sin, ba cheart don Choimisiún a mheas cé acu an gcoimeádfar nó nach gcoimeádfar cuntasáíocht den sórt sin mar lamháltais *EU ETS* i gcúrsaíocht.

⁽¹⁾ Cinneadh 2013/162/AE ón gCoimisiún an 26 Márta 2013 maidir le leithdháiltí astaíochta bliantúla na mBallstát a chinneadh don tréimhse ó 2013 go 2020 de bhun Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 90, 28.3.2013, lch. 106).

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/634/AE ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2013 maidir le coigeartú ar leithdháiltí astaíochta bliantúla na mBallstát don tréimhse ó 2013 go 2020 de bhun Chinneadh 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 292, 1.11.2013, lch. 19).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1).

- (22) Le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, leagtar síos rialacha cuntasáiochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus le haistrihe a bhaineann le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (“LULUCF”). Gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, níor cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo. Mar sin féin, cé go ndéantar difear don toradh a bheidh ag an Rialachán seo ar an gcomhshaoil, ó thaobh leibhéil na laghduithe a dhéanfar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de, de thoradh cainníocht a chur san áireamh suas le suim na nglan-aistrihe iomlána agus na nglan-astaíochtaí iomlána ó thalamh foraoisithe, ó thalamh dífhoraoisithe, ó thalamh curaíochta bainistithe, ó fhéarthailte bainistithe agus, faoi choinníollacha áirithe, ó thalamh foraoise bainistithe chomh maith le, i gcás ina mbeidh sin éigeantach faoi Rialachán (AE) 2018/841, bogach bainistithe, mar a shainmhínítear sa Rialachán sin, ba cheart solúbthacht LULUCF le haghaidh cainníocht uasta dar luach 280 milliún tona de choibhéis CO₂ de na haistrihe sin arna roinnt idir na Ballstáit a chur san áireamh sa Rialachán seo mar dheis bhreise ag na Ballstáit a ngealltanais a chomhlíonadh, nuair a theastaíonn sin. Leis an méid iomlán sin agus roinnt an mhéid sin i measc na mBallstát, ba cheart a aithint gurb ísle an cumas maolaithe atá in earnáil na talmhaíochta agus na húsáide talún, agus ba cheart rannchuidiú iomchuí na hearnála sin a aithint i dtaca le gás ceaptha teasa a mhaolú agus a cheapadh. Ina theannta sin, le scrios deonach na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí faoin Rialachán seo, ba cheart a bheith in ann méideanna mar sin a chur san áireamh tráth a ndéanfar measúnú ar chomhlíonadh na mBallstát le ceanglais faoi Rialachán (AE) 2018/841.
- (23) An 30 Samhain 2016, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh (“an togra um rialachas”), lena gceanglaítear ar na Ballstáit pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a dhreachtú i gcomhthéacs phleanáil straitéiseach do bheartas fuinnimh agus aeráide le haghaidh gach ceann de chúig ghné lárnach an Aontais Fuinnimh. De réir an togra um rialachas, beidh ról lárnach ag na pleananna náisiúnta lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2021 go 2030 sa phleanáil a dhéanfaidh na Ballstáit maidir leis an Rialachán seo agus Rialachán (AE) 2018/841 a chomhlíonadh. Chuige sin, leagfaidh na Ballstáit amach na beartais agus na bearta chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2018/841 a chomhlíonadh, agus é mar sprioc fhadtéarmach cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrihe i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Leagfar measúnú amach san pleananna ar na tionchair a bheidh ag na beartais agus na bearta atá beartaithe chun na cuspóirí a bhaint amach. De réir an togra um rialachas, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a léiriú ina mholtaí maidir le dreachtphleananna náisiúnta a iomchuí agus atá leibhéal uailmhéine agus cur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart ina dhiaidh sin. Ba cheart an úsáid a dhéanfaí a bhaint as solúbthacht LULUCF chun an Rialachán sin a chomhlíonadh a chur san áireamh agus na pleananna sin á gcur i dtoll a chéile.
- (24) Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt inbhuanaithe agus cúnaimh a thabhairt i dtreo feabhas suntasach agus intomhaiste a bhaint amach i dtaca leis an gcomhshaoil, trí fhaisnéis thráthúil, spriocdhírithé, ábhartha agus iontaofa a sholáthar do lucht déanta beartas, d’institiúidí poiblí agus don phobal i gcoitinne. Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnaimh a thabhairt don Choimisiún de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le chlár oibre bliantúil na Gníomhaireachta.
- (25) Ba cheart aon choigeartuithe ar an gcomhdach a leagtar amach in Airteagail 11, 24, 24a agus 27 de Threoir 2003/87/CE a mheaitseáil le coigeartú comhfhreagrach ar an uasmhéid astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Dá thoradh sin, i gcás ina n-áireoidh Ballstáit astaíochtaí gás ceaptha teasa breise ó shuiteálacha a bhí cumhdaithe roimhe sin faoi Threoir 2003/87/CE ina ngealltanais faoin Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit sin beartais bhreise agus bearta breise a chur chun feidhme sna hearnálacha a chumhdaítear faoin Rialachán seo chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú.
- (26) Mar aitheantas ar na hiarrachtaí a rinneadh ó 2013 i leith sna Ballstáit sin a raibh OTI *per capita* faoi bhun mheán an Aontais acu in 2013, is iomchuí, dá bhrí sin, cúlchiste sábháilteachta teoranta speisialta a bhunú dar luach suas le 105 mhiliún tona de choibhéis CO₂, ach sláine chomhshaoil an Rialacháin seo, mar aon le dreasachtaí do ghníomhaíochtaí na mBallstát a bheidh ina mbreis ar na rannchuidithe íosta a éilítear faoin Rialachán seo, a choimeád slán. Ba cheart an cúlchiste sábháilteachta sin a bheith chun tairbhe na mBallstát a bhfuil OTI *per capita* níos ísle acu ná meán an Aontais in 2013, a bhfuil a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa fanta faoi bhun a gcuid leithdháiltí bliantúla astaíochtaí don tréimhse idir 2013 agus 2020, agus a bhfuil fadhbanna acu i dtaca le sprioc 2030 a bhaint amach in ainneoin go bhfuil úsáid á baint acu as na solúbthachtaí eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Chumhdóidh cúlchiste sábháilteachta den chineál sin sciar nár bheag d’easnamh comhchoiteanna réamh-mheasta na mBallstát incháilithe don tréimhse ó 2021 go 2030, gan gá le beartais bhreise, agus choimeádfá

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrihe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (féach lch. 1 den Iris Oifigiúil seo).

slán na dreasachtaí a thabharfaí do ghníomhaíocht bhreise. Ba cheart go mbeadh an cúlchiste sábháilteachta seo ar fáil do na Ballstáit sin in 2032, faoi choinníollacha áirithe agus ar choinníoll nach lagú úsáid an chúlchiste sin ar bhaint amach na sprice maidir le laghdú 30 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais don bhliain 2030 sna hearnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

- (27) Chun forbairtí a dhéantar faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2018/841 a léiriú agus chun a cuntasáíocht chruinn faoin Rialachán seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le cead a thabhairt úsáid a bhaint as na catagóirí cuntasáíochta talún de thalamh foraoise bainistithe agus de bhogach bainistithe faoi sholúbthacht LULUCF agus i dtaca le cuntasáíocht a dhéanamh ar idirbhearta faoin Rialachán seo, lena n-áirítear úsáid a bhaint as solúbthachtaí, seiceálacha maidir le comhlíonadh a chur i bhfeidhm agus feidhmiú beacht an chúlchiste sábháilteachta, tríd an gclárann a bunaíodh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (“Clárann an Aontais”). Ba cheart rochtain a bheith ag an bpobal ar an bhfaisnéis maidir leis an gcuntasáíocht faoi Rialachán seo. Ba cheart na forálacha riachtanacha maidir le cuntasáíocht a dhéanamh ar idirbhearta a bheith in aon ionstraim amháin ina gcomhcheanglófar na forálacha cuntasáíochta de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, de bhun Rialachán (AE) 2018/841, de bhun an Rialacháin seo agus de bhun Threoir 2003/87/CE. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁽¹⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmlichte a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmlichte.
- (28) Ba cheart an Rialachán seo a athbhreithniú amhail ó 2024 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin chun a feidhmiú foriomlán a mheas, go háirithe maidir leis an ngá atá le beartais agus bearta an Aontais a dhéanamh níos déine. Ba cheart a chur san áireamh, *inter alia*, san athbhreithniú sin an t-athrú atá ag teacht ar imthosca náisiúnta agus ba cheart do na torthaí a bhí ar Idirphlé Éascaitheach 2018 faoi UNFCCC (“idirphlé Talanoa”) agus don stocáireamh domhanda a rinneadh faoi Chomhaontú Pháras bonn eolais a chur ar fáil don athbhreithniú. Mar chuid den athbhreithniú, ba cheart an chothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh do leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a mheas freisin chun leordhóthanacht na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán a áirithiú. Ina theannta sin, mar chuid den tuairisciú rialta uaidh faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, ba cheart don Choimisiún, faoin 31 Deireadh Fómhair 2019, measúnú a dhéanamh ar thoradh idirphlé *Talanoa*. Ba cheart don athbhreithniú don tréimhse tar éis 2030 a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí fadtéarmacha agus leis na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras, agus chuige sin, ba cheart dul chun cinn a léiriú leis le himeacht ama.
- (29) Chun a áirithiú gur go héifeachtúil trédhearcach costéifeachtach a dhéanfar an tuairisciú agus an fíorú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar fhaisnéis eile is gá chun dul chun cinn maidir le leithdháiltí bliantúla astaíochtaí na mBallstát a mheas, ba cheart na ceanglais maidir le tuairisciú bliantúil agus meastóireacht bhliantúil faoin Rialachán seo a chomhtháthú leis na hAirteagail ábhartha faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013. Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú sa Rialachán sin go leanfar de mheastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ag cur san áireamh dul chun cinn maidir le beartais agus bearta an Aontais chomh maith le faisnéis ó na mBallstáit. I dtaca le dul chun cinn réamh-mheasta an Aontais i ndáil lena spriocanna maidir le laghdú a chomhlíonadh agus dul chun cinn na mBallstát maidir lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh, ba cheart sin a bheith ar áireamh sa mheastóireacht a dhéanfar gach re bliain. Mar sin féin, níor cheart cur i bhfeidhm na laghduithe a mheas ach ag tréimhsí 5 bliana, ionas gur féidir an rannchuidiú a d’fhéadfadh a bheith ann ó thalamh foraoisithe, ó thalamh dífhoraoisithe, ó thalamh curaíochta bainistithe agus ó fhéarthailte bainistithe de bhun Rialachán (AE) 2018/841 a mheas. Ní dochar an méid sin do dhualgas an Choimisiúin comhlíonadh a áirithiú i leith na n-oibleagáidí atá ag na Ballstáit de thoradh an Rialacháin seo ná don chumhacht atá ag an gCoimisiún imeachtaí um sháru a thionscaml chun na críche sin.
- (30) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a leasú dá réir sin.
- (31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe oibleagáidí a leagan síos ar na Ballstáit maidir leis an rannchuidiú is íosta uatha don tréimhse ó 2021 go 2030 chun sprioc an Aontais a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus rannchuidiú chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

⁽¹⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(32) Ní dochar an Rialachán seo do chuspóirí náisiúnta níos déine,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos sa Rialachán seo oibleagáidí ar na Ballstáit i dtaca leis an rannchuidiú is íosta uathu don tréimhse ó 2021 go 2030 chun sprioc an Aontais a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú 30 % faoi bhun leibhéil na bliana 2005 in 2030 sna hearnálacha sin a chumhdaítear le hAirteagal 2 den Rialachán seo, agus cuidíonn sé le cuspóirí Chomhaontú Pharás a bhaint amach. Leagtar síos sa Rialachán seo freisin rialacha maidir le leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a chinneadh agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstáit i dtreo a rannchuidiú íosta a chomhlíonadh.

Airteagal 2

Raon Feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó chatagóirí foinse IPCC fuinnimh, próiseas tionsclaíoch, úsáide táirgí, talmhaíochta agus dramhaíola arna gcinneadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, diomaite d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE.
2. Gan dochar d'Airteagal 7 agus d'Airteagal 9(2) den Rialachán seo, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrihe a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/841.
3. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar nach dtáirgeann catagóir foinse IPCC "1.A.3.A eitlíocht shibhialta" astaíochtaí CO₂ ar bith.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "astaíochtaí gás ceaptha teasa" astaíochtaí, i dtéarmaí tonaí de choibhéis CO₂ de dhé-ocsaíd charbóin (CO₂), de mheatán (CH₄), d'ocsaíd nítriúil (N₂O), de hidreafluarcarbóin (HFCanna), de shárhfluarcarbóin (PFCanna), de thrifhluairíd nítrigine (NF₃) agus de heicseafluairíd sulfair (SF₆) arna gcinneadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus a thagann laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo;
- (2) ciallaíonn "leithdháiltí bliantúla astaíochtaí" na hastaíochtaí uasta gás ceaptha teasa is ceadmhach gach bliain idir 2021 agus 2030 arna gcinneadh de bhun Airteagal 4(3) agus Airteagal 10;
- (3) ciallaíonn "lamháltas EU ETS" "lamháltas" mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 3 de Threoir 2003/87/CE.

Airteagal 4

Leibhéil bhliantúla astaíochtaí don tréimhse ó 2021 go 2030

1. In 2030, déanfaidh gach Ballstát a chuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a theorannú ag cloí, ar a laghad, leis an gcéatadán a leagtar síos don Bhallstát sin in Iarscríbhinn I i ndáil lena astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2005, arna gcinneadh de bhun mhír 3 den Airteagal seo.
2. De réir na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 5, Airteagal 6 agus Airteagal 7 den Rialachán seo, de réir an choigeartaithe de bhun Airteagal 10(2) den Rialachán seo, agus aon laghdú a thiocfaidh as cur chun feidhme Airteagal 7 de Chinneadh Uimh. 406/2009/CE á chur san áireamh, áiríteoidh gach Ballstát nach sáróidh a astaíochtaí gás ceaptha teasa i ngach bliain idir 2021 agus 2029 an teorainn a shainítear le conair líneach a thosaíonn ar bhonn mheán a astaíochtaí gás ceaptha teasa le linn 2016, 2017 agus 2018, arna gcinneadh de bhun mhír 3 den Airteagal seo, agus a chríochnaíonn in 2030 ar an teorainn a leagtar síos don Bhallstát sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Tosóidh conair líneach Ballstáit ag cúig dhódhéagú den achar ama ó 2019 go 2020 nó in 2020, cibé acu is ísle leithdháileadh an Bhallstáit sin mar thoradh ar an ríomh sin.
3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí do na blianta ó 2021 go 2030 i dtéarmaí tonaí de choibhéis CO₂ mar a shonraítear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo. Chun críocha na ngníomhartha cur chun feidhme sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na sonraí is déanaí ó na fardail náisiúnta do na blianta 2005 agus 2016 go 2018 a thíolaic na Ballstáit de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

Tabharfar le fios sna gníomhartha chur chun feidhme sin an luach i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa gach Ballstáit don bhliain 2005 arb é an luach a úsáidfeadh chun na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a shonraítear i mír 1 agus mír 2 a chinneadh.

4. Sonrófar freisin sna gníomhartha cur chun feidhme sin, bunaithe ar na céatadán ar thug na Ballstáit fógra fúthu faoi Airteagal 6(3), líon iomlán na gcainníochtaí a fhéadfar a chur san áireamh i ndáil le comhlíonadh Ballstáit faoi Airteagal 9 idir 2021 agus 2030. Dá dtarlódh sé go sáródh suim iomlán na gcainníochtaí a bhíonn ag na Ballstáit ar fad an t-iomlán comhpháirteach dar luach 100 milliún, déanfar na cainníochtaí iomlána do gach Ballstát a laghdú ar bhonn *pro rata* ionas nach sárófar an t-iomlán comhpháirteach.

5. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14.

Airteagal 5

Solúbthachtaí trí bhíthin fáil ar iasacht, cur i dtaisce agus aistriú

1. I ndáil leis na blianta 2021 go 2025, féadfaidh Ballstát cainníocht suas le 10 % a fháil ar iasacht óna leithdháileadh bliantúil astaíochtaí don bhliain dár gcionn.

2. I ndáil leis na blianta 2026 go 2029, féadfaidh Ballstát cainníocht suas le 5 % a fháil ar iasacht óna leithdháileadh bliantúil astaíochtaí don bhliain dár gcionn.

3. Ballstát a bhfuil a astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhliain áirithe faoi bhun a leithdháilte bhliantúil astaíochtaí don bhliain sin, féadfaidh sé, agus úsáid na solúbthachtaí de bhun an Airteagail seo agus Airteagal 6 á cur san áireamh, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) i ndáil leis an mbliain 2021, an fuilleach sin dá leithdháileadh bliantúil astaíochtaí a chur i dtaisce le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin go dtí 2030; agus

(b) i ndáil leis na blianta 2022 go 2029, an fuilleach sin dá leithdháileadh bliantúil astaíochtaí a chur i dtaisce suas le leibhéal 30 % den leithdháileadh bliantúil astaíochtaí atá aige go dtí an bhliain sin le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin go dtí 2030.

4. Féadfaidh Ballstát suas le 5 % dá leithdháileadh bliantúil astaíochtaí le haghaidh bliain ar leith a aistriú go Ballstáit eile i ndáil leis na blianta 2021 go 2025, agus suas le 10 % i ndáil leis na blianta 2026 go 2030. Féadfaidh an Ballstát glactha an chainníocht sin a úsáid le haghaidh comhlíonadh faoi Airteagal 9 sa bhliain ar leith nó i mblianta ina dhiaidh sin go dtí 2030.

5. I gcás Ballstát a bhfuil líon athbhreithnithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa aige do bhliain áirithe faoi bhun an leithdháilte bhliantúil astaíochtaí don bhliain áirithe sin, féadfaidh an Ballstát sin, agus an úsáid a bhaintear as solúbthachtaí de bhun mhíreanna 1 go 4 den Airteagal seo agus in Airteagal 6 á cur san áireamh, an fuilleach sin dá leithdháileadh bliantúil astaíochtaí a aistriú chuig Ballstáit eile. Féadfaidh an Ballstát glactha an chainníocht sin a úsáid le haghaidh comhlíonadh faoi Airteagal 9 sa bhliain lena mbaineann nó i mblianta ina dhiaidh sin go dtí 2030.

6. Féadfaidh na Ballstáit ioncam a ghintear as aistriú na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí de bhun mhír 4 agus mhír 5 a úsáid chun dul i ngleic leis an athrú aeráide san Aontas nó i dtríú tíortha. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí a dhéantar de bhun na míre seo.

7. I dtaca le haon aistriú de leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a dhéantar de bhun mhír 4 agus mhír 5, féadfaidh tionscadal nó clár a bhaineann le gás ceaptha teasa a mhaolú nó clár arna chur ar siúl sa Bhallstát díolacháin agus arna mhaoiniú ag an mBallstát glactha a bheith ina shiocair leis an aistriú sin, ar choinníoll go ndéantar an t-áireamh dúbailte a sheachaint agus an inrianaitheacht a áirithiú.

8. Féadfaidh na Ballstáit creidmheasanna ó thionscadail, arna n-eisiúint de bhun Airteagal 24a(1) de Threoir 2003/87/CE, a úsáid le haghaidh comhlíonadh faoi Airteagal 9 den Rialachán seo, gan aon teorainn chainníochtúil, ar choinníoll go ndéantar an t-áireamh dúbailte a sheachaint.

Airteagal 6

Solúbthacht le haghaidh Ballstáit áirithe i ndiaidh laghdú ar lamháltais EU ETS

1. I gcás na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, féadfar cealú teoranta dar luach suas le 100 milliún lamháltas faoi chóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a thabhairt san áireamh go comhpháirteach ina leith i dtaca le comhlíonadh an Rialacháin seo. Bainfeadh an cealú sin as na méideanna a bhaineann le ceantáil lamháltas an Bhallstáit lena mbaineann de bhun Airteagal 10 de Threoir 2003/87/CE.

2. Cuirfeadh na lamháltais *EU ETS* a úsáidtear faoi mhír 1 den Airteagal seo san áireamh mar lamháltais *EU ETS* i gcúrsaíocht chun críocha Airteagal 1(4) de Chinneadh (AE) 2015/1814.

Sa chéad athbhreithniú a dhéanfaidh sé de bhun Airteagal 3 den Chinneadh sin, measfaidh an Coimisiún cé acu an gcoimeádfar nó nach gcoimeádfar an chuntasaíocht a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo.

3. I gcás na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn II, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi 31 Nollaig 2019 má bhíonn rún acu úsáid a bhaint as cealú teoranta lamháltais faoi chóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, suas leis an gcéatadán a liostaítear in Iarscríbhinn II i dtaca le gach bliain den tréimhse 2021 go 2030 do gach Ballstát lena mbaineann, i dtaca le comhlíonadh an Bhallstáit faoi Airteagal 9.

I gcás na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn II, féadfaidh siad a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéatadán ar thug siad fógra ina leith agus é a íslíú uair amháin in 2024 agus uair amháin in 2027. Más mar sin a tharlaíonn, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an cinneadh in iúl don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2024 nó faoin 31 Nollaig 2027, faoi seach.

4. Arna iarraidh sin do Bhallstát, cuirfidh an Riarthóir Lárnach atá ainmnithe de réir Airteagal 20(1) de Threoir 2003/87/CE (“an Riarthóir Lárnach”) san áireamh cainníocht is ionann agus an chainníocht iomlán dá dtagraítear in Airteagal 4(4) den Rialachán seo, nó aon chainníocht faoina bun, i ndáil le comhlíonadh an Bhallstáit sin faoi Airteagal 9 den Rialachán seo. Déanfar an deichiú cuid de lamháltais chóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, arna gcinneadh de bhun Airteagal 4(4) den Rialachán seo, a chealú de bhun Airteagal 12(4) de Threoir 2003/87/CE i ndáil le gach bliain ó 2021 go 2030 i gcás an Bhallstáit sin.

5. I gcás ina bhfuil Ballstát, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún faoina chinneadh an céatadán ar thug sé fógra ina leith roimhe sin a íslíú, déanfar a chomhionann de chainníocht íseal lamháltais EU ETS a chur ar ceal i gcás an Bhallstáit sin i ndáil le gach bliain ó 2026 go 2030 nó ó 2028 go 2030, faoi seach.

Airteagal 7

Úsáid bhreise suas le 280 milliún glan-aistriú ó LULUCF

1. A mhéid a sháróidh astaíochtaí Ballstáit a leithdháiltí bliantúla astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhliain áirithe, lena n-áirítear aon leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a chuirtear i dtaisce de bhun Airteagal 5(3) den Rialachán seo, cainníocht dar luach suas le suim na nglan-aistrithe iomlána agus na nglan-astaíochtaí iomlána ó na catagóirí cuntasáíochta comhcheangailte talamh foraoisithe, talamh dífhoraoisithe, talamh curaíochta bainistithe, féarthailte bainistithe, agus faoi réir na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo, talamh foraoise bainistithe agus bogach bainistithe, dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d’Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/841, féadfar an chainníocht sin a chur san áireamh i ndáil le comhlíonadh an Bhallstáit sin faoi Airteagal 9 den Rialachán seo i ndáil leis an mbliain sin, ar choinníoll:

- (a) nach sáróidh an chainníocht chernach a chuirfeadh san áireamh i gcás an Bhallstáit sin do gach bliain den tréimhse idir 2021 agus 2030 an t-uasmhéid glan-aistrithe iomlána a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás an Bhallstáit sin;
- (b) gur mó an chainníocht sin ná na ceanglais atá ar an mBallstát sin faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/841;
- (c) nach bhfuil níos mó glan-aistrithe faighte ag an mBallstát faoi Rialachán (AE) 2018/841 ó Bhallstáit eile ná mar atá aistrithe aige féin;
- (d) go bhfuil an Ballstát tar éis Rialachán (AE) 2018/841 a chomhlíonadh; agus
- (e) gur thíolaic an Ballstát tuairisc ar an úsáid a bheartaítear a bhaint as an tsolúbthacht atá ar fáil faoin mír seo de bhun an dara fhomhír d’Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo chun teideal Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú i ndáil leis na catagóirí cuntasáíochta talamh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) léiriú a thabhairt ar rannchuidiú na catagóire cuntasáíochta talamh foraoise bainistithe, agus an t-uasmhéid glan-aistrithe iomlána i ndáil le gach Ballstát dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á urramú ag an am céanna, nuair a ghlactar gníomhartha tarmligthe lena leagtar síos na leibhéil tagartha foraoise de bhun Airteagal 8(8) nó (9) de Rialachán (AE) 2018/841; agus
- (b) léiriú a thabhairt ar rannchuidiú na catagóire cuntasáíochta talamh foraoise bainistithe, agus an t-uasmhéid glan-aistrithe iomlána i ndáil le gach Ballstát dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á urramú ag an am céanna, nuair a cheanglaítear ar gach Ballstát cuntas a thabhairt ar an gcatagóir seo faoi Rialachán (AE) 2018/841.

*Airteagal 8***Gníomhaíocht cheartaitheach**

1. Má shuíonn an Coimisiún, ina mheasúnú bliantúil faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus á thabhairt san áireamh dó an úsáid a bheartaítear do na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, Airteagal 6 agus Airteagal 7 den Rialachán seo, nach bhfuil dóthain dul chun cinn á dhéanamh ag Ballstát maidir lena oibleagáidí faoi Airteagal 4 den Rialachán seo a chomhlíonadh, déanfaidh an Ballstát sin, laistigh de 3 mhí, plean gníomhaíochta ceartaithí a thíolacadh don Choimisiún, ina mbeidh an méid seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí breise a chuirfidh an Ballstát chun feidhme chun a oibleagáidí sonracha faoi Airteagal 4 den Rialachán seo a chomhlíonadh, trí bheartais intíre agus trí bhearta intíre agus trí ghníomhaíocht an Aontais a chur chun feidhme;
- (b) clár ama docht chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, lena mbeifear in ann an dul chun cinn bliantúil ina gcur chun feidhme a mheas.

2. I gcomhréir lena chlár oibre bliantúil, tabharfaidh an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnaimh don Choimisiún san obair a dhéanfaidh sé chun measúnú a dhéanamh ar aon phleananna gníomhaíochta ceartaithí den sórt sin.

3. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint maidir le stóinseacht na bpleananna gníomhaíochta ceartaithí a thíolacfar i gcomhréir le mír 1, agus sa chás sin, déanfaidh sé sin laistigh de cheithre mhí ón tráth a bhfaighidh sé na pleananna sin. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann lánaírd ar an tuairim ón gCoimisiún agus féadfaidh sé a phlean gníomhaíochta ceartaithí a athbhreithniú dá réir.

*Airteagal 9***Seiceáil maidir le comhlíonadh**

1. In 2027 agus 2032, má sháraíonn na hastaíochtaí gás ceaptha teasa athbhreithnithe atá ag Ballstát a leithdháiltí bliantúla astaíochtaí d'aon bhliain shonrach den tréimhse sin, agus mír 2 den Airteagal seo agus na solúbthachtaí arna n-úsáid de bhun Airteagal 5, Airteagal 6 agus Airteagal 7 á gcur san áireamh, beidh feidhm ag na bearta seo a leanas:

- (a) méadú ar fhigiúr astaíochta gás ceaptha teasa an Bhallstáit don bhliain ina dhiaidh sin arb ionann é agus méid an fharasbairr astaíochtaí gás ceaptha teasa, i dtónaí de choibhéis CO₂, arna iolrú faoi fhachtóir 1,08, i gcomhréir leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 12; agus
- (b) cuirfear toirmeasc sealadach ar an mBallstát aon chuid dá leithdháileadh bliantúil astaíochtaí a aistriú chuig Ballstát eile go dtí go mbeidh Airteagal 4 á chomhlíonadh aige.

Cuirfidh an Riarthóir Lárnach an toirmeasc dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den Airteagal seo chun feidhme i gClárlann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12.

2. Más mó astaíochtaí gás ceaptha teasa Ballstáit le linn na tréimhse idir 2021 agus 2025 nó le linn na tréimhse idir 2026 agus 2030 dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/841 ná aistrithe an Bhallstáit sin, arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán sin, bainfidh an Riarthóir Lárnach as leithdháiltí bliantúla astaíochtaí an Bhallstáit sin méid is ionann agus méid an fharasbairr astaíochtaí gás ceaptha teasa, i dtónaí de choibhéis CO₂, do na blianta ábhartha.

*Airteagal 10***Coigeartuithe**

1. Déanfaidh an Coimisiún na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí do gach Ballstát faoi Airteagal 4 den Rialachán seo a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) coigeartuithe ar líon na lamháltas faoi *EU ETS* a eisíodh de bhun Airteagal 11 de Threoir 2003/87/CE de thoradh athrú ar na foinsí a chumhdaítear leis an Treoir sin, i gcomhréir leis na Cinntí ón gCoimisiún a glacadh de bhun na Treorach sin maidir le formheas deiridh na bpleananna náisiúnta leithdháiliúcháin don tréimhse ó 2008 go 2012;
- (b) coigeartuithe ar líon lamháltas nó creidmheasa faoi seach faoi *EU ETS* a eisítear de bhun Airteagal 24 agus Airteagal 24a de Threoir 2003/87/CE maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i mBallstát; agus
- (c) coigeartuithe ar líon na lamháltas faoi *EU ETS* a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó shuiteálacha arna n-eisiamh ó chóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse atá siad eisiata.

2. Déanfar an méid atá in Iarscríbhinn IV a chur leis an leithdháileadh bliantúil astaíochtaí don bhliain 2021 i gcás gach Ballstát dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.
3. Foilseoidh an Coimisiún na figiúirí a eascróidh as na coigeartuithe sin.

Airteagal 11

Cúlchiste sábháilteachta

1. Déanfar cúlchiste sábháilteachta ina mbeidh cainníocht dar luach suas le 105 mhiliún tona de choibhéis CO₂ a bhunú i gClárlann an Aontais faoi réir chomhlíonadh na sprice sin de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1. Beidh an cúlchiste sábháilteachta ar fáil i dteannta na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 5, Airteagal 6 agus Airteagal 7.
2. Féadfaidh Ballstát leas a bhaint as an gcúlchiste sábháilteachta ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) bhí OTI *per capita* an Bhallstáit de réir margadhphraghsanna in 2013, arna bhfoilsiú ag Eurostat i mí Aibreáin 2016, faoi bhun mheán an Aontais;
 - (b) tá astaíochtaí gás ceaptha teasa carntha an Bhallstáit do na blianta ó 2013 go 2020 sna hearnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán seo faoi bhun a leithdháiltí carnacha bliantúla astaíochtaí do na blianta ó 2013 go 2020; agus
 - (c) sáraíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa an Bhallstáit a leithdháiltí bliantúla astaíochtaí don tréimhse 2026 go 2030, cé gur fíor an méid seo a leanas ina leith:
 - (i) tá na solúbthachtaí ídithe aige de bhun Airteagal 5(2) agus (3);
 - (ii) tá an úsáid is mó is féidir bainte aige as glan-aistrithe de réir Airteagal 7 fiú más lú an chainníocht sin ná an leibhéal a leagtar síos in Iarscríbhinn III; agus
 - (iii) níl aon ghlan-aistriú déanta aige chuig Ballstáit eile faoi Airteagal 5.
3. Aon Bhallstát a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, tabharfar dó, as an gcúlchiste sábháilteachta, cainníocht bhreise is ionann agus a ghanachion, lena húsáid le haghaidh comhlíonadh faoi Airteagal 9. Ní rachaidh an chainníocht sin os cionn 20 % den mhéid a ndeachaigh an Ballstát thar cuimse foriomlán sa tréimhse ó 2013 go 2020.

Más rud é go sáraíonn an chainníocht chomhábha sin a bheidh le fáil ag na Ballstáit go léir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo an teorainn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfar an chainníocht a bheidh le fáil ag gach ceann de na Ballstáit sin a laghdú ar bhonn *pro rata*.

4. Aon mhéid a bheidh fanta sa chúlchiste sábháilteachta tar éis an dáilte sa chéad fhomhír de mhír 3, déanfar é a dháileadh i measc na mBallstát dá dtagraítear san fhomhír sin i gcomhréir le heasnamh gach Ballstáit ach gan dul thairis. I gcás gach Ballstáit acu sin, féadfaidh an chainníocht sin a bheith sa bhreis ar an gcéatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír.
5. Tar éis dó an t-athbheithniú dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a dhéanamh don bhliain 2020, foilseoidh an Coimisiún, i gcás gach Ballstát a chomhlíonann na coinníollacha i bpointí (a) agus (b) de mhír 2 den Airteagal seo, na méideanna dar luach 20 % den mhéid a ndeachaigh an Ballstát thar cuimse foriomlán sa tréimhse ó 2013 go 2020 dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo.

Airteagal 12

Clárlann

1. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh d'fhonn a áirithiú go dtabharfar cuntas cruinn faoin Rialachán seo trí Chlárlann an Aontais, i dtaca leis na nithe seo a leanas:
 - (a) na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí;
 - (b) na solúbthachtaí a fheidhmítear faoi Airteagal 5, Airteagal 6 agus Airteagal 7;
 - (c) seiceálacha maidir le comhlíonadh faoi Airteagal 9;
 - (d) coigeartuithe faoi Airteagal 10; agus
 - (e) an cúlchiste sábháilteachta faoi Airteagal 11.

2. Déanfaidh an Riarthóir Lárnach seiceáil uathoibríthe ar gach idirbheart i gClárann an Aontais a thagann as an Rialachán seo agus, más gá, cuirfidh sé nó sí cosc ar idirbhearta chun a áirithiú nach mbíonn aon neamhrialtachtaí ann.
3. An fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) de mhír 1 agus i mír 2, beidh fáil ag an bpobal uirthi.

Airteagal 13

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus Airteagal 12(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 9 Iúil 2018. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana sin, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus Airteagal 12(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Ferr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(2) agus Airteagal 12(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 14

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an Athrú Aeráide, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 15

Athbhreithniú

1. Déanfar athbhreithniú go tráthrialta ar fhorálacha an Rialacháin seo agus tabharfar aird, *inter alia*, ar imthosca náisiúnta agus ar chora idirnáisiúnta, de réir mar a tharlóidh siad, ar an mbealach ina gcuidíonn earnálacha uile an gheilleagair le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus ar na himeachtaí idirnáisiúnta agus ar an méid a rinneadh chun cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach.
2. Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, laistigh de shé mhí tar éis gach stocáireamh domhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras, maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear an chothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh do leithdháiltí bliantúla astaíochtaí, mar aon leis an méid a rannchuidíonn an Rialachán seo le sprioc fhoriomlán an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030, agus maidir leis an méid a rannchuidíonn sé le spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe i ndáil leis an ngá atá le beartais agus bearta breise ón Aontas i bhfianaise na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nach mór don Aontas agus a Bhallstáit a dhéanamh, lena n-áirítear creat iar-2030, agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh más iomchuí.

Cuirfear san áireamh sna tuarascálacha sin na straitéisí a ullmhaíodh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 d'fhonn cur le straitéisí fhadtéarmach de chuid an Aontais a cheapadh.

Airteagal 16

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 535/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 7, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(aa) ó 2023 amach, a n-astaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) don bhliain X-2, i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe UNFCCC;

(*) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghdúithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156 an 19.6.2018. lch. 26).”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Ina dtuarascálacha, déanfaidh na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas gach bliain i gcás ina mbíonn rún acu úsáid a bhaint as na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagal 5(4) agus (5) agus in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842, chomh maith leis an úsáid a bhainfeadh as ioncam i gcomhréir le Airteagal 5(6) den Rialachán sin. Laistigh de 3 mhí ón am a bhfaighidh sé faisnéis den sórt sin ó na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a chur ar fáil don choiste dá dtagraítear in Airteagal 26 den Rialachán seo.”;

(2) i bpointe (c) d’Airteagal 13(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(ix) ó 2023 amach, faisnéis faoi bheartais náisiúnta agus faoi bhearta náisiúnta a cuireadh chun feidhme chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/842 agus faisnéis faoi bheartais náisiúnta bhreise atá pleanáilte agus bearta atá beartaithe d’fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa a theorannú sa bhreis ar a ngealltanais de réir an Rialacháin sin.”;

(3) in Airteagal 14(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(f) ó 2023 amach, líon iomlán na réamh-mheastachán gás ceaptha teasa, agus na meastacháin ar leith d’astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa do na foinsí astaíochtaí arna gclúdach faoi Rialachán (AE) 2018/842 agus faoi Threoir 2003/87/CE.”;

(4) in Airteagal 21(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(c) oibleagáidí faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/842. Cuirfeadh san áireamh sa mheastóireacht an dul chun cinn a rinneadh maidir le beartais agus bearta an Aontais agus an fhaisnéis ó na Ballstáit. Gach ré bliain, cuirfeadh san áireamh sa mheastóireacht dul chun cinn réamh-mheasta an Aontais i dtreo rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta a chur chun feidhme maidir le Comhaontú Pháras (a mbeidh gealltanais an Aontais maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair le fáil ann) agus dul chun cinn réamh-mheasta na mBallstát i dtreo chomhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Rialachán sin.”.

Airteagal 17

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 30 Bealtaine 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

L. PAVLOVA

IARSCRÍBHINN I

LAGHDUITHE AR ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA NA mBALLSTÁT DE BHUN AIRTEAGAL 4(1)

	Laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na mBallstát in 2030 i ndáil le leibhéal 2005 a bhí acu arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4(3)
An Bheilg	- 35 %
An Bhulgáir	- 0 %
Poblacht na Seice	- 14 %
An Danmhairg	- 39 %
An Ghearmáin	- 38 %
An Eastóin	- 13 %
Éire	- 30 %
An Ghréig	- 16 %
An Spáinn	- 26 %
An Fhrainc	- 37 %
An Chróit	- 7 %
An Iodáil	- 33 %
An Chipir	- 24 %
An Laitvia	- 6 %
An Liotuáin	- 9 %
Lucsamburg	- 40 %
An Ungáir	- 7 %
Málta	- 19 %
An Ísiltír	- 36 %
An Ostair	- 36 %
An Pholainn	- 7 %
An Phortaingéil	- 17 %
An Rómáin	- 2 %
An tSlóivéin	- 15 %
An tSlóvaic	- 12 %
An Fhionlainn	- 39 %
An tSualainn	- 40 %
An Ríocht Aontaithe	- 37 %

IARSCRÍBHINN II

BALLSTÁIT A bhFÉADFAÍ CEALÚ TEORANTA AR LAMHÁLTAIS EU ETS A CHUR SAN ÁIREAMH INA gCÁS MAIDIR LE COMHLÍONADH DE BHUN AIRTEAGAL 6

	Céatadán uasta astaíochtaí gás ceaptha teasa 2005 arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4(3)
An Bheilg	2 %
An Danmhairg	2 %
Éire	4 %
Lucsamburg	4 %
Málta	2 %
An Ísiltír	2 %
An Ostair	2 %
An Fhionlainn	2 %
An tSualainn	2 %

IARSCRÍBHINN III

GLAN-AISTRITHE IOMLÁNA Ó THALAMH FORAOISITHE, Ó THALAMH DÍFHORAOSITHE, Ó THALAMH CURAÍOCHTA BAINISTITHE AGUS Ó FHÉARTHAILTE BAINISTITHE AR FÉIDIR LEIS NA BALLSTÁIT A CHUR SAN ÁIREAMH MAIDIR LE COMHLÍONADH DON TRÉIMHSE 2012 GO 2030 DE BHUN PHOINTE (A) D'AIRTEAGAL 7(1)

	An t-uasmhéid arna shloinneadh i milliúin tona de choibhéis CO ₂
An Bheilg	3,8
An Bhulgáir	4,1
Poblacht na Seice	2,6
An Danmhairg	14,6
An Ghearmáin	22,3
An Eastóin	0,9
Éire	26,8
An Ghréig	6,7
An Spáinn	29,1
An Fhrainc	58,2
An Chróit	0,9
An Iodáil	11,5
An Chipir	0,6
An Laitvia	3,1
An Liotuáin	6,5
Lucsamburg	0,25
An Ungáir	2,1
Málta	0,03
An Ísiltír	13,4
An Ostair	2,5
An Pholainn	21,7
An Phortaingéil	5,2
An Rómáin	13,2
An tSlóivéin	1,3
An tSlóvaic	1,2
An Fhionlainn	4,5
An tSualainn	4,9
An Ríocht Aontaithe	17,8
An méid iomlán:	280

IARSCRÍBHINN IV

MÉID COIGEARTAITHE DE BHUN AIRTEAGAL 10(2)

	Tonaí de choibhéis CO ₂
An Bhulgáir	1 602 912
Poblacht na Seice	4 440 079
An Eastóin	145 944
An Chróit	1 148 708
An Laitvia	1 698 061
An Liotuáin	2 165 895
An Ungáir	6 705 956
Málta	774 000
An Pholainn	7 456 340
An Phortaingéil	1 655 253
An Rómáin	10 932 743
An tSlóivéin	178 809
An tSlóvaic	2 160 210

TREORACHA

TREOIR (AE) 2018/843 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Bealtaine 2018

lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is í Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ an phríomhionstraim dlí a bhaineann le húsáid chórais airgeadais an Aontais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Déanann an Treoir sin, arbh é 26 Meitheamh 2017 an spriocdháta trasuí a bhí aici, creat dlíthiúil éifeachtúil agus cuimsitheach a leagan amach chun díriú ar bhailiú airgid nó maoinne chun críocha sceimhlitheoireachta trí éileamh ar Bhallstáit na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaitheint, a thuiscint agus a mhaolú.
- (2) Léiríonn ionsaithe sceimhlitheoireachta le déanaí treochtaí nua atá ag teacht chun cinn, go háirithe maidir leis an tslí a ndéanann grúpaí sceimhlitheoireachta a n-oibriúcháir a mhaoiniú agus a sheoladh. Is mó ná riamh an tóir atá ar sheirbhísí teicneolaíochta áirithe nua-aimseartha mar chórais airgeadais mhalartacha, ach tá siad fós lasmuigh de raon dhlí an Aontais agus tairbhíonn siad de dhíolúintí ó cheanglais dlí, ar díolúintí iad a bhféadfadh sé nach mbeadh údar maith leo a thuilleadh. Chun coinneáil suas le treochtaí atá ag teacht chun cinn, ba cheart bearta breise a dhéanamh chun a áirithiú go méadaítear an trédhearcacht in idirbhearta airgeadais, in eintitis chorparáideacha agus in eintitis dhlíthiúla eile, chomh maith le hiontaobhais agus comhshocruithe dlíthiúla a bhfuil struchtúr nó feidhmeanna atá comhchosúil le hiontaobhais acu (“comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla”), d’fhonn feabhas a chur ar an gcreat coisctheach atá ann cheana agus d’fhonn maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire gur cheart na bearta a dhéantar a bheith i gcomhréir leis na rioscaí.
- (3) Tá na Náisiúin Aontaithe (NA), *Interpol* agus *Europol* ag tuairisciú gur mó atá coireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht ag teacht le chéile. Is bagairt slándála mhéadaitheach don Aontas atá sa ghaol idir an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht agus sna naisc idir grúpaí coiriúla agus grúpaí sceimhlitheoireachta. Is cuid lárnach d’aon straitéis a thugann aghaidh ar an mbagairt sin atá i gcosc a chur ar an gcórais airgeadais a úsáid chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta.

⁽¹⁾ IO C 459, 9.12.2016, lch. 3.

⁽²⁾ IO C 34, 2.2.2017, lch. 121.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Aibreán 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Bealtaine 2018.

⁽⁴⁾ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

- (4) Cé go bhfuil feabhsúcháin shuntasacha ann arb iad caighdeáin an Tascfhórsa um Gníomhaíocht Airgeadais (FATF) a ghlacadh agus a chur chun feidhme agus na Ballstáit do thacú le hobair na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta i réimse na trédhearcachta le blianta beaga anuas, is léir go bhfuil gá le trédhearcacht fhoriomlán timpeallacht eacnamaíochta agus airgeadais an Aontais a mhéadú tuilleadh. Ní féidir le cosc ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta a bheith éifeachtach mura rud é go bhfuil an timpeallacht ina bhfeidhmíonn coirpigh chun dídean a aimsiú dá ngnóthaí airgeadais trí bhíthin struchtúir neamh-thrédhearcacha doicheallach dóibh. Tá sláine chóras airgeadais an Aontais spleách ar thrédhearcacht na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile, na n-iontaobhas agus na gcomhshocruithe dlíthiúla comhchosúla. Tá sé mar aidhm ag an Treoir seo ní hamháin sciúradh airgid a bhrath agus a imscrúdú ach é a chosc ó tharlú freisin. D'fhéadfadh feabhsú na trédhearcachta a bheith ina dhíspreagadh cumhachtach.
- (5) Cé gur cheart aidhmeanna Threoir (AE) 2015/849 a shaothrú agus aon leasuithe uirthi bheith ag teacht le gníomhaíocht leanúnach an Aontais i réimse na sceimhlitheoireachta agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, ba cheart leasuithe den sórt sin a dhéanamh agus aird chuí ar an gceart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint chomh maith le prionsabal na comhréireachta a urramú agus a chur i bhfeidhm. Léirigh an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, dar teideal “An Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil” an gá atá le bearta chun aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta ar shlí níos éifeachtaí agus níos cuimsithí, ina n-aibhsítear gurb é insíothlú na margaí airgeadais a lamháilann maoiniú sceimhlitheoireachta. Leag na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-18 Nollaig 2015 béim freisin ar an ngá chun gníomhaíocht a dhéanamh go tapa i gcoinne maoiniú sceimhlitheoireachta i ngach réimse.
- (6) Déanann an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún, dar teideal “Plean Gníomhaíochta chun an comhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú” béim a leagan ar an ngá atá le dul in oiriúint do bhagairtí nua agus chun Treoir (AE) 2015/849 a leasú dá réir sin.
- (7) Ba cheart do bhearta an Aontais freisin forbairtí agus gealltanais a rinneadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú go cruinn. Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfí san áireamh Rún 2195 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSCR) maidir le bagairtí do shíocháin agus do shlándáil idirnáisiúnta, agus UNSCR 2199(2015) agus UNSCR 2253(2015) maidir le bagairtí do shíocháin agus do shlándáil idirnáisiúnta ó ghníomhartha sceimhlitheoireachta. Déileálann na UNSCRanna sin, faoi seach, leis na naisc idir sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe trasnáisiúnta, le grúpaí sceimhlitheoireachta a chosc ó rochtain a fháil ar institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus leis an gcreat smachtbhannaí a leathnú chun an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint a áireamh.
- (8) Níl soláthraithe a ghabhann do sheirbhísí malartaithe idir airgeadraí fíorúla agus airgeadraí *fiat* (is é sin monaí agus nótaí bainc atá ainmnithe mar dhlíthairiscint agus airgead leictreonach, tíre, a ghlactar mar mheán malartaithe sa tír eisiúna) chomh maith le soláthraithe caomhnóirí tiachóige faoi oibleagáid Aontais ar bith chun gníomhaíocht amhrasach a shainiú. Mar sin, féadfaidh sé go bhfuil grúpaí sceimhlitheoireachta ábalta airgead a aistriú isteach i gcóras airgeadais an Aontais nó laistigh de líonraí airgeadra fíorúla trí aistrithe a cheilt nó trí thairbhí de mhéid áirithe anaithnid ar na hardáin sin. Tá sé ríochtánach, dá bhrí sin, raon Threoir (AE) 2015/849 a leathnú ionas go n-áireofar soláthraithe a ghabhann do sheirbhísí malartaithe idir airgeadraí fíorúla agus airgeadraí fiat chomh maith le soláthraithe caomhnóirí tiachóige. Chun críocha frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CFT) a chomhrac, ba cheart d'údarás inniúla a bheith ábalta faireachán a dhéanamh ar úsáid na n-airgeadraí fíorúla trí bhíthin eintitis faoi oibleagáid. Chuirfeadh faireachán den sórt sin cur chuige cothrom agus comhréireach ar fáil, agus an dul chun cinn teicniúil agus an leibhéal ard trédhearcachta a shroictear i réimse an airgeadais mhalartaigh agus na fiontraíochta sóisialta á gcoimirciú.
- (9) Leis an ngné ainaitnid atá ag airgeadraí fíorúla, cruthaítear an fhéidearthacht go bhféadfaí iad a úsáid chun críoch coiriúil. Trí chuimsiú na soláthraithe a ghabhann do seirbhísí malartaithe idir airgeadraí fíorúla agus airgeadraí fiat mar aon le soláthraithe caomhnóirí tiachóige, ní thabharfaidh sé sin ann féin aghaidh go hiomlán ar shaincheist na hanaithnid a ghabhann le hidirbhearta airgeadra fhíorúil, mar beidh cuid mhór den timpeallacht airgeadra fhíorúil fós anaithnid ós féidir le húsáideoirí idirbheartú freisin d'uireasa na soláthraithe den sórt sin. Chun na rioscaí a bhaineann leis an anaithnid a chomhrac, ba cheart d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (FIUnna) náisiúnta a bheith ábalta faisnéis a fháil a thabharfaidh an deis dóibh seoltaí airgeadra fhíorúil a cheangal le céannacht úinéir an airgeadra fhíorúil. Sa bhreis air sin, ba cheart a mheasúnú tuilleadh an féidir ligean d'úsáideoirí féindearbhu a dhéanamh chuig údarás ainmnithe ar bhonn deonach.

- (10) Níor cheart go mbeadh aon mhearbhall idir airgeadraí fíorúla agus airgead leictreonach mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, leis an gcoincheap níos leithne a ghabhann le “cisti” faoi mar a shainmhínítear i bpointe (25) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, ná le luach airgid a stóráiltear ar ionstraimí atá díolmhaithe mar a shonraítear i bpointí (k) agus (l) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2015/2366, ná le hairgeadraí i gcluichí, ar féidir iad a úsáid go heisiach laistigh de thimpeallacht shonrach cluichí. Cé gur féidir airgeadraí fíorúla a úsáid go minic mar mheán íocaíochta, d'fhéadfaí iad a úsáid freisin chun críocha eile agus féadfar feidhmeanna níos leithne a aimsiú dóibh amhail meán malartaithe, mar infheistíocht, táirgí stórála luacha nó iad a úsáid i gcaisíní ar líne. Is é cuspóir na Treorach seo ná úsáidí féideartha uile na n-airgeadraí fíorúla a chuimsiú.
- (11) Níor cheart airgeadraí áitiúla, ar a dtugtar airgeadraí comhlántacha freisin, a úsáidtear i líonraí an-teoranta amhail cathair nó réigiún agus i measc líon beag úsáideoirí a mheas mar airgeadraí fíorúla.
- (12) Maidir le gaolmhaireachtaí gnó nó idirbhearta a bhaineann le tríú tíortha ardriosca, ba cheart iad a theorannú nuair a dhéantar laigí suntasacha i gcóras AML/CFT na dtríú tíortha lena mbaineann a shainaitheint, mura rud é go bhfuil bearta maolaithe breise leormhaithe nó frithbhearta breise leormhaithe á gcur i bhfeidhm. Nuair a bheifear ag déileáil le cásanna ardriosca den sórt sin agus le gaolmhaireachtaí gnó nó idirbhearta den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar eintitis faoi oibleagáid bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú. Cinneann gach Ballstát, dá bhrí sin, ar an leibhéal náisiúnta an cineál beart díchill chuí fheabhsaithe a bheidh le glacadh i dtaca le tríú tíortha ardriosca. Cruthaíonn an cur chuige éagsúil idir na Ballstáit laigí maidir le bainistiú ghaolmhaireacht gnó a bhaineann le tríú tíortha ardriosca mar atá siad sainaitheanta ag an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach éifeachtacht an liosta tríú tíortha ardriosca arna bhunú ag an gCoimisiún a fheabhsú trí chóireáil chomhchuibhithe a chur ar fáil do na tíortha sin ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go ndíreodh an cur chuige comhchuibhithe sin go príomha ar bhearta díchill chuí fheabhsaithe do chustaiméirí, i gcás nach gceanglaítear na bearta sin a dhéanamh cheana féin faoin dlí náisiúnta. I gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta, ba cheart go ligfí do Bhallstáit a chur de cheangal ar eintitis faoi oibleagáid, i gcás inarb infheidhme, bearta maolaithe breise a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a chomhlánaíonn bearta díchill chuí fheabhsaithe do chustaiméirí, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe agus aird á tabhairt ar imthosca sonracha na ngaolmhaireacht ghnó nó na n-idirbheart. Féadfaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta agus lucht leagtha amach caighdeán atá inniúil i ndáil le sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a iarraidh go ndéanfaí frithbhearta iomchuí a chur i bhfeidhm chun an córas airgeadais idirnáisiúnta a chosaint ó na rioscaí leanúnacha agus substaintiúla a bhaineann le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta a thagann ó thíortha áirithe. De bhreis air sin, ba cheart do Bhallstáit cur de cheangal ar eintitis faoi oibleagáid bearta maolaitheacha breise maidir le tríú tíortha ardriosca atá sainaitheanta ag an gCoimisiún a achtú agus a chur i bhfeidhm trí ghlaonna ar fhrithbhearta agus moltaí, amhail na cinn sin a léirigh FATF, agus trí fhreagrachtaí a eascraíonn as comhaontuithe idirnáisiúnta a chur san áireamh.
- (13) Mar gheall ar chineál athraitheach bagairtí agus leochaileachtaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, ba cheart don Aontas cur chuige comhtháite a ghlacadh maidir leis na ceanglais ar leibhéal an Aontais a bheith á gcomhlíonadh ag córais AML/CFT náisiúnta, trí mheasúnú ar éifeachtacht na gcórais náisiúnta sin a chur san áireamh. Chun faireachán a dhéanamh ar thrasú ceart ceanglais an Aontais i gcórais AML/CFT náisiúnta, ar chur chun feidhme éifeachtach na gceanglas sin agus ar chumas na gcórais sin creat coiscitheach éifeachtach a chur i gcrích, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a bhunú ar na córais AML/CFT náisiúnta ar cheart nár dhochar é do mheasúnuithe arna ndéanamh ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag lucht leagtha amach caighdeán atá inniúil i ndáil le sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, amhail FATF nó an Coiste Saineolaithe maidir le Meastóireacht ar Bhearta Frithsciúrtha Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta.
- (14) Tá úsáidí dlísteanaacha ag cártaí ilchuspóireacha réamhíochta agus is ionann iad agus ionstraim a rannchuidíonn le cuimsiú sóisialta agus airgeadais. Is furasta, áfach, cártaí réamhíochta anaithnide a úsáid i maoiniú ionsaithe sceimhlitheoireachta agus loighistice. Tá sé riachtanach mar sin an modh seo chun a n-oibríochtaí a mhaoiniú a shéanadh ar sceimhlitheoirí, trí na teorainneacha agus na méideanna uasta a laghdú tuilleadh ar fúthu nach gceadaítear d'eintitis bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2015/849 a chur i

⁽¹⁾ Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoriseoireacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

⁽²⁾ Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

bhfeidhm. Dá bhrí sin, agus ag féachaint go cuí do riachtanais na dtomhaltóirí in úsáid ionstraimí réamhíochta cuspóra ginearálta agus gan úsáid na n-ionstraimí sin a chosc chun cuimsiú sóisialta agus airgeadais a chur chun cinn, tá sé fíor-riachtanach san am céanna tairseacha na gcártaí ilchuspóireacha réamhíochta anaithnide a ísliú agus an custaiméir a shainaithint sa chás go ndéantar cian-idirbhearta íocaíochta inar mó ná EUR 50 méid an idirbhirt.

- (15) Cé go bhfuil úsáid na gcártaí réamhíochta anaithnide a eisítear san Aontas teoranta go bunúsach do chríoch an Aontais amháin, ní mar sin an cás i gcónaí le cártaí comhchosúla a eisítear i dtríú tíortha. Tá sé tábhachtach mar sin a áirithiú nach féidir cártaí réamhíochta anaithnide a eisítear lasmuigh den Aontas a úsáid san Aontas ach amháin i gcás go meastar go gcomhlíonann siad ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin a leagtar amach i ndlí an Aontais. Ba cheart an rial a achtú i lán-chomhlíonadh oibleagáidí an Aontais i leith trádáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear forálacha an Chomhaontaithe Ghinearálta maidir le Trádáil Seirbhísí.
- (16) Tá ról tábhachtach ag FIUnna i sainathint oibríochtaí airgeadais na líonraí sceimhlitheoireachta, go háirithe thar theorainneacha, agus i mbrath a n-urraitheoirí airgeadais. D'fhéadfadh faisnéis airgeadais a bheith bunriachtanach chun éascú cionta sceimhlitheoireachta mar aon le líonraí agus scéimeanna eagraíochtaí sceimhlitheoireachta a aimsiú. De dheasca easpa caighdeán idirnáisiúnta forordaitheach, cothaíonn FIUnna éagsúlachtaí suntasacha maidir lena bhfeidhmeanna, a n-inniúlachtaí agus a gcumhachtaí. Ba cheart do na Ballstáit dícheall a dhéanamh chun cur chuige níos éifeachtúla agus comhordaithe a áirithiú chun déileáil le himscrúduithe airgeadais a bhaineann le sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear imscrúduithe a bhaineann le droch-úsáid airgeadraí fíorúla. Níor cheart go ndéanfadh na héagsúlachtaí reatha difear, áfach, do ghníomhaíocht FIU, go háirithe a chumas chun anailísí coisctheacha a fhorbairt mar thaca le gach údarás atá i gceannas gníomhaíochtaí faisnéise, imscrúdaithe agus breithiúnacha, agus comhoibriú idirnáisiúnta. I bhfeidhmiú a gcuid cúraimí dóibh, ba cheart go mbeadh rochtain ag FIUnna ar fhaisnéis agus go mbeadh siad ábalta í a mhalartú gan chonstaicí, lena n-áirítear trí chomhar cuí le húdaráis forfheidhmithe dlí. I ngach cás coiriúlachta amhrasta agus, go háirithe, i gcásanna ina bhfuil maoiniú sceimhlitheoireachta i gceist, ba cheart go rithfeadh faisnéis go díreach agus go tapa gan mhoill mhíchuí. Tá sé riachtanach mar sin éifeachtacht agus éifeachtúlacht FIU a fheabhsú tuilleadh, trí shoiléiriú cumhachtaí FIUnna agus trí chomhar eatarthu.
- (17) Ba cheart go mbeadh FIUnna ábalta an fhaisnéis uile is gá a bhaineann lena bhfeidhmeanna a fháil ó aon eintiteas faoi oibleagáid. Tá a rochtain gan srian ar fhaisnéis riachtanach lena áirithiú gur féidir sreafaí airgid a rianú go cuí agus líonraí aindleathacha agus sreafaí a bhrath go luath. Maidir leis na ngá atá ag FIUnna faisnéis bhreise a fháil ó eintitis faoi oibleagáid bunaithe ar amhras sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht sin a spreagadh trí thuairisc roimh ré ar idirbheart amhrasach a thuairisciú chuig FIU, ach freisin trí mhodhanna eile amhail anailís FIU féin, faisnéis a sholáthair údaráis inniúla nó faisnéis atá i seilbh FIU eile. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh FIUnna, i gcomhthéacs a gcuid feidhmeanna, ábalta faisnéis a fháil ó aon eintiteas faoi oibleagáid, fiú gan tuairisc roimh ré a bheith déanta. Ní áirítear leis seo iarrataí as éadan ar fhaisnéis a chur chuig eintitis faoi oibleagáid i gcomhthéacs anailís FIUnna, ach is iarrataí ar fhaisnéis bunaithe ar dhálaí atá sainithe go leordhóthanach atá i gceist. Ba cheart go mbeadh FIU ábalta an fhaisnéis sin a fháil ar iarraidh arna déanamh ag FIU eile den Aontas agus an fhaisnéis a mhalartú leis an FIU iarrthach.
- (18) Is é is cuspóir don FIU ná faisnéis a fhaigheann sé a bhailiú agus a anailísiú agus é d'aidhm aige naisc a shuí idir idirbhearta a bhfuil amhras ann fúthu agus gníomhaíocht choiriúil is bun dóibh chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, agus torthaí a chuid anailíse chomh maith le faisnéis bhreise a scaipeadh ar na húdaráis inniúla i gcás ina bhfuil forais ann lena bheith amhrasach faoi sciúradh airgid, faoi chionta preideacáide bainteacha nó faoi mhaoiniú sceimhlitheoireachta a bheith ann. Níor cheart do FIU staonadh ó mhalartú faisnéise le FIU eile ná é a dhiúltú, amach glan nó de dhroim iarrata, ar chúiseanna amhail nach ndearnadh cion preideacáide bainteach a shainaithint, gnéithe de na dlíthe coiriúla náisiúnta agus difríochtaí idir sainmhínte ar chionta preideacáide bainteacha nó easpa tagartha do chionta preideacáide bainteacha áirithe. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do FIU a thoiliú roimh ré a thabhairt do FIU eile i dtaobh an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla gan beann ar an gcineál ciona preideacáide bhaintigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun go bhféadfar scaipeadh na faisnéise a dhéanamh go héifeachtach. Thuairisc FIUnna deacrachtaí i dtaca le faisnéis a mhalartú atá bunaithe ar dhifríochtaí idir sainmhínte náisiúnta ar chionta preideacáide áirithe, amhail cionta cánach, nach bhfuil comhchuibhithe le dlí an Aontais. Níor cheart go gcuirfeadh na difríochtaí seo isteach ar an malartú frithpháirteach, ar an scaipeadh ar údaráis náisiúnta ná ar úsáid na faisnéise sin faoi mar a shainítear leis an Treoir seo. Ba cheart do FIUnna, go tapa, go cuiditheach agus go héifeachtúil, an raon is leithne comhair idirnáisiúnta a thabhairt do FIUnna tríú tíortha i ndáil le sciúradh airgid, le cionta preideacáide bainteacha agus le maoiniú sceimhlitheoireachta i gcomhréir le Moltaí FATF agus le Prionsabail Egmont maidir le Malartú Faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais.

- (19) Faisnéis de chineál stuamachta a bhaineann le hinstiúidí creidmheasa agus airgeadais, amhail faisnéis a bhaineann le hoiriúnacht agus cuibhiúlacht stiúrthóirí agus scairshealbhóirí, leis na sásraí rialaithe inmheánacha, le rialachas nó le comhlíonadh agus bainistiú riosca, is minic a bhíonn an fhaisnéis sin fíor-riachtanach le haghaidh maoirseacht leormhaith ag AML/CFT ar na hinstiúidí sin. An gcaoi chéanna, tá faisnéis AML/CFT tábhachtach freisin chun maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar na hinstiúidí sin. Dá bhrí sin, níor cheart go ndéanadh neamhdheimhneacht dhlíthiúil a d'fhéadfadh eascairt as easpa forálacha sainráite sa réimse seo cur isteach ar mhalartú faisnéise faoi rún agus ar chomhoibriú idir údaráis inniúla AML/CFT a dhéanann maoirseacht ar instiúidí creidmheasa agus airgeadais agus na maoirseoirí stuamachta. Is tábhachtaí fós an soiléiriú ar an great dlíthiúil ós rud é go bhfuil maoirseacht stuamachta, i líon áirithe cásanna, curtha ar iontaoibh maoirseoirí neamh-AML/CFT, amhail an Banc Ceannais Eorpach (BCE).
- (20) Cuireann rochtain mhoillithe ar fhaisnéis ag FIUnna agus ag údaráis inniúla eile ar chéannacht sealbhóirí cuntas bainc agus íocaíochta agus taisceadán, go háirithe cinn anaithnide, srian ar bhrath aistrithe cistí a bhaineann le sceimhlitheoireacht. Na sonraí náisiúnta lena ligtear do chuntais banc agus íocaíochtaí agus taisceadán is le duine amháin a shainithint, tá siad blúirithe agus dá bhrí sin níl rochtain ag FIUnna agus údaráis inniúla eile orthu ar mhodh tráthúil. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, sásraí uathoibríthe láraithe, amhail clár nó córas aisghabhála sonraí a bhunú i ngach Ballstát mar mhodh éifeachtach chun rochtain thráthúil a fháil ar fhaisnéis maidir le céannacht sealbhóirí cuntas banc agus íocaíochta mar aon le taisceadán, a seachshealbhóirí, agus a n-úinéirí tairbheacha. Nuair a bheidh na forálacha rochtana á gcur i bhfeidhm, is iomchuí na sásraí atá ann cheana a úsáid ar choinníoll gur féidir le FIUnna na sonraí a ndéantar fiosruithe maidir leo a rochtain ar mhodh láithreach agus neamhscaigtha. Ba cheart do na Ballstáit smaoinemh ar an sásra sin a fhothú le faisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach agus comhréireach ionas go ndéanfar maolú níos éifeachtaí ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta. Maidir le fiosruithe agus le faisnéis ghaolmhar ó FIUnna agus ó údaráis inniúla seachas na húdaráis sin atá freagrach as ionchúiseamh, ba cheart lán-rúnmhaireacht a áirithiú ina leith.
- (21) Chun príobháideacht a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint, ba cheart go gcoimeádfáil na sonraí íosta is gá chun imscrúduithe AML/CFT a dhéanamh a shealbhú sna sásraí uathoibríthe láraithe do chuntais bainc agus íocaíochta, amhail clárlanna nó córais aisghabhála sonraí. Ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit a chinneadh cad iad na sonraí atá úsáideach agus comhréireach le bailiú, á chur san áireamh dóibh na córais agus na traidisiúin dlíthiúla atá ann chun a chumasú sainithint chiallmhar a dhéanamh ar na húinéirí tairbhiúla. Nuair a bheidh na forálacha a bhaineann leis na sásraí sin á dtrasú, ba cheart do na Ballstáit tréimhsí coinneála a leagan amach atá coibhéiseach leis an tréimhse choinneála le haghaidh doiciméadacht agus faisnéis a fhaightear laistigh de chur i bhfeidhm na mbeart díchill chuí do chustaiméirí. Ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit an tréimhse choinneála a fhadú ar bhonn ginearálta le dlí, ach fós gan gá a bheith le cinntí ar bhonn cás ar chás. Níor cheart go rachadh an tréimhse choinneála bhreise thar 5 bliana breise. Ba cheart nár dhochar an tréimhse sin don dlí náisiúnta lena leagtar amach ceanglais eile do choinneáil sonraí lena gceadaítear cinntí cás ar chás chun imeachtaí coiriúla nó riaracháin a éascú. Ba cheart rochtain ar na sásraí sin a bheith teoranta ar bhonn riachtanais.
- (22) Tá sainithint agus fíorú cruinn sonraí daoine nádúrtha agus dlítheanacha bunriachtanach chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Cumasaíonn na forbairtí teicniúla is déanaí i ndigitiú na n-idirbheart agus na n-íocaíochtaí céannú cianda nó leictreonach slán. Ba cheart na modhanna céannaithe sin mar a leagtar amach iad i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ a chur san áireamh, go háirithe i dtaca le scéimeanna ríomh-shainitheantais dá dtugtar fógra agus modhanna a áirithíonn aithint dhlíthiúil trasteorann, a thairgeann uirlisí slána ardleibhéil agus a sholáthraíonn tagarmharc trína bhféadfar measúnú na modhanna céannaithe arna gcur ar bun ar an leibhéal náisiúnta a sheiceáil. Sa bhreis air sin, féadfar próisis céannaithe chianda nó leictreonacha shlána eile, atá rialaithe, aitheanta nó formheasta ag an údarás inniúil náisiúnta nó a bhfuil glactha aige leo ar an leibhéal náisiúnta, a chur san áireamh. I gcás inarb iomchuí, ba cheart sainithint doiciméad leictreonach agus seirbhísí iontaoibhe mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a chur san áireamh freisin sa phróiseas céannachta. Ba cheart prionsabal neodracht na teicneolaíochta a chur san áireamh i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- (23) Ionas go sainnithneofar daoine atá faoi riteacht pholaitiúil san Aontas, ba cheart do na Ballstáit liostaí a eisiúint ina léirithe ar na feidhmeanna sonracha a cháilíonn mar fheidhmeanna poiblí tábhachtacha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a iarraidh ar gach eagraíocht idirnáisiúnta atá creidiúnaithe ar a gcríoch liosta de na feidhmeanna poiblí tábhachtacha ag an eagraíocht idirnáisiúnta sin a eisiúint agus a choimeád cothrom le dáta.
- (24) Braitheann an cur chuige chun custaiméirí atá ann cheana a athbhreithniú sa chreat reatha ar chur chuige rioscabhunaithe. Mar gheall ar an riosca níos airde atá ann do sciúradh airgid, do mhaoiniú sceimhlitheoireachta agus do chionta preideacáide bainteacha atá bainteach le struchtúir idirmheánacha áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh an cur chuige sin deis chun rioscaí a bhrath agus a mheasúnú go tráthúil. Tá sé tábhachtach mar sin a áirithiú go ndéanfar faireachán ar bhonn tráthrialta ar chatagóirí custaiméirí láithreacha áirithe atá sonraithe go soiléir.
- (25) Ceanglaítear ar na Ballstáit i láthair na huairé a áirithiú go bhfaighidh agus go sealbhóidh eintitis chorpáraideacha agus eintitis dhlíthiúla eile arna n-ionchorprú ina gcríoch faisnéis leormhaith, chruinn agus reatha maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil. An gá atá le faisnéis chruinn agus chothrom le dáta ar an úinéir thairbhiúil, is príomhthoisic é i rianú coirpeach a d'fhéadfadh a bheith ar shlí eile ábalta a gcéannacht a cheilt laistiar de struchtúr corparáideach. Leis an gcóras airgeadais idirnasctha domhanda, is féidir cistí a cheilt agus a bhogadh timpeall an domhain, agus is minice atá an deis sin á tapú ag lucht sciúrtha airgid agus maoinitheoirí sceimhlitheoireachta chomh maith le coirpigh eile.
- (26) Ba cheart go soiléireofaí an toisc shonrach lena gcinntear an Ballstát atá freagrach as faireachán agus clárú faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil na n-iontaobhas agus na gcomhshocruithe dlíthiúla comhchosúla. De dheasca difríochtaí i gcórais dlí na mBallstát, ní dhéantar faireachán ná clárú ar iontaobhais agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla áirithe áit ar bith san Aontas. Ba cheart faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla a chlárú san áit ina bhfuil iontaobhaithe na n-iontaobhas agus daoine ag a bhfuil poist choibhéiseacha acu i gcomhshocruithe dlíthiúla comhchosúla bunaithe nó san áit a bhfuil cónaí orthu. Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus clárú éifeachtach ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, tá comhar idir na Ballstáit riachtanach freisin. Trí idirnascthadh chlár na mBallstát d'uinéirí thairbhiúla iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, bheadh an fhaisnéis sin inrochtana, agus d'áiríteofaí leis go ndéanfar ilchlárú ar na hiontaobhais chéanna agus na comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla céanna laistigh den Aontas a sheachaint freisin.
- (27) Na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le hiontaobhais agus le comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla i ndáil le rochtain ar fhaisnéis maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil, ba cheart go mbeadh siad inchomparáide leis na rialacha comhfheagracha is infheidhme maidir le heintitis chorpáraideacha agus le heintitis dhlíthiúla eile. De dheasca raon leathan na gcineálacha iontaobhas atá san Aontas faoi láthair, agus de dheasca freisin a éagsúlú fós atá comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, ba cheart gurb iad na Ballstáit a dhéanadh an cinneadh i dtaobh iontaobhas nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a bheith comhchosúil ar mhodh comparáideach le heintitis chorpáraideacha nó le heintitis dhlíthiúla eile nó gan a bheith. Ba cheart gurb é a bheadh mar aidhm leis an dlí náisiúnta trína ndéantar na forálacha seo a thrasú ná cosc a chur ar iontaobhais nó comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla a úsáid chun críocha sciúrtha airgid, maoinithe sceimhlitheoireachta nó cionta preideacáide bainteacha.
- (28) Ag féachaint do na saintréithe difriúla atá ag iontaobhais agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, ba cheart go mbeadh ar chumas na mBallstát, faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí, an leibhéal trédhearachta i ndáil le hiontaobhais agus le comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla nach bhfuil inchomparáide le heintitis chorpáraideacha nó le heintitis dhlíthiúla eile a chinneadh. Is féidir le difríochtaí a bheith sna rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta, bunaithe ar shaintréithe an chineáil iontaobhais nó an chineáil comhshocráithe dhlíthiúil chomhchosúil, agus is féidir leis an tuiscint atá ann i dtaca leis na rioscaí sin éabhlóidiú in imeacht ama, mar shampla mar thoradh ar mheasúnuithe riosca náisiúnta agus fornáisiúnta. Ar an gcúis sin, ba cheart go mbeadh Ballstáit in ann a fhoráil le dlí go mbeadh rochtain níos leithne ar fhaisnéis i dtaobh úinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, más amhlaidh gur beart riachtanach agus comhréireach é rochtain den sórt sin chun fónamh don aidhm dhlisteanach an córas airgeadais a úsáid chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Nuair a bhíonn leibhéal trédhearachta na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas nó comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla den sórt sin á chinneadh, ba cheart go mbeadh aird chuí ag na Ballstáit ar chearta bunúsacha na ndaoine aonair a chosaint, go háirithe an ceart chun príobháideachta agus an ceart go gcosnófar sonraí pearsanta. Ba cheart rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas nó comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla a dheonú d'aon duine atá in ann leas dlisteanach a léiriú. Ba cheart rochtain a dheonú freisin d'aon duine a thaisceann iarraidh i scríbhinn i ndáil le hiontaobhas nó le comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a shealbháil leas rialaitheach in aon eintiteas corparáideach nó in aon eintiteas dlíthiúil eile atá corpraithe lasmuigh den Aontas, nó a bhfuil úinéireacht aige ar leas rialaitheach den sórt sin, trí bhíthin úinéireacht dhíreach nó indíreach, lena n-áirítear trí scairshealbháid iompróra, nó trí rialú ar mhodh eile. Na critéir agus coinníollacha lena ndéanfaítear rochtain ar iarrataí ar fhaisnéis

maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, ba cheart go mbeadh siad beacht go leor agus ag teacht le haidhmeanna na Treorach seo. Ba cheart go bhféadfadh Ballstáit iarraidh i scríbhinn a dhiúltú más rud é go bhfuil forais réasúnacha ann a fhágfaidh go bhfuil siad in amhras nach bhfuil an iarraidh i scríbhinn ag teacht le cuspóirí na Treorach seo.

- (29) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus machaire comhréidh a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach a leagan amach go soiléir cé acu de na comhshocruithe dlíthiúla arna mbunú ar fud an Aontais ba cheart a mheas mar chomhshocruithe atá comhchosúil le hiontaobhais trí éifeacht a bhfeidhmeanna nó a struchtúr. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé de cheangal ar gach Ballstát a shainaitheant cad iad na hiontaobhais, má tá siad aitheanta leis an dlí náisiúnta, agus na comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla a fhéadfar a chur ar bun de bhun a chreata dhlíthiúil nó a nósmaireachta náisiúnta agus a bhfuil struchtúr nó feidhmeanna acu atá comhchosúil le hiontaobhais, amhail struchtúir nó feidhmeanna a chumasaíonn deighilt nó dínascadh idir úinéireacht dhlíthiúil agus úinéireacht thairbhiúil na sócmhainní. Dá éis, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh catagóirí, tuairiscí na saintréithe, ainmneacha agus, i gcás inarb infheidhme, bunús dlí na n-iontaobhas agus na gcomhshocruithe dlíthiúla comhchosúla sin d'fhonn go bhfoilseofaí iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun a chumasú do na Ballstáit eile iad a shainaitheant. Ba cheart a chur san áireamh go bhféadfadh saintréithe dlíthiúla difriúla a bheith ag iontaobhais agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla ar fud an Aontais. Más rud é go bhfuil saintréithe iontaobhais nó comhshocraithe dhlíthiúil chomhchosúil inchomparáide ó thaobh struchtúir nó feidhmeanna de le saintréithe eintiteas corparáideach nó eintiteas dlíthiúil eile, rannchuideodh rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil le mí-úsáid na n-iontaobhas agus na gcomhshocruithe dlíthiúla comhchosúla a chomhrac, atá comhchosúil leis an gcaoi ar féidir le rochtain phoiblí rannchuidiú le drochúsáid eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil eile sciúradh airgid agus maoiniú sciemhlitheoireachta a chosc.
- (30) Lamháilann rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil grinnscrúdú níos mó ar fhaisnéis ag an tsochaí sibhialta, lena n-áirítear ag an bpreas nó ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus rannchuidíonn sí le hiontaobhais i sláine na n-idirbheart gnó agus an chórais airgeadais a chaomhnú. Is féidir léi rannchuidiú le mí-úsáid eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil agus comhshocruithe dlíthiúla eile chun sciúradh airgid nó maoiniú sciemhlitheoireachta a chomhrac, trí chuidiú le himscrúduithe agus trí éifeachtaí clú araon, ós rud é go bhfuil aon duine a d'fhéadfadh idirbhearta a dhéanamh leo ar an eolas faoi chéannacht na n-úinéirí tairbhiúla. Éascaíonn sé freisin cur ar fáil tráthúil agus éifeachtúil faisnéise d'institiúidí airgeadais agus do na húdaráis, lena n-áirítear údaráis tríú tíortha, a bhfuil baint acu leis an gcomhrac in aghaidh cionta den sórt sin. Chuideodh rochtain ar an bhfaisnéis sin freisin le himscrúduithe ar sciúradh airgid, ar chionta preideacáide bainteacha agus ar mhaoiniú sciemhlitheoireachta.
- (31) Braitheann muinín infheisteoirí agus an phobail i gcoitinne as margáí airgeadais cuid mhaith ar chóras nochna cruinn a bheith ann, rud a sholáthraíonn trédhearcacht in úinéireacht thairbhiúil agus i struchtúir rialaithe na gcuideachtaí. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás córais rialachais chorparáidigh a bhfuil tréithe dlíthiúla éireachta acu, amhail an ceann san Aontas. Ar thaobh amháin, d'fhéadfadh infheisteoirí móra le cearta suntasacha vótála agus sreafa airgid fás fadtéarmach agus feidhmíocht dhaingean a spreagadh. Ar an taobh eile, áfach, féadfaidh úinéirí tairbhiúla rialaithe le bloic mhóra vótála dreasachtaí a bheith acu chun sócmhainní agus deiseanna corparáideacha a atreorú i gcomhair luáíocht phearsanta agus na hinfeisteoirí mionlaigh a bheith thíos leis. Ba cheart breathnú ar an méadú féideartha ar an muinín sna margáí airgeadais mar fho-éifeacht dearfach agus ní mar an cuspóir atá le trédhearcacht a mhéadú, arb ann don chuspóir sin chun timpeallacht a chruthú ar lú an dóchúlacht go mbainfí úsáid aisti chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sciemhlitheoireachta.
- (32) Braitheann muinín infheisteoirí agus an phobail i gcoitinne as margáí airgeadais cuid mhaith ar chóras nochna cruinn a bheith ann, rud a sholáthraíonn trédhearcacht i dtaca le húinéireacht thairbhiúil agus struchtúir rialaithe na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile chomh maith le cineálacha áirithe iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a cheadú ar bhealach atá comhleanúnach agus comhordaithe go leor, trí rialacha soiléire maidir le rochtain ag an bpobal a bhunú ionas go mbeidh tríú páirtithe ábalta a fháil amach, ar fud an Aontais, cé hiad úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile chomh maith le cineálacha áirithe iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla.
- (33) Ba cheart go gceadódh na Ballstáit, mar sin, rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil eile ar shlí sách comhtháite agus comhordaithe, trí na cláir lárnacha ina leagtar amach faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil, trí rialú shoiléir rochtana poiblí a bhunú, ionas go mbeidh tríú páirtithe ábalta a fháil amach, ar fud an Aontais, cé hiad úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile. Tá sé fíor-riachtanach freisin creat dlíthiúil comhleanúnach a bhunú lena n-áirithítear rochtain níos fearr ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, a luaithe a dhéantar iad a chlárú laistigh den Aontas. Na rialacha is infheidhme maidir le hiontaobhais agus le comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla i ndáil le rochtain ar fhaisnéis maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil, ba cheart go mbeadh siad inchomparáide leis na rialacha comhfhreagracha is infheidhme maidir le heintitis corparáideacha agus le heintitis dlíthiúla eile.

- (34) I ngach cás, a mhéid a bhaineann le heintitis chorparáideacha agus le heintitis dhlíthúla eile araon, chomh maith le hiontaobhais agus le comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, ba cheart féachaint le cothromaíocht chóir a aimsiú go háirithe idir leas an phobail i gcoitinne i sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí. Ba cheart an tacar sonraí atá le cur ar fáil don phobal a bheith teoranta, sainmhínithe go soiléir agus go hiomlán, agus ba cheart go mbeadh sé de chineál ginearálta, chun go n-íoslaghdófar an dochar ionchasach do na húinéirí tairbhiúla. Ag an am céanna, níor cheart go mbeadh difríocht shuntasach idir an fhaisnéis atá inrochtana don phobal agus na sonraí a bhailítear faoi láthair. Chun an bac ar an gceart ar urraim dá saol príobháideach go ginearálta a theorannú agus ar a sonraí pearsanta a chosaint go háirithe, ba cheart go mbainfeadh an fhaisnéis sin go bunúsach le stádas úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil eile agus iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, agus ba cheart go mbainfeadh sé go docht leis an réimse gníomhaíochta eacnamaíche ina n-oibríonn na húinéirí tairbhiúla. Sna cásanna sin nár sainithníodh oifigeach sinsearach bainistíochta mar an t-úinéir tairbhiúil ach ex officio agus ní trí leas úinéireachta a shealbhaítear nó trí rialú a fheidhmiú ar shlí eile, ba cheart go mbeadh sé sin le feiceáil go soiléir sna cláir. Maidir le faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla, is féidir le Ballstáit foráil do fhaisnéis faoi náisiúntacht a áireamh sa chlár lárnach, go háirithe i gcás úinéirí tairbhiúla neamhdhúchasacha. Chun nósanna imeachta na clárlainne a éascú, agus de bhrí gur náisiúnaigh de chuid an stáit a chohabhálann an clár lárnach a bheidh i bhformhór mór na n-úinéirí tairbhiúla, féadfaidh Ballstáit a thiomhndiú gur duine dá náisiúntacht féin atá in úinéir tairbhiúil sa chás nach ndéantar aon iontráil dá mhalairt.
- (35) Rannchuideoidh an grinnscrúdú poiblí feabhsaithe le mí-úsáid na n-eintiteas dlíthiúil agus na gcomhshocruithe dlíthiúla, lena n-áirítear seachaint cánach, a chosc. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh an fhaisnéis sin fós ar fáil trí na cláir náisiúnta agus trí chóras idirnasctha na gclár ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis do na forais le faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil an iontaobhais nó an chomhshocraithe dhlíthiúil chomhchosúil a chlárú scor de bheith ann. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit ábalta, áfach, foráil a dhéanamh le dlí chun próiseáil na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil, lena n-áirítear sonraí pearsanta chun críoch eile, má chomhlíonann an phróiseáil sin cuspóir leasa poiblí agus más beart é atá riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach don aidhm dhlísteanaigh a shaothraítear.
- (36) Anuas air sin, agus é mar aidhm acu cur chuige comhréireach agus cothrom a áirithiú agus na cearta chun saoil phríobháidigh agus chun cosaint sonraí pearsanta a ráthú, ba cheart gurbh fhéidir le Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ó fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a nochtadh trí na cláir faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil, agus ó rochtain ar an bhfaisnéis sin, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina nochtadh an fhaisnéis sin an t-úinéir tairbhiúil do bhaol díreireach calaoise, fuadaigh, dúmhála, sractha, ciaptha, foréigin nó imeaglaith. Ba cheart gurbh fhéidir le Ballstáit freisin a cheangal go ndéanfaí clárú ar líne chun aon duine a iarrann faisnéis ón gclár a shainithint, chomh maith le go ndéanfaí táille a íoc ar rochtain ar an bhfaisnéis sa chlár.
- (37) Tá gá le comhordú ar chórais náisiúnta ag a bhfuil sainréithe teicniúla éagsúla chun go mbeadh idirnasctha ann idir cláir lárnacha na mBallstát ina bhfuil faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a shealbhaítear tríd an Ardán Lárnach Eorpach arna bhunú le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾. Chuige sin, caithfear bearta teicniúla agus sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh ar gá dóibh aird a thabhairt ar dhifriochtaí idir cláir. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna teicniúla agus oibríochtaí den sórt sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾. In aon chás, ba cheart rannpháirtíocht na mBallstát i bhfeidhmiú an chórais ina iomláine a áirithiú trí bhithin idirphlé rialta idir an Coimisiún agus ionadaithe na mBallstát faoi na saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú an chórais agus le forbairt an chórais amach anseo.
- (38) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Treoir seo. Dá thoradh sin, ba cheart daoine nádúrtha a bhfuil a sonraí pearsanta á sealbhú i gcláir náisiúnta ina sainithnítear iad mar úinéirí tairbhiúla a chur ar an eolas dá réir sin. Anuas air sin, níor cheart ach sonraí pearsanta atá cothrom le dáta agus a fhreagraíonn do na húinéirí tairbhiúla iarbhír a chur ar fáil agus ba cheart na tairbhíthe a chur ar an eolas faoina gcearta faoi chreat dlíthiúil reatha an Aontais um chosaint sonraí,

⁽¹⁾ Treoir (AE) Uimh. 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 agus i dTreoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (!), agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme chun na cearta sin a fheidhmiú. Sa bhreis air sin, chun drochúsáid na faisnéise sna cláir a chosc agus chun cóimheá a aimsiú do chearta na n-úinéirí tairbhiúla, d'fhéadfadh sé gurbh iomchuí leis na Ballstáit a mbreithniú a dhéanamh i dtaobh an fhaisnéis faoin duine iarrthach mar aon leis an mbunús dlí dá n-iarraidh a chur ar fáil don úinéir tairbhiúil.

- (39) Sa chás go ndéanfadh tuairisciú na FIUnna agus na n-údarás inniúil ar mhíreireachtaí dochar d'imscrúdú atá idir lámha, ba cheart do na FIUnna nó do na húdaráis inniúla moill a chur ar thuairisciú na míreireachta go dtí an tráth nach ann a thuilleadh do na cúiseanna a bhain le gan tuairisciú a dhéanamh. Anuas air sin, níor cheart do FIUnna agus d'údarás inniúla aon mhíreireacht a thuairisciú nuair a bheadh sé sin contrártha d'aon fhoráil rúndachta sa dlí náisiúnta nó sa chás gurbh ionann é agus cion lena dtabharfaí leid.
- (40) Ní dochar an Treoir seo do chosaint sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/680.
- (41) An rochtain ar fhaisnéis agus an sainmhíniú ar leas dlisteanach, ba cheart iad a rialú le dlí an Bhallstáit ina bhfuil iontaobhaí an iontaobhais nó an duine ag a bhfuil post coibhéiseach i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil bunaithe nó ina bhfuil cónaí air. Más rud é nach bhfuil iontaobhaí an iontaobhais nó an duine ag a bhfuil post coibhéiseach i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil bunaithe in aon Bhallstát nó mura bhfuil cónaí air in aon Bhallstát, ba cheart an rochtain ar an bhfaisnéis agus an sainmhíniú ar leas dlisteanach a rialú le dlí an Bhallstáit ina ndéantar an fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil an iontaobhais nó an chomhshocráithe dhlíthiúil chomhchosúil a chlárú i gcomhréir le forálacha na Treorach seo.
- (42) Ba cheart do Bhallstáit leas dlisteanach a shainmhíniú ina ndlí náisiúnta, mar choincheap ginearálta agus freisin mar chritéar le haghaidh rochtain ar an bhfaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil. Go háirithe, níor cheart go ndéanfadh na sainmhínithe sin coincheap an leasa dhlísteanaigh a shrianadh go dtí cásanna atá ar feitheamh in imeachtaí riaracháin nó dlíthiúla, agus ba cheart a chumasú a chur san áireamh leo aon obair choisctheach a dhéanann eagraíochtaí neamhrialtasacha agus iriseoirí imscrúdaitheacha, i gcás inarb iomchuí, i réimse an fhrithsciúrtha airgid, an fhrithmhaoinithe sceimhlitheoireachta agus cionta preideacáide bainteacha. A luaithe a bheidh idirnasadh chlár úinéireachta tairbhiúla na mBallstát i bhfeidhm, ba cheart rochtain náisiúnta agus trasteorann chuig clár gach Ballstáit a dheonú bunaithe ar an sainmhíniú ar leas dlisteanach a bheidh ag an mBallstát ina bhfuil an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil an iontaobhais nó an chomhshocráithe dhlíthiúil chomhchosúil cláraithe i gcomhréir le forálacha na Treorach seo, de bhua cinneadh arna dhéanamh ag údarás inniúla an Bhallstáit sin. I ndáil le clár úinéireachta tairbhiúla na mBallstát, ba cheart freisin gurbh fhéidir le Ballstáit sásraí a bhunú chun achomharc a dhéanamh in aghaidh chinntí lena ndéantar rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a dheonú nó a dhiúltú. D'fhonn a áirithiú go mbeidh clárú agus malartú faisnéise comhleanúnach agus éifeachtach ann, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh comhoibriú ann idir a n-údarás atá i gceannas ar an gclár a chuirtear ar bun don fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil na n-iontaobhas agus na gcomhshocrúithe dlíthiúla comhchosúla agus a gcomhghleacaithe i mBallstáit eile, trí fhaisnéis a chomhroinnt a bhaineann le hiontaobhais agus le comhshocrúithe dlíthiúla atá comhchosúil le hiontaobhais atá faoi rialú dlí Ballstáit amháin agus á riaradh i mBallstát eile.
- (43) Is é a chineál leanúnach agus athdhéantach atá mar shaintréith ag na ceanglais a bhaineann leis na gaolmhaireachtaí comhfhreagracha thrasteorann le hinstiúid is freagróir i dtríú tír. Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit, le linn dóibh a cheangal go nglacfaí bearta feabhsaithe díchill chuif sa chomhthéacs áirithe sin, a bhreithniú nach bhfuil idirbhearta aon-uair nó malartú ar inniúlachtaí teachtaireachta, agus an malartú sin amháin, san áireamh sna gaolmhaireachtaí comhfhreagracha sin. Anuas air sin, agus á aithint nach ngabhann an leibhéal céanna rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta le gach seirbhís baincéireachta chomhfhreagrach trasteorann, is féidir déine na mbearta a leagtar síos sa Treoir seo a chinneadh trí prionsabail an chur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm agus ní thugann sé sin réamhbhreithiúnas ar leibhéal an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a chothaíonn an instiúid airgeadais is freagróir.
- (44) Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfidh eintitis faoi oibleagáid rialacha in aghaidh sciúradh airgid agus rialacha frithmhaoinithe sceimhlitheoireachta i bhfeidhm i gceart. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go láidreodh na Ballstáit ról na n-údarás poiblí a ghníomhaíonn mar údarás inniúla ag a bhfuil freagrachtaí ainmnithe chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear FIUnna, údarás ag a bhfuil an fheidhm sciúradh airgid, cionta preideacáide bainteacha agus maoiniú sceimhlitheoireachta a imscrúdú nó a ionchúiseamh, sócmhainní coiriúla a rianú agus a urghabháil nó a chalcadh agus a choigistiú, údarás a fhaigheann tuairiscí ar

(!) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údarás inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

iompar trasteorann ionstraimí airgeadra agus ionstraimí soshannta iompróra agus údaráis ag a bhfuil freagrachtaí maoirseachta nó faireacháin arb aidhm dóibh comhlíonadh ag eintitis faoi oibleagáid a áirithiú. Ba cheart go láidreodh na Ballstáit an ról atá ag údaráis ábhartha eile, lena n-áirítear údaráis frithéilithe agus údaráis chánach.

- (45) Ba cheart do na Ballstáit maoirseacht éifeachtach agus neamhchlaonta ar na heintitis faoi oibleagáid uile a áirithiú, agus b'fhearr dá mb'údaráis phoiblí a dhéanfadh an méid sin trí bhíthin rialálaí nó maoirseoir náisiúnta ar leith agus atá neamhspleách.
- (46) Gluaiseann coirpigh fáltais aindleathacha tríd an iliomad idirmheánaithe airgeadais chun go seachnófar na fáltais sin a bhrath. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gceadófaí d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais faisnéis a mhalartú, ní hamháin idir comhaltaí an ghrúpa ach freisin le hinstitiúidí creidmheasa agus airgeadais eile, le haird chúil ar rialacha cosanta sonraí faoi mar a leagtar amach iad sa dlí náisiúnta.
- (47) Údaráis inniúla a mhaoirsíonn eintitis faoi oibleagáid ó thaobh chomhlíonadh na Treorach seo de, ba cheart go mbeadh siad ábalta comhoibriú lena chéile agus faisnéis faoi rún a mhalartú, gan beann ar a gcineál nó a stádas faoi seach. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh bunús dlí leormhaith ag na húdaráis inniúla sin chun faisnéis faoi rún a mhalartú, agus níor cheart go ndéanfadh aon neamhdheimhneacht dhlíthiúil a d'fhéadfadh eascairt as easpa forálacha sainráite sa réimse seo cur isteach ar an gcomhoibriú idir údaráis mhaoirseachta inniúla AML/CFT agus maoirseoirí stuamachta. Ba cheart an mhaoirseacht ar chur chun feidhme éifeachtach bheartas grúpa maidir le AML/CFT a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail agus modúlachtaí na maoirseachta comhdhlúite mar a leagtar síos i reachtaíocht earnála ábhartha na hEorpa.
- (48) Tá an malartú faisnéise agus soláthar cabhrach idir údaráis inniúla na mBallstát fíor-riachtanach chun críocha na Treorach seo. Dá thoradh sin, níor cheart go gcuirfeadh na Ballstáit toirmeasc ar mhalartú faisnéise nó ar chúnamh idir na húdaráis inniúla ná níor cheart go gcuirfeadh siad coinníollacha a bheadh míréasúnach nó sriantach ar bhealach míchuí ar an malartú agus ar an gcúnamh sin.
- (49) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁽¹⁾, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an ghaolmaireacht idir na codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar le doiciméid den chineál sin a tharchur.
- (50) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon cosaint an chórais airgeadais trí sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, a ghnóthú go leordhóthanach, óir d'fhéadfadh bearta aonair arna nglacadh ag na Ballstáit chun a gcórais airgeadais a chosaint a bheith ar neamhréir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus le saintreoracha an smachta reachta agus beartas poiblí an Aontais, agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (51) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail atá aitheanta le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), go háirithe an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus teaghlaigh a urramú (Airteagal 7 den Chairt), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt) agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16 den Chairt).
- (52) Nuair a bheidh tuarascáil á tarraingt suas ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart go dtabharfadh sé aird chúil ar an urraim do na cearta bunúsacha agus do na prionsabail a aithnítear sa Chairt.
- (53) Mar gheall ar an ngá atá le bearta a chur chun feidhme go práinneach, ar bearta iad a ghlactar d'fhonn go neartófaí córas an Aontais a cuireadh ar bhun chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus i bhfianaise na ngealltanais a rinne na Ballstáit leantúint go tapa le trasú Threoir (AE) 2015/849, ba cheart na leasuithe ar Threoir (AE) 2015/849 a thrasú faoin 10 Eanáir 2020. Ba cheart do Bhallstáit cláir úinéireachta tairbhiúla le haghaidh eintitis chorparáideacha agus eintitis dhlíthiúla eile a chur ar bun faoin 10 Eanáir 2020 agus le haghaidh iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla faoin 10 Márta 2020. Ba cheart na cláir lárnaigh a bheith idirnasctha tríd an Ardán Lárnach Eorpach faoin 10 Márta 2021. Ba cheart do na Ballstáit sásraí uathoibríthe lárnaigh lena féidir sealbhóirí cuntas bainc agus íocaíochta agus taisceadán a shainaitheant a chur ar bun faoin 10 Meán Fómhair 2020.

⁽¹⁾ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

- (54) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus thug sé tuairim uaidh an 2 Feabhra 2017⁽²⁾.
- (55) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2015/848 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir (AE) 2015/849

Leasaítear Treoir (AE) 2015/849 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe 3 d'Airteagal 2(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach, agus aon duine eile a ghabhann air féin, go díreach nó trí bhíthin daoine eile a bhfuil gaol ag an duine eile sin leo, cabhair ábhartha, cúnamh nó comhairle maidir le cúrsaí cánach mar phríomhghnó nó mar ghníomhaíocht ghairmiúil a sholáthar;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) gníomhairí eastáit lena n-áirítear agus iad ag gníomhú mar idirghabhálaithe i ndáil le maoin chónaithe dhochorraithe a ligean, ach amháin maidir le hidirbhearta ina bhfuil an cíós míosúil cothrom le EUR 10 000 nó níos mó dóibh;”;

(c) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“(g) soláthróirí atá ag gabháil do sheirbhísí malairte idir airgeadraí fíorúla agus airgeadraí fiat;

(h) soláthraithe tiachóg taisceánach;

(i) daoine atá ag trádáil nó ag gníomhú mar idirghabhálaithe i dtrádáil saothar ealaíne, lena n-áirítear nuair is dánlanna agus siopaí ceantála a dhéanann í seo, i gcás ina bhfuil luach an idirbhirt nó luach sraith idirbheart nasctha cothrom le EUR 10 000 nó níos mó;

(j) daoine atá ag stóráil, ag trádáil nó ag gníomhú mar idirghabhálaithe i dtrádáil saothar ealaíne nuair is saorphoirt a dhéanann í seo, i gcás ina bhfuil luach an idirbhirt nó luach sraith idirbheart nasctha cothrom le EUR 10 000 nó níos mó.”;

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) leasaítear pointe (4) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) cionta sceimhlitheoireachta, cionta a bhaineann le grúpa sceimhlitheoireachta agus cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta mar a leagtar amach i dTeideal II agus i dTeideal III de Threoir (AE) 2017/541 (*);

(*) Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (c):

“(c) gníomhaíochtaí eagraíochtaí coiriúla mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle (*);

(*) Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe (IO L 300, 11.11.2008, lch. 42).”;

(1) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

(2) IO C 85, 18.3.2017, lch. 3.

(b) i bpointe (6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (b):

“(b) i gcás iontaobhas, na daoine seo a leanas go léir:

- (i) an socraitheoir/na socraitheoirí;
- (ii) an t-iontaobhaí/na hiontaobhaithe;
- (iii) an cosantóir/na cosantóirí, más ann;
- (iv) na tairbhíthe; nó i gcás ina mbeidh na daoine aonair a thairbhíonn den chomhshocrú dlíthiúil nó den eintiteas dlíthiúil fós le cinneadh, an aicme daoine arb ina bpríomhleas a bhunaítear nó a oibrítear an comhshocrú nó an t-eintiteas dlíthiúil;
- (v) aon duine nádúrtha eile a fheidhmíonn rialú deiridh ar an iontaobhas trí bhíthin úinéireacht dhíreach nó neamhdhíreach nó trí mhodh eile;”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (16):

“(16) ciallaíonn ‘airgead leictreonach’ airgead leictreonach arna shainmhíniú i bpointe (2) d’Airteagal 2 de Threoir 2009/110/CE, ach gan luach airgid amhail dá dtagraítear in Airteagal 1(4) agus (5) den Treoir sin a áireamh;”;

(d) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“(18) ciallaíonn ‘airgeadraí fíorúla’ léiriú digiteach luach nach n-eisíonn nó nach ráthaíonn banc ceannais ná údarás poiblí, nach gá go bhfuil sé ag gabháil le hairgeadra atá bunaithe go dleathach, agus nach bhfuil stádas dlíthiúil airgeadra nó airgid aige, ach a nglacann daoine nádúrtha nó dlítheanacha leis mar mhodh malairte agus gur féidir a aistriú, a stóráil agus a thrádáil go leictreonach;

(19) ciallaíonn ‘soláthraí tiachóg taisceánach’ eintiteas a chuireann seirbhísí ar fáil chun eochracha cripteagrafacha príobháideacha a choimirciú thar ceann a chustaiméirí, chun airgeadraí fíorúla a shealbhú, a stóráil agus a aistriú.”;

(3) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

“(b) na rioscaí a bhaineann le gach earnáil ábhartha, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, meastacháin ar mhéideanna airgeadaíochta sciúrtha airgid a chuireann *Eurostat* ar fáil maidir le gach ceann de na hearnálacha sin;

(c) na modhanna is forleithne a úsáideann coirpigh trína ndéantar fáiltais aindleathacha a sciúradh, lena n-áirítear go háirithe, i gcás ina mbeidh fáil orthu, na modhanna a úsáidtear in idirbhearta idir na Ballstáit agus tríú tíortha, go neamhspleách ar aicmiú tríú tír mar ardriosca de bhun Airteagal 9(2).”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (3):

“3. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil do na Ballstáit agus d’eintitis faoi oibleagáid chun cabhrú leo an riosca a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaithint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú, agus chun ligean do gheallsealbhóirí eile, lena n-áirítear reachtóirí náisiúnta, Parlaimint na hEorpa, na hÚdaráis Maoirseoireachta Eorpacha (ÚMEnna), agus ionadaithe ó FIUnna, na rioscaí a thuiscint níos fearr. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go poiblí sé mhí ar a dhéanaí tar éis iad a chur a fáil do na Ballstáit, seachas na gnéithe de na tuarascálacha a bhfuil faisnéis rúnaicmithe iontu.”;

(4) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear na pointí seo a leanas léi:

“(f) tuairisc a dhéanamh ar struchtúr institiúideach agus ar nósanna imeachta ginearálta a gcóras AML/CFT, lena n-áirítear, *inter alia*, an FIU, údaráis chánach agus ionchúisitheoirí, chomh maith leis na hacmhainní daonna agus airgeadais a leithdháiltear a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil;

(g) tuairisc a dhéanamh ar iarrachtaí agus ar acmhainní náisiúnta (fórsaí saothair agus buiséad) a leithdháiltear chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh na Ballstáit torthaí a measúnúithe riosca, lena n-áirítear a gcuid nuashonruithe, a chur ar fáil don Choimisiún, do na ÚMEnna agus do na Ballstáit eile. Féadfaidh na Ballstáit eile faisnéis bhreise ábhartha, i gcás inarb iomchuí, a chur ar fáil don Bhallstát a bhfuil an measúnú riosca á dhéanamh aige. Cuirfear achoimre ar an measúnú ar fáil go poiblí. Ní bheidh faisnéis rúnaicmithe san achoimre sin.”;

(5) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 64 chun tríú tíortha ardriosca a shainaithint, agus easnaimh straitéiseacha á gcur san áireamh go háirithe sna réimsí seo a leanas:

(a) creat dlíthiúil agus institiúideach AML/CFT an tríú tír, go háirithe:

(i) sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a choiriúlú;

(ii) bearta a bhaineann le dícheall cuí custaiméara;

(iii) ceanglais maidir le coinneáil taifead;

(iv) ceanglais maidir le hidirbhearta amhrasacha a thuairisciú;

(v) faisnéis chruinn agus thráthúil maidir le húinéireacht thairbhiúil daoine dlítheanacha agus comhshocrúithe dlíthiúla a bheith ar fáil d’údaráis inniúla;

(b) cumhachtaí agus nósanna imeachta údaráis inniúla an tríú tír chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha iomchuí, chomh maith le cleachtas an tríú tír i dtaca le comhoibriú agus malartú faisnéise le húdaráis inniúla na mBallstát;

(c) éifeachtacht chóras AML/CFT an tríú tír chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, le linn dó na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 a tharraingt suas, na meastóireachtaí, na measúnúithe nó na tuarascálacha ábhartha arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus lucht leagtha amach caighdeán a bhfuil inniúlacht acu i ndáil le sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.”;

(6) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Toirmiscfidh na Ballstáit ar a n-institiúidí creidmheasa agus a n-institiúidí airgeadais cuntais gan ainm nó pasleabhair gan ainm nó taisceadáin gan ainm a choinneáil. Ceanglóidh na Ballstáit, in aon chás, go mbeidh úinéirí agus tairbhíthe na gcuntas gan ainm nó na bpasleabhair gan ainm nó na dtaisceadán gan ainm atá ann cheana faoi réir bearta díchill chuí do chustaiméirí tráth nach déanaí ná 10 Eanáir 2019 agus in aon chás sula ndéanfar na cuntais, na pasleabhair nó na taisceadáin sin a úsáid in aon slí.”;

(7) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

“(a) níl an ionstraim íocaíochta ath-inlódáilte, nó tá uasteorainn mhíosúil íocaíocht idirbheart EUR 150 aici nach féidir a úsáid ach amháin sa Bhallstát sin;

(b) ní mó ná EUR 150 an t-uasmhéid a stóráiltear go leictreonach.”;

(ii) scriostar an dara fhomhír;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhfuil an maolú dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo infheidhme i gcás fuascailt in airgead tirim nó aistarraingt airgid thirim luach airgeadaíoch an airgid leictreonaigh i gcás gur mó an tsuim a fhuascaítear ná EUR 50, nó i gcás cian-idirbhearta mar a shainmhínítear i bpointe (6) d’Airteagal 4 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) i gcás ina mbeidh an méid a íocadh níos mó ná EUR 50 in aghaidh an idirbhirt.

(*) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).; ”

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“3. Áiritheoidh na Ballstáit nach nglacfaidh institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais a ghníomhaíonn mar fhaighteoirí ach le híocaíochtaí a dhéantar le cártaí réamhíochta anaithnide arna n-eisiúint i dtríú tíortha ina gcomhlíonann na cártaí sin ceanglais atá coibhéiseach leis na cinn sin a leagtar amach i mír 1 agus mír 2.

Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan glacadh ar a gcríoch le híocaíochtaí a dhéantar trí chártaí réamhíochta anaithnide a úsáid.”;

(8) leasaítear Airteagal 13(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) an custaiméir a shainnithint agus aitheantas an chustaiméara a fhíorú ar bhonn na ndoiciméad, na sonraí nó na faisnéise a fhaightear ó fhoinsé iontaofa agus neamhspleách, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, modhanna ríomh-shainnithentais, seirbhísí ábhartha iontaobhais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó aon phróiseas eile sainnithentais slán, cianda nó leictreonach atá rialaithe, aitheanta nó formheasta ag na húdaráis náisiúnta inniúla nó a bhfuil glactha acu leis;

(*) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainnithentais agus seirbhísí iontaobhais le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).; ”

(b) ag deireadh phointe (b), cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

“I gcás inarb é an t-oifigeach bainistíochta sinsearach an t-úinéir tairbhiúil arna shainnithint, amhail dá dtagraítear in Airteagal 3(6) (a) (ii), déanfaidh eintitis faoi oibleagáid na bearta réasúnacha is gá chun fíorú a dhéanamh ar aitheantas an duine nádúrtha a bhfuil post oifigigh bainistíochta shinsearaigh aige nó aici agus coimeádfaidh siad taifid ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chomh maith le haon deacracht a bhí acu le linn próiseas an fhíoraithe.”;

(9) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an mhír seo a leanas léi:

“Aon uair a mbeifear ag dul isteach i ngaolmhaireacht ghnó nua le heintiteas corparáideach nó le heintiteas dlíthiúil eile, nó le hiontaobhas nó le comhshocrú dlíthiúil a bhfuil struchtúr nó feidhmeanna atá comhchosúil le hiontaobhais aige (‘comhshocrú dlíthiúil comhchosúil’) atá faoi réir faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a chlárú de bhun Airteagal 30 nó Airteagal 31, déanfaidh na heintitis faoi oibleagáid an cruthúnas ar chlárú nó sliocht as an gclár a bhailiú.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh na Ballstáit a cheangal go gcuirfidh eintitis faoi oibleagáid bearta díchill chuí do chustaiméirí i bhfeidhm, ní hamháin maidir le gach custaiméir nua ach ag amanna iomchuí le custaiméirí atá ann cheana ar bhonn riosca-íogair, nó nuair a athróidh imthosca ábhartha custaiméara, nó nuair a bheidh aon dualgas dlíthiúil ar an eintiteas faoi oibleagáid le linn na bliana féilire ábhartha, go rachaidh na heintitis faoi oibleagáid sin i dteagmháil leis an gcustaiméir chun críche aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an úinéir tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla a athbhreithniú, nó má bhí an dualgas seo ar an eintiteas atá faoi oibleagáid faoi Threoir 2011/16/AE ón gComhairle (*).

(*) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).; ”

(10) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagail 18a go 24, chomh maith le cásanna eile de riosca níos airde a shainnithníonn na Ballstáit nó eintitis faoi oibleagáid, ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú go cuí.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid scrúdú a dhéanamh, a mhéid is féidir go réasúnta, ar chúlra agus ar chuspóir na n-idirbheart go léir a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(i) is idirbhearta casta iad;

(ii) is idirbhearta iad atá níos mó ná mar is gnách;

(iii) tá pátrún neamhghnách ag baint leis an gcaoi ina ndéantar iad;

(iv) ní léir go bhfuil cuspóir eacnamaíoch nó dleathach iontu.

Go háirithe, méadóidh eintitis faoi oibleagáid méid agus cineál an fhaireacháin ar an ngaolmhaireacht ghnó, chun a chinneadh an bhfuil na hidirbhearta nó na gníomhaíochtaí sin amhrasach.”;

(11) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“*Airteagal 18a*

1. Maidir le gaolmhaireacht ghnó nó idirbhearta lena mbaineann tríú tíortha ardriosca a shainnithnítear de bhun Airteagal 9(2), ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid na bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) faisnéis bhreise a fháil faoin gcustaiméir agus faoin úinéir tairbhiúil/faoi na húinéirí tairbhiúla;

(b) faisnéis bhreise a fháil maidir le cineál beartaithe na gaolmhaireachta gnó;

(c) faisnéis a fháil faoi fhoinse na gcistí agus faoi fhoinse rachmas an chustaiméara agus an úinéara thairbhiúil/na n-úinéirí tairbhiúla;

(d) faisnéis a fháil faoi na cúiseanna atá leis na hidirbhearta beartaithe nó comhlíonta;

(e) faomhadh an lucht bainistíochta sinsearaí a fháil chun an ghaolmhaireacht ghnó a bhunú nó leanúint leis;

(f) faireachán feabhsaithe ar an ngaolmhaireacht ghnó a dhéanamh trí mhéadú a dhéanamh ar líon agus ar uainiú na rialuithe a chuirtear i bhfeidhm, agus rogha a dhéanamh faoi phatrúin idirbheart is gá a scrúdú tuilleadh.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar eintitis atá faoi oibleagáid chun a áirithiú, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfar an chéad íocaíocht trí chuntas in ainm an chustaiméara le hinstiúid chreidmheasa faoi réir chaighdeán díchill chuí do chustaiméirí nach lú ó thaobh stóinseachta de ná na cinn arna leagan síos sa Treoir seo.

2. I dteannta na mbearta dá bhforáiltear i mír 1 agus i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis atá faoi oibleagáid, i gcás inarb infheidhme, beart maolaithe breise amháin nó níos mó a chur i bhfeidhm do dhaoine agus d'eintitis dhlíthiúla a dhéanann idirbhearta a bhfuil baint ag tríú tíortha atá sainaitheanta de bhun Airteagal 9(2) leo. Is éard a bheidh sna bearta sin ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) gnéithe breise de bhearta díchill chuí feabhsaithe a chur i bhfeidhm;

(b) sásraí tuairiscithe ábhartha feabhsaithe nó tuairisciú córasach idirbheart airgeadais a thabhairt isteach;

(c) teorainn a chur le gaolmhaireachtaí gnó nó le hidirbhearta le daoine nádúrtha nó le heintitis dhlíthiúla ó thríú tíortha a shainnithnítear mar thíortha ardriosca de bhun Airteagal 9(2).

3. I dteannta na mbeart dá bhforáiltear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm i dtaca le tríú tíortha ardriosca a shainiúitear de bhun Airteagal 9(2) i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais:

- (a) diúltú fochuideachtaí nó brainsí nó oifigí ionadaíocha d'institiúidí airgeadais eintiteas faoi oibleagáid ón tír lena mbaineann a bhunú, nó go gcuirfí san áireamh ar shlí eile gur as tír nach bhfuil córais leormhaithe AML/CFT aici an t-eintiteas faoi oibleagáid ábhartha;
- (b) toirmeasc a chur ar eintitis faoi oibleagáid brainsí nó oifigí ionadaíocha a bhunú sa tír lena mbaineann, nó go gcuirfí san áireamh ar shlí eile gur i dtír nach bhfuil córais leormhaithe AML/CFT aici a bheadh an brainse ábhartha nó an oifig ionadaíoch;
- (c) scrúdú maoirseachta méadaithe nó ceanglais iniúcháireachta sheachtracha mhéadaithe a cheangal do bhraintí agus d'fhochuideachtaí eintiteas faoi oibleagáid atá lonnaithe sa tír lena mbaineann;
- (d) ceanglais iniúcháireachta sheachtracha mhéadaithe do ghrúpaí airgeadais maidir le haon cheann dá gcuid brainsí nó fochuideachtaí atá lonnaithe sa tír lena mbaineann.
- (e) a cheangal ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí comhfhreagracha le hinstiúidí freagróra sa tír lena mbaineann, nó más gá sin, iad a fhoirceannadh;

4. Le linn do na Ballstáit na bearta a leagtar amach i mír 2 agus mír 3 a achtú nó a chur i bhfeidhm, cuirfidh na Ballstáit san áireamh, de réir mar is iomchuí, meastóireachtaí, measúnuithe nó tuarascálacha ábhartha arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag lucht leagtha amach caighdeán a bhfuil inniúlacht acu maidir le sciúradh airgid a chosc agus le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le tríú tíortha aonair.

5. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún sula ndéanfaidh siad na bearta a leagtar amach i mír 2 agus mír 3 a achtú nó a chur i bhfeidhm.”;

(12) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

“Maidir le gaolmhaireacht fhreagróra thrasteorann lena mbaineann forghníomhú íocaíochtaí le hinstiúidí freagróra tríú tír, déanfaidh na Ballstáit, i dteannta na mbeart díchill chuí do chustaiméirí a leagtar síos in Airteagal 13, a cheangal ar a n-institiúidí creidmheasa agus a n-institiúidí airgeadais agus iad ag dul i mbun gaolmhaireacht ghnó.”;

(13) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 20a

1. Déanfaidh gach Ballstát liosta a eisiúint agus a choimeád cothrom le dáta ina gcuirfear in iúl na feidhmeanna beachta a cháilíonn, de réir na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin náisiúnta, mar fheidhmeanna poiblí tábhachtacha chun críocha phointe 9 d'Airteagal 3. Iarrfaidh na Ballstáit ar gach eagraíocht idirnáisiúnta atá creidiúnaithe ar a gcríoch liosta feidhmeanna tábhachtacha ag an eagraíocht idirnáisiúnta sin a eisiúint agus a choimeád cothrom le dáta chun críocha phointe (9) d'Airteagal 3. Seolfar na liostaí sin chuig an gCoimisiún agus féadfar iad a chur ar fáil go poiblí.

2. Déanfaidh an Coimisiún liosta na bhfeidhmeanna beachta a cháilíonn mar fheidhmeanna poiblí tábhachtacha ar leibhéal institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a thiomsú agus a choimeád cothrom le dáta. Aireofar sa liosta sin freisin aon fheidhm a fhéadfar a thabhairt d'ionadaithe tríú tíortha agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá creidiúnaithe ar leibhéal an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar na liostaí dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo, liosta aonair a chur i dtoll a chéile de gach feidhm phoiblí tábhachtach chun críocha phointe (9) d'Airteagal 3. Cuirfear an liosta aonair sin ar fáil go poiblí.

4. Maidir le feidhmeanna atá san áireamh sa liosta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, déileálfar leo i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 41(2).”;

(14) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh eintitis faoi oibleagáid lena mbaineann an custaiméir bearta leormhaithe a ghlacadh chun a áirithiú go soláthróidh an tríú páirtí láithreach, arna iarraidh sin, cóipeanna ábhartha de shonraí sainaitheantais agus fíoraithe, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, sonraí a gheofar trí mheán sainaitheantais leictreonach, seirbhísí ábhartha iontaobhais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, nó aon phróiseas eile sainaitheantais slán, cianda nó leictreonach atá rialaithe, aitheanta nó formheasta ag na húdaráis náisiúnta ábhartha nó a bhfuil glactha acu leis.”;

(15) leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ceanglas ar eintitis chorparáideacha agus ar eintitis dhlíthiúla eile arna n-ionchorprú ina gcríoch faisnéis leormhaith, chruinn agus reatha maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil, lena n-áirítear sonraí maidir le leasanna tairbhiúla a shealbhaítear, a fháil agus a shealbhú. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfead sárúithe ar an Airteagal seo faoi réir bearta nó smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha.”;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach nó eintiteas dlíthiúil eile, lena n-áirítear trí sciaranna, cearta vótála, leas úinéireachta, trí scairsealbhaíochtaí iompróra nó trí rialú trí mheáin eile, ceanglóidh na Ballstáit orthu go dtabharfaidh siad do na heintitis sin an fhaisnéis uile is gá chun go ndéanfaidh an t-eintiteas corparáideach nó an t-eintiteas dlíthiúil eile na ceanglais atá sa chéad fhomhír a chomhlíonadh.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ceanglóidh na Ballstáit go bhfuil an fhaisnéis atá sa chláir lárnach dá dtagraítear i mír 3 leormhaith, cruinn agus reatha, agus cuirfidh siad sásraí ar bun chun na críche sin. Áireofar ar shásraí den sórt sin ceanglas a chur ar eintitis faoi oibleagáid agus, más iomchuí agus a mhéid nach gcuirfidh an ceanglas seo isteach gan ghá ar a bhfeidhmeanna, ar údarais inniúla tuairisc a dhéanamh ar aon neamhréitigh a fhaigheann siad idir an fhaisnéis maidir le húnéireacht thairbhiúil atá ar fáil sna cláir lárnach agus an fhaisnéis maidir le húnéireacht thairbhiúil atá ar fáil dóibh. I gcás neamhréitigh thuairiscithe, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta iomchuí chun na neamhréitigh a réiteach go tráthúil agus más iomchuí, go n-áireofar tagairt shonrach dóibh sa chláir lárnach idir an dá linn.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis maidir leis an úinéireacht thairbhiúil i ngach cás:

(a) ag údarais inniúla agus FIUnna, gan aon srian;

(b) ag eintitis faoi oibleagáid, faoi chuimsiú díchill chuí custaiméara i gcomhréir le Caibidil II;

(c) ag aon duine den phobal i gcoitinne.

Beidh rochtain ag na daoine dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír ar a laghad ar ainm, mí agus bliain bhreithe, agus tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara thairbhiúil chomh maith le cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear.

Féadfaidh na Ballstáit, faoi choinníollacha a chinnfead leis an dlí náisiúnta, foráil a dhéanamh maidir le rochtain ar fhaisnéis bhreise lena gcumasófar an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint. Áireofar ar an bhfaisnéis bhreise sin ar a laghad an dáta breithe nó na sonraí teagmhála i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí.”;

(d) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“5a. Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh an fhaisnéis atá ina gcláir lárnach dá dtagraítear i mír 3 a chur ar fáil ar choinníoll clárú ar líne agus táille a íoc, ar táille é nach mó ná na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil, lena n-áirítear costais chothabhála agus forbartha an chláir.”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain thráthúil agus neamhsrianta ag údarais inniúla agus ag FIUnna ar an bhfaisnéis go léir atá sa chláir lárnach dá dtagraítear i mír 3 gan aon srian agus gan an t-eintiteas lena mbaineann a chur san airdeall. Ceadóidh na Ballstáit freisin rochtain thráthúil ag eintitis faoi oibleagáid agus bearta díchill chuí do chustaiméirí á nglacadh acu i gcomhréir le Caibidil II.

Údaráis inniúla dá ndeonófar rochtain ar an gclár lárnach dá dtagraítear i mír 3, is é a bheidh iontu na húdaráis phoiblí sin ag a mbeidh freagrachtaí ainmnithe don chomhrac i gcoinne sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, chomh maith le húdaráis chánach, maoirseoirí ar eintitis faoi oibleagáid agus údaráis a bhfuil feidhm acu sciúradh airgid, cionta preideacaíde bainteacha agus maoiniú sceimhlitheoireachta a imscrúdú nó a ionchúiseamh, sócmhainní coiriúla a rianú agus a urghabháil nó a chalcadh agus a choigistiú.”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis inniúla agus FIUnna in ann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3 a chur ar fáil d’údaráis inniúla agus do FIUnna na mBallstát eile go tráthúil agus saor in aisce.”;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9 agus mhír 10:

“9. In imthosca eisceachtúla a bheidh le leagan síos sa dlí náisiúnta, más rud é go ndéanfaidh an rochtain dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 5 an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, dúmhála, srachta, ciaptha, foréigin, nó imeaglaith, nó más rud é gur mionaoiseach an t-úinéir nó go bhfuil sé éagumasach ar shlí eile ó thaobh an dlí de, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúine ón rochtain sin ar an bhfaisnéis go léir nó cuid di i dtaca leis an úinéireacht thairbhiúil ar bhonn cás ar chás. Áiritheoidh Ballstáit go ndeonófar na díolúintí seo ar athbhreithniú mionsonraithe ar chineál eisceachtúil na gcúinsí. Déanfar na cearta chun athbhreithniú riaracháin ar an gcinneadh díolúine agus ar leigheas breithiúnach éifeachtach a ráthú. Ballstát a bhfuil díolúintí deonaithe aige, foilseoidh sé sonraí staitistiúla bliantúla maidir le líon na ndíolúintí a deonaíodh agus na cúiseanna a luadh agus déanfaidh siad na sonraí sin a thuairisciú don Choimisiún.

Ní bheidh feidhm ag díolúintí a dheonófar de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo maidir le hinstiúidí creidmheasa agus instiúidí airgeadais, ná maidir leis na heintitis faoi oibleagáid amhail dá dtagraítear i bpointe 3(b) d’Airteagal 2(1) arb oifigigh phoiblí iad.

10. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cláir lárnacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo idirnasctha tríd an Ardán Lárnach Eorpach arna bhunú ag Airteagal 22(1) de Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*). Déanfar naisc chlár lárnacha na mBallstát leis an ardán a chur ar bun i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta arna mbunú ag gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 24 de Threoir (AE) 2017/1132 agus le hAirteagal 31a den Treoir seo.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fáil trí chóras idirnasctha na gclár arna bhunú le hAirteagal 22(1) de Threoir 2017/1132, i gcomhréir le dlíthe náisiúnta na mBallstát lena cuirtear mír 5, mír 5a agus mír 6 den Airteagal seo chun feidhme.

Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil trí na cláir náisiúnta agus trí chóras idirnasctha na gclár ar feadh 5 bliana ar a laghad agus tráth nach faide ná 10 mbliana tar éis an t-eintiteas corparáideach nó eintiteas dlíthiúil eile a bheith bainte den chlár. Comhoibreoidh na Ballstáit eatarthu féin agus leis an gCoimisiún chun na cineálacha éagsúla rochtana a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Airteagal seo.

(*) Treoir (AE) Uimh. 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).”;

(16) leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hiontaobhais agus cineálacha eile comhshocruithe dlíthiúla amhail, *inter alia*, *fiducie*, cineálacha áirithe *Treuhand* nó *fideicomiso*, i gcás ina bhfuil struchtúr nó feidhmeanna atá comhchosúil le hiontaobhais ag na comhshocruithe sin. Sainaitheoidh na Ballstáit na saintréithe chun a chinneadh an bhfuil struchtúr nó feidhmeanna ag comhshocruithe dlíthiúla atá comhchosúil le hiontaobhais i dtaca le comhshocruithe dlíthiúla den sórt sin a rialaítear faoina ndlí.

Ceanglóidh gach Ballstát go ndéanfaidh iontaobhaithe aon iontaobhais shainráite a bheidh á riar sa Bhallstát sin faisnéis leordhóthanach, chruinn agus chothrom le dáta a fháil agus a shealbhú maidir leis an úinéireacht thairbhiúil i leith an iontaobhais. Beidh ar áireamh san fhaisnéis sin aitheantas:

(a) an tsocraitheora (na socraitheoirí);

- (b) an iontaobhaí (na n-iontaobhaithe);
- (c) an chosantóra (na gcosantóirí) (más ann dóibh);
- (d) na dtairbheoirí nó aicme na dtairbheoirí;
- (e) aon duine nádúrtha eile a bhfuil rialú éifeachtach ar an iontaobhas á fheidhmiú aige.

Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh sárúithe ar an Airteagal seo faoi réir bearta nó smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh iontaobhaithe nó daoine ag a bhfuil poist choibhéiseacha i gcomhshocrú dlíthiúla comhchosúla amhail na cinn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a stádas a nochtadh agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur ar fáil d'eintitis faoi oibleagáid go tráthúil, más rud é, mar iontaobhaí nó mar dhuine ag a bhfuil post coibhéiseach i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil, go ndéanfaidh siad gaolmhaireacht ghnó, nó go ndéanfaidh siad idirbheart ó am go chéile os cionn na dtairseach a leagtar amach i bpointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 11.”;

- (c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“3a. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas sainráite agus comhshocrú dlíthiúla comhchosúla amhail dá dtagraítear i mír 1 a choimeád i gclár lárnach le haghaidh úinéireacht thairbhiúil arna chur ar bun ag an mBallstát san áit ina bhfuil iontaobhaí an iontaobhais nó an duine ag a bhfuil post coibhéiseach i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil bunaithe nó ina bhfuil cónaí air nó uirthi.

Más rud é go bhfuil an áit ina bhfuil iontaobhaí an iontaobhais nó an duine ag a bhfuil post coibhéiseach i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil bunaithe nó ina bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh den Aontas, coimeádfar an fhaisnéis dá dtagraítear i gclár lárnach arna bhunú ag an mBallstát i gcás ina dtéann an t-iontaobhaí nó an duine ag a bhfuil post coibhéiseach i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil isteach i ngaolmhaireacht ghnó nó nuair a gheobhaidh sé eastát réadach in ainm an iontaobhais nó an chomhshocráithe dhlíthiúil chomhchosúil.

Más rud é gur i mBallstáit éagsúla atá iontaobhaithe an iontaobhais nó na daoine ag a bhfuil poist choibhéiseacha i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil bunaithe nó a bhfuil cónaí orthu, nó más rud é gur i mBallstáit éagsúla a théann iontaobhaí an iontaobhais nó an duine ag a bhfuil post coibhéiseach i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil isteach i ngaolmhaireachtaí gnó iolracha in ainm an iontaobhaithe nó an chomhshocráithe dhlíthiúil chomhchosúil, féadfar a mheas gur leor deimhniú um chruthúnas ar chlárú nó sliocht as an bhfaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil arna shealbhú ar chlár ag Ballstáit amháin chun an oibleagáid maidir le clárú a chomhlíonadh.”;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain i ngach cás ar an bhfaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhais nó chomhshocráithe dhlíthiúil chomhchosúil:

- (a) ag údaráis inniúla agus ag FIUnna, gan aon srian;
- (b) ag eintitis faoi oibleagáid, faoi chuimsiú díchill chuí custaiméara i gcomhréir le Caibidil II;
- (c) ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar féidir leis nó léi leas dlisteanach a thaispeáint ina leith;
- (d) ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thaisceann iarraidh i scríbhinn i ndáil le hiontaobhas nó le comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a shealbháinn leas rialaitheach in aon eintiteas corparáideach nó in aon eintiteas dlíthiúil eile seachas na cinn dá dtagraítear in Airteagal 30(1), trí úinéireacht dhíreach nó indéreach, lena n-áirítear trí scairshealbháíochtaí iompróra, nó trí rialú ar mhodh eile.

Is é a bheidh san fhaisnéis a bheidh inrochtana do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) den chéad fhomhír, ainm, mí agus dáta breithe, náisiúntacht agus tír chónaithe an úinéara thairbhiúil, chomh maith le cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbháitear.

Féadfaidh na Ballstáit, faoi choinníollacha a chinnfear leis an dlí náisiúnta, foráil a dhéanamh maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis bhreise lena gcuimseofar an t-úinéir thairbhiúil a shaináithint. Áireofar san fhaisnéis bhreise sin ar a laghad an dáta breithe nó sonraí teagmhála, i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí. Féadfaidh na Ballstáit rochtain níos leithne ar an bhfaisnéis a shealbháitear sa chlár i gcomhréir lena ndlí náisiúnta a cheadú.

Údaráis inniúla dá ndeonófar rochtain ar an gclár lárnach dá dtagraítear i mír 3a, is é a bheidh iontu na húdaráis phoiblí sin ag a mbeidh freagrachtaí ainmnithe don chomhrac i gcoinne sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, chomh maith le húdaráis chánach, maoirseoirí ar eintitis faoi oibleagáid agus údaráis a bhfuil feidhm acu sciúradh airgid, cionta preideacaíde bainteacha agus maoiniú sceimhlitheoireachta a imscrúdú nó a ionchúiseamh, sócmhainní coiriúla a rianú, agus a urghabháil nó a chalcadh agus a choigistiú.”;

(e) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“4a. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an fhaisnéis a choinnítear ina gcláir náisiúnta dá dtagraítear i mír 3a a chur ar fáil ar choinníoll go ndéantar clárú ar líne agus táille a íoc, nach mó ná na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil, lena n-airítear costais chothabhála agus forbairtí ar an gclár.”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ceanglóidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis a shealbháitear sa chlár lárnach dá dtagraítear i mír 3a leormhaith, cruinn agus reatha, agus cuirfidh siad sásraí ar bun chun na críche sin. Áireofar ar shásraí den sórt sin ceanglas a chur ar eintitis faoi oibleagáid agus, más iomchuí agus a mhéid nach gcuirfidh an ceanglas sin isteach gan chúis ar a bhfeidhmeanna, é a chur ar údaráis inniúla tuairisc a dhéanamh ar aon neamhréitigh a fhaigheann siad idir an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil sna cláir lárnacha agus an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil dóibh. I gcás neamhréitigh thuairiscithe, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta iomchuí chun na neamhréitigh a réiteach go tráthúil agus más iomchuí, go n-áireofar tagairt shonrach dóibh sa chlár lárnach idir an dá linn.”;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis inniúla agus FIUnna in ann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3 a sholáthar d’údaráis inniúla agus do FIUnna na mBallstát eile go tráthúil agus saor in aisce.”;

(h) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“7a. In imthosca eisceachtúla a bheidh le leagan síos sa dlí náisiúnta, más rud é go ndéanfaidh an rochtain dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) den chéad fhomhír an t-úinéir thairbhiúil a nochtadh do bhaol díréireach, baol calaoise, fuadaigh, dúmhála, sractha, ciaptha, foréigin, nó imeaglaithe, nó más rud é gur mionaoiseach an t-úinéir nó go bhfuil sé éagumasach ar shlí eile ó thaobh an dlí de, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúine ón rochtain sin ar an bhfaisnéis go léir nó ar chuid di maidir leis an úinéireacht thairbhiúil ar bhonn cás ar chás. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar díolúintí den sórt sin ar mheastóireacht mhionsonraithe ar chineál eisceachtúil na gcúinsí. Déanfar na cearta chun athbhreithniú riaracháin ar an gcinneadh maidir le díolúine agus ar leigheas breithiúnach éifeachtach a ráthú. Ballstát a bhfuil díolúintí deonaithe aige, foilseoidh sé sonraí staitistiúla bliantúla maidir le líon na ndíolúintí a deonaíodh agus na cúiseanna a luadh agus déanfaidh siad na sonraí sin a thuairisciú don Choimisiún.

Ní bheidh feidhm ag díolúintí a dheonófar de bhun na chéad fhomhíre seo maidir le hinstiúidí creidmheasa agus instiúidí airgeadais agus maidir le heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear i bpointe 3(b) d’Airteagal 2(1) arb oifigigh phoiblí iad.

I gcás ina gcinnfidh Ballstát díolúine a bhunú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ní chuirfidh sé srian le húdaráis inniúla agus le FIUnna rochtain a bheith acu ar fhaisnéis.”;

(i) scriostar mír 8;

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

“9. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cláir lárnacha dá dtagraítear i mír 3a den Airteagal seo idirnasctha tríd an Ardán Lárnach Eorpach arna bhunú ag Airteagal 22(1) de Threoir (AE) 2017/1132. Déanfar naisc chlár lárnacha na mBallstát leis an ardán a chur ar bun i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta arna mbunú ag gníomhartha cur chun feidhme a ghlacann an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 24 den Treoir seo agus le hAirteagal 31a de Threoir (AE) 2017/1132.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fáil trí chóras idirnasctha na gclár arna bhunú ag Airteagal 22(2) de Threoir (AE) 2017/1132, i gcomhréir le dlíthe náisiúnta na mBallstát lena gcuirtear mír 4 agus mír 5 den Airteagal seo chun feidhme.

Déanfaidh na Ballstáit bearta leormhaithe a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, agus an fhaisnéis sin amháin, atá cothrom le dáta agus a fhreagraíonn d'úinéireacht thairbhiúil iarbhír a chur ar fáil trína gclár náisiúnta agus trí chóras idirnasctha na gclár, agus go mbeidh rochtain ar an bhfaisnéis sin i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí.

Cuirfidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil trí na clár náisiúnta agus trí chóras idirnasctha na gclár ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad agus nach faide ná 10 mbliana tar éis do na forais leis an bhfaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil dá dtagraítear i mír 3a scor de bheith ann. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an gCoimisiún chun na cineálacha rochtana éagsúla a chur chun feidhme i gcomhréir le mír 4 agus mír 4a.”;

(k) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“10. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na catagóirí, faoi chur síos ar na tréithe, faoi na hainmneacha agus, i gcás inarb infheidhme, faoi bhunús dlí na n-iontaobhas agus na gcomhshocruithe dlíthiúla comhchosúla dá dtagraítear i mír 1 faoin 10 Iúil 2019. Foilseoidh an Coimisiún liosta comhdhlúite na n-iontaobhas agus na gcomhshocruithe dlíthiúla comhchosúla den sórt sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoin 10 Meán Fómhair 2019.

Faoin 26 Meitheamh 2020, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina measúnófar an ndearnadh na hiontaobhais uile agus na comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla uile dá dtagraítear mír 1 a rialaítear faoi dhlí na mBallstát a shainaithint go cuí agus a chur faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo. I gcás inarb iomchuí, glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun gníomhú i leith thorthaí na tuarascála sin.”;

(17) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“*Airteagal 31a*

Gníomhartha cur chun feidhme

I gcás inar gá, sa bhreis ar na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 24 de Threoir (AE) 2017/1132 agus i gcomhréir le raon feidhme Airteagal 30 agus Airteagal 31 den Treoir seo, glacfaidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraíochtaí teicniúla agus nósanna imeachta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le hidirnasctha chlár lárnaigh na mBallstát amhail dá dtagraítear in Airteagal 30(10) agus Airteagal (31)9, i dtaca leis:

- (a) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear sraith na sonraí is gá chun go bhfeidhmeoidh an t-ardán a fheidhmeanna, chomh maith leis an modh ina ndéantar na sonraí sin a stóráil, a úsáid agus a chosaint;
- (b) na critéir chomhchoiteanna ar dá réir atá an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil ar fáil trí chóras idirnasctha na gclár, ag brath ar leibhéal na rochtana a dheonóidh na Ballstáit;
- (c) na sonraí teicniúla ar an gcaoi a gcuirfean an fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla ar fáil;
- (d) na coinníollacha teicniúla a bhaineann le hinfhaighteacht seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi chóras idirnasctha na gclár;
- (e) na modúlachtaí teicniúla faoin gcaoi a ndéanfar na cineálacha éagsúla rochtana maidir le húinéireacht thairbhiúil bunaithe ar Airteagal 30(5) agus ar Airteagal 31(4) a chur chun feidhme;
- (f) na modúlachtaí íocaíochta i gcás a bhfuil rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil faoi réir táille a íoc de réir Airteagal 30(5a) agus Airteagal 31(4a), agus áiseanna íocaíochta atá ar fáil, amhail idirbhearta cianíocaíochta á gcur san áireamh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 64a(2).

Ina chuid ghníomhartha cur chun feidhme, féachfaidh an Coimisiún le teicneolaíocht agus gnáthaimh a bhfuil a bhfiúntas cruthaithe cheana féin a athúsáid. Áiritheoidh an Coimisiún nach dtabhóidh na córais atá le forbairt costais os cionn an mhéid atá sár-riachtanach chun forálacha na Treorach seo a chur chun feidhme. Beidh trédhearacht agus malartú taithí agus faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit mar shaintréith de ghníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin.”;

(18) in Airteagal 32, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“9. Gan dochar d’Airteagal 34(2), i gcomhthéacs a fheidhmeanna, beidh gach FIU in ann faisnéis, ó aon einteach faoi oibleagáid chun na críche a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, fiú amháin mura gcomhdaítear tuarascáil ar bith roimh ré de bhun Airteagal 33(1)(a) nó Airteagal 34(1), a iarraidh, a fháil, agus a úsáid.”;

(19) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 32a

1. Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm sásraí uathoibríthe láraithe, amhail cláir lárnaacha nó córais aisghabhála leictreonacha lárnaacha sonraí, lenar féidir a shainaithint, ar bhealach tráthúil, aon daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil cuntais á gcoimeád nó á rialú acu agus cuntais bhainc a shainaithnítear trí IBAN, mar a shainmhíneáir le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus taisceadán a shealbhaíonn institiúid chreidmheasa laistigh dá gcríoch. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le tréithe na sásraí náisiúnta sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a shealbhaíonn na sásraí lárnaacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo inrochtana go díreach ar bhealach láithreach agus neamhscagtha do FIUnna náisiúnta. Beidh údarais inniúla náisiúnta in ann rochtain a fháil freisin ar an bhfaisnéis chun a n-oibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú gur féidir le haon FIU an fhaisnéis a shealbhaíonn na sásraí lárnaacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a sholáthar d’aon FIUnna eile ar bhealach tráthúil i gcomhréir le hAirteagal 53.

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas inrochtana agus inchuardaithe trí na sásraí lárnaacha dá dtagraítear i mír 1:

— don sealbhóir cuntais custaiméara agus aon duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann an chustaiméara: an t-ainm, comhlánaithe ag sonraí eile sainaitheantais a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasúitear i bpointe (a) d’Airteagal 13(1) nó ag uimhir shaineathantais uathúil;

— d’úinéir tairbhiúil an tsealbhóra cuntais custaiméara: an t-ainm, comhlánaithe ag sonraí eile sainaitheantais a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasúitear i bpointe (b) d’Airteagal 13(1) nó ag uimhir shaineathantais uathúil;

— don bhanc nó don chuntas íocaíochta: uimhir IBAN agus dáta oscailte agus dúnta an chuntais.

— don taisceadán: ainm an léasaí arna chomhlánú ag na sonraí sainaitheantais eile a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasúitear Airteagal 13(1) nó ag uimhir shaineathantais uathúil agus aga na tréimhse léasaithe.

4. Féadfaidh na Ballstáit breithniú ar a cheangal go mbeidh faisnéis eile, a mheastar a bheith bunriachtanach do FIUnna agus d’údarais inniúla chun a n-oibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, inrochtana agus inchuardaithe trí na sásraí lárnaacha.

5. Faoin 26 Meitheamh 2020, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoin gComhairle lena ndéanfar meastóireacht ar na coinníollacha agus na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta chun idirascadh slán agus éifeachtúil na sásraí uathoibríthe láraithe a áirithiú. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus ghnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.03.2012, lch. 22).”;

(20) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 32b

1. Soláthróidh na Ballstáit rochtain do FIUnna agus d’údarais inniúla ar fhaisnéis lenar féidir aon daoine nádúrtha nó dlítheanacha ar leo eastát réadach a shainaithint go tráthúil, lena n-áirítear trí chlár nó córais aisghabhála sonraí leictreonacha i gcás go bhfuil cláir nó córais den sórt sin ar fáil.

2. Faoin 31 Nollaig 2020, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoin gComhairle lena ndéanfar measúnú an gá agus an comhréireach an fhaisnéis a bheidh san áireamh sna cláir a chomhchuihbhiú agus lena measúnófar an gá idirascadh na gclár sin. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin i gcás inarb iomchuí.”;

(21) in Airteagal 33(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) an fhaisnéis go léir is gá a sholáthar go díreach do FIU, arna hiarraidh sin dó.”;

(22) in Airteagal 34, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. Foilseoidh comhlachtaí féinrialála arna n-ainmniú ag na Ballstáit tuarascáil bhliantúil ina mbeidh faisnéis faoin méid seo a leanas:

(a) bearta a dhéanfar faoi Airteagal 58, Airteagal 59 agus Airteagal 60;

(b) líon na dtuarascálacha faoi sháruihte a fuarthas amhail dá dtagraítear in Airteagal 61, i gcás inarb infheidhme;

(c) líon na dtuarascálacha a fuair an comhlacht féinrialála amhail dá dtagraítear i mír 1 agus líon na dtuarascálacha a chuir an comhlacht féinrialála ar aghaidh chuig an FIU i gcás inarb infheidhme;

(d) i gcás inarb infheidhme líon agus tuairisc ar na bearta arna ndéanamh faoi Airteagal 47 agus Airteagal 48 chun faireachán a dhéanamh ar a n-oibleagáidí faoi na hAirteagail seo a leanas a bheith á gcomhlíonadh ag eintitis faoi oibleagáid faoin méid seo:

(i) Airteagal 10 go hAirteagal 24 (dícheall cuí custaiméara);

(ii) Airteagal 33, Airteagal 34 agus Airteagal 35 (idirbhearta amhrasacha a thuairisciú);

(iii) Airteagal 40 (taifid a choimeád); agus

(iv) Airteagal 45 agus Airteagal 46 (rialuithe inmheánacha).”;

(23) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38:

“*Airteagal 38*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar daoine aonair, lena n-áirítear fostaithe agus ionadaithe an eintitis faoi oibleagáid, a thuairiscíonn amhras faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta go himmheánach nó don FIU, a chosaint ó thaobh an dlí ar bheith neamhchosanta ar bhagairtí nó ar ghníomhaíocht dhíoltach nó naimhdeach, agus go háirithe ar ghníomhaíochtaí fostaíochta díobhálacha nó idirdhealaitheacha.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine aonair atá neamhchosanta ar bhagairtí, gníomhaíochtaí díoltacha nó naimhdeacha, nó gníomhaíochtaí fostaíochta díobhálacha nó idirdhealaitheacha as amhras faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a thuairisciú go himmheánach nó chuig an FIU i dteideal gearán a thíolacadh ar bhealach sábháilte chuig na húdaráis inniúla faoi seach. Gan dochar do rúndacht na faisnéise arna bailiú ag an FIU, áiritheoidh Ballstáit go mbeidh an ceart ag daoine aonair den sórt sin leigheas éifeachtach a fháil chun a gcearta a choimirciú faoin mhír seo freisin.”;

(24) in Airteagal 39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Ní dhéanfaidh an toirmeasc a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo cosc a chur le nochtadh idir na hinstitiúidí creidmheasa agus na hinstitiúidí airgeadais ó na Ballstáit ar choinníoll go mbainfidh siad leis an ngrúpa céanna, nó idir na heintitis sin agus a gcraobhacha agus a bhfochuideachtaí ina bhfuil sciar tromlaigh ar seilbh acu arna mbunú i dtríú tíortha, ar choinníoll go ndéanfaidh na craobhacha agus na fochuideachtaí sin na beartais agus na nósanna imeachta uile-ghrúpa a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear nósanna imeachta chun faisnéis a roinnt laistigh den ghrúpa, i gcomhréir le hAirteagal 45 agus go ndéanfaidh na beartais agus na nósanna imeachta uile-ghrúpa na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh.”;

(25) in Airteagal 40, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) i gcás dícheall cuí custaiméara, cóip de na doiciméid agus den fhaisnéis is gá chun na ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara a leagtar síos i gCaibidil II, lena n-áirítear, nuair a bheidh sé ar fáil, faisnéis a fuarthas trí mheán sainathint leictreonach, seirbhísí ábhartha iontaobhais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó aon phróiseas sainitheantais eile bíodh sé slán, cianda nó leictreonach arna rialú, arna aithint nó arna fhorghnó nó ar ghlac na húdaráis ábhartha náisiúnta leis, ar feadh tréimhse 5 bliana tar éis chríoch na gaolmhaireachta gnó lena gcustaiméir nó tar éis dáta idirbhirt ócáidigh.”;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Beidh feidhm freisin ag an tréimhse choinneála dá dtagraítear di sa mhír seo, lena n-áirítear an tréimhse choinneála bhreise nach rachaidh níos faide ná 5 bliana breise, i ndáil leis na sonraí atá inrochtana trí na sásraí lárnacha dá dtagraítear de in Airteagal 32a.”;

(26) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 43:

“Airteagal 43

Déanfar próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn na Treorach seo chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 1 a chosc a bhreithniú mar ábhar ar díol spéise poiblí é faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).”;

(27) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 44:

“Airteagal 44

1. Áiríteoidh na Ballstáit, chun críocha rannchuidiú leis an ullmhúchán a bhaineann le measúnú riosca de bhun Airteagal 7, go bhfuil siad in ann athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht a gcórais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac trí staidreamh cuimsitheach a choimeád ar ábhair is ábhartha d'éifeachtúlacht na gcóras sin.

2. Áireofar ar an staidreamh dá dtagraítear i mír 1:

(a) sonraí a thomhaiseann méid agus tábhacht na n-earnálacha éagsúla a thagann laistigh de raon feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear líon na ndaoine nádúrtha agus na n-eintiteas agus tábhacht eacnamaíoch gach earnála;

(b) sonraí lena ndéantar céimeanna tuairiscithe, imscrúdaithe agus breithiúnacha an chórais AML/CFT náisiúnta a thomhas, lena n-áirítear líon na dtuairiscí ar idirbhearta amhrasacha a thugtar don FIU, an obair leantach ar na tuairiscí sin agus, ar bhonn bliantúil, líon na gcásanna a imscrúdaítear, líon na ndaoine a ionchúisítear, líon na ndaoine a chiontaítear i leith cionta i gcás sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, na cineálacha cionta preideacaíde, i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil, agus luach in euro na maoinne atá reoite, urghafa nó coigistithe;

(c) má tá siad ar fáil, sonraí lena sainaithnítear líon agus céatadán na dtuascálacha a mbíonn imscrúdú breise mar thoradh orthu, in éineacht leis an tuascáil bhliantúil chuig eintitis faoi oibleagáid ina dtugtar mionsonraí ar úsáideacht na dtuascálacha agus ar obair leantach a dhéantar ar na tuascálacha a thíolaic siad;

(d) sonraí maidir le líon na n-arrataí trasteorann ar fhaisnéis a rinne, a fuair agus a dhiúltaigh an FIU agus a d'fhreagair siad go páirteach nó go hiomlán, arna miondealú de réir tír chontrapháirtí;

(e) na hacmhainní daonna arna leithdháileadh ar na húdaráis inniúla atá freagrach as AML/CFT a mhaoirsiú chomh maith le hacmhainní daonna arna leithdháileadh ar an FIU chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 32 a dhéanamh;

(f) líon na ngníomhaíochtaí maoirseachta ar an láthair agus lasmuigh den láthair, líon na sárúithe a sainaithníodh ar bhonn na ngníomhaíochtaí maoirseachta agus na smachtbhannaí/na mbeart riaracháin a chuir na húdaráis mhaoirseachta i bhfeidhm.

3. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar athbhreithniú comhdhlúite ar a gcuid staidreamh a fhoilsiú ar bhonn bliantúil.

4. Cuirfidh na Ballstáit an staidreamh dá dtagraítear i mír 2 ar fáil go bliantúil don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún tuascáil bhliantúil ina mbeidh achoimre agus míniú ar an staidreamh dá dtagraítear i mír 2, ar tuascáil í a chuirfear ar fáil ar a láithreán gréasáin.”;

(28) in Airteagal 45, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Cuirfidh na Ballstáit agus na ÚMEnna a chéile ar an eolas faoi na cásanna nach gceadaíonn dlí tríú tír cur chun feidhme na mbeartas agus na nósanna imeachta a cheanglaítear faoi mhír 1. Sna cásanna sin, féadfar gníomhaíochtaí comhordaithe a ghlacadh chun réiteach a shaothrú. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar cé na tríú tíortha nach gceadaíonn cur chun feidhme na mbeartas agus na nósanna imeachta a cheanglaítear faoi mhír 1, cuirfidh na Ballstáit agus na ÚMEnna san áireamh aon srianta dlíthiúla a d’fhéadfadh bac a chur ar chur chun feidhme cuí na mbeartas agus na nósanna imeachta sin, lena n-áirítear rúndacht, cosaint sonraí agus srianta eile a chuireann teorainn leis an malartú faisnéise a d’fhéadfadh a bheith ábhartha chun na críche sin.”;

(29) in Airteagal 47, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh soláthraithe seirbhísí malartaithe idir airgeadraí fíorúla agus airgeadraí *fiat*, agus soláthraithe caomhnóirí sparán, cláraithe, go mbeidh ceadúnais ag oifigí malairte airgeadra agus briste seiceanna, agus soláthraithe seirbhíse iontaobhais nó cuideachta nó go mbeidh siad cláraithe, agus go mbeidh soláthróirí seirbhísí cearrbhachais rialáilte.”;

(30) leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“1a. Chun comhar éifeachtach, agus go háirithe malartú faisnéise, a éascú agus a chur chun cinn, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún liosta d’údaráis inniúla na n-eintiteas faoi oibleagáid a liostaítear in Airteagal 2(1), lena n-áirítear a sonraí teagmhála. Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh an fhaisnéis a sholáthraítear don Choimisiún de bheith cothrom le dáta.

Foilseoidh an Coimisiún clár de na húdaráis sin agus a sonraí teagmhála ar a shuíomh gréasáin. Feidhmeoidh na húdaráis sa chlár, laistigh de raon feidhme a gcumhachtaí, mar phointe teagmhála d’údaráis inniúla chontrapháirtí na mBallstát eile. Feidhmeoidh údaráis mhaoirseachta airgeadais na mBallstát freisin mar phointe teagmhála do ÚMEnna.

Chun a áirithiú go ndéanfar an Treoir seo a fhorfheidhmiú go leordhóthanach, éileoidh na Ballstáit go mbeidh gach eintiteas faoi oibleagáid faoi réir maoirseacht leordhóthanach, lena n-áirítear na cumhachtaí chun maoirseacht ar an láthair agus lasmuigh den láthair a dhéanamh, agus déanfaidh siad bearta riaracháin iomchuí agus comhréireacha a ghlacadh chun an cás a leigheas i gcás sárúithe.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cumhachtaí leordhóthanacha ag na húdaráis inniúla, lena n-áirítear an chumhacht chun iallach a chur go dtabharfar ar aird aon fhaisnéis atá ábhartha d’fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus chun seiceálacha a dhéanamh, agus go mbeidh acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla leormhaithe acu chun a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardleibhéal ioncais ag foireann na n-údarás sin agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu, agus go gcoimeádfaidh siad ardchaighdeán ghairmiúla, lena n-áirítear caighdeán maidir le rúndacht, cosaint sonraí agus caighdeán chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina mbeidh bunaióchtaí á n-oibriú ag an eintiteas faoi oibleagáid maoirseacht ar na bunaióchtaí sin, le féachaint go n-urramóidh siad forálacha náisiúnta an Bhallstáit sin lena dtrasúitear an Treoir seo.

I gcás institiúidí creidmheasa agus airgeadais atá mar chuid de ghrúpa, áiritheoidh na Ballstáit, chun na gcríoch a leagtar síos sa chéad fhomhír, go gcomhoibríonn údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil máthairghnóthas bunaithe le húdaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil na bunaióchtaí atá mar chuid den ghrúpa bunaithe.

I gcás na mbunaióchtaí dá dtagraítear in Airteagal 45(9), féadfar a áireamh sa mhaoirseacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo bearta iomchuí agus comhréireacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chlistí tromchúiseacha a bhfuil gá le leigheasanna orthu láithreach. Beidh na bearta sin sealadach agus foirceannfar iad nuair a thabharfar aghaidh ar na clistí a shaináithnítear, lena n-áirítear le cúnadh ó údaráis inniúla Bhallstát baile an eintitis faoi oibleagáid nó i gcomhar leo, i gcomhréir le hAirteagal 45(2).”;

(d) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“I gcás institiúidí creidmheasa agus airgeadais atá mar chuid de ghrúpa, áiritheoidh na Ballstáit, chun na gcríoch a leagtar síos san fhomhír roimhe seo, go ndéanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil máthairghnóthas bunaithe maoirsiú ar chur chun feidhme éifeachtúil na mbeartas uile-ghrúpa agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 45(1). Chun na críche sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstáit i gcás go gcomhoibríonn an chuid den ghrúpa arb institiúidí creidmheasa agus airgeadais iad leis na húdaráis inniúla de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an máthairghnóthas bunaithe.”;

(31) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 49:

“Airteagal 49

Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sásraí éifeachtacha ag lucht déanta beartas, na FIUnna, na maoirseoirí agus údaráis inniúla eile a bhfuil baint acu le AML/CFT, chomh maith le húdaráis chánach agus údaráis forfheidhmithe an dlí nuair a bhíonn siad ag gníomhú laistigh de raon feidhme na Treorach seo, chun a chumasú dóibh obair i gcomhar lena chéile agus comhordú a dhéanamh ar bhonn intíre maidir le forbairt agus cur chun feidhme beartais agus gníomhaíochtaí chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-airítear d’fhonn a n-oibleagáid faoi Airteagal 7 a chomhlíonadh.”;

(32) i Roinn 3 de Chaibidil VI, cuirtear isteach foroinn seo a leanas:

“Foroinn 11a

Comhar idir údaráis inniúla na mBallstáit

Airteagal 50a

Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar mhalartú faisnéise nó ar chúnamh idir na húdaráis inniúla ná ní chuirfidh siad coinníollacha a bheadh sriantach go míchuí ar an malartú sin chun críocha na Treorach seo. Go háirithe déanfaidh na Ballstáit a áirithiú nach ndiúltoídís na húdaráis inniúla iarraidh ar chúnamh ar na forais seo a leanas:

- (a) go meastar freisin go bhfuil baint ag an iarraidh le cursaí cánach;
- (b) go gceanglaíonn an dlí náisiúnta ar eintitis faoi oibleagáid rúndacht a choimeád, ach amháin sna cásanna sin ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha a bheidh á lorg in imthosca atá faoi chosaint pribhléid dhlíthiúil nó i gcás ina bhfuil feidhm ag rúndacht ghairmiúil dhlíthiúil, mar a thuairiscítear in Airteagal 34(2);
- (c) go bhfuil fiosrúchán, imscrúdú nó imeacht ar bun sa Bhallstát iarrtha, ach amháin mura gcuirfeadh an cúnamh bac ar an bhfiosrúchán, ar an imscrúdú nó ar an imeacht sin;
- (d) go bhfuil cineál nó stádas an údaráis inniúil contrapháirtí iarrthach éagsúil ó chineál nó stádas an údaráis inniúil iarrtha.”;

(33) leasaítear Airteagal 53 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 1:

“1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na FIUnna, go spontáineach, nó má iarrtar orthu, aon fhaisnéis a d’fhéadfadh a bheith ábhartha don FIU a bheith ag próiseáil agus ag anailísiú na faisnéise maidir le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta nó leis an duine nádúrtha nó dlítheanach atá rannpháirteach, beag beann ar chineál na gcionta preideacáide bainteacha agus fiú amháin mura sainaitnítear cineál na gcionta preideacáide bainteacha tráth an mhalartaithe.”;

(b) i mír 2, an dara fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

“Gheobhaidh an FIU sin faisnéis i gcomhréir le hAirteagal 33(1) agus déanfaidh sé na freagraí a aistriú go pras.”;

(34) in Airteagal 54, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“1a. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ainmneoidh na FIUnna duine teagmhála nó pointe teagmhála amháin ar a laghad le bheith freagrach as iarrataí ar fhaisnéis a fháil ó FIUnna i mBallstáit eile.”;

(35) in Airteagal 55, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar toiliú roimh ré ó FIU iarrtha chun an fhaisnéis a scaipeadh ar na húdaráis inniúla a dheonú go pras agus a mhéid is féidir beag beann ar chineál na gcionta preideacáide bainteacha. Ní dhiúltoídís an FIU iarrtha a thoiliú don scaipeadh sin mura rud é go mbeadh sé sin thar raon feidhme chur i

bhfeidhm a fhorálacha AML/CFT nó go bhféadfadh lagú ar imscrúdú coiriúil teacht as, nó go mbeadh sé díréireach ar shlí eile nach mbeadh sé i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Déanfar aon diúltú chun toiliú a dheonú a mhíniú go hiomchuí. Sonrófar na heisceachtaí sin ar bhealach a chuireann cosc ar mhí-úsáid scaipeadh faisnéise chuig údaráis inniúla, agus ar shrianta míchuí ar an scaipeadh sin.”;

(36) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 57:

“Airteagal 57

Ní chuirfidh difríochtaí idir sainmhínte dlí náisiúnta de chionta preideacáide dá dtagraítear i bpointe (4) d’Airteagal 3 bac ar chumas FIUnna cúnaimh a thabhairt do FIU eile ná ní chuirfidh sé teorainn le malartú, scaipeadh agus úsáid faisnéise de bhun Airteagal 53, Airteagal 54 agus Airteagal 55.”;

(37) i Roinn 3 de Chaibidil VI, cuirtear isteach an fhoroinn seo a leanas:

“Foroinn IIIa

Comhar idir na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus údaráis eile faoi cheangal ag rúndacht ghairmiúil

Airteagal 57a

1. Déanfaidh na Ballstáit a cheangal go mbeidh gach duine a oibríonn don nó a d’oibrigh don údaráis inniúil a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais i gcomhréir leis an Treoir seo agus iniúcháirí nó saineolaithe a fheidhmíonn thar ceann údaráis inniúla den sórt sin go mbeidh siad faoi cheangal ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

Gan dochar do chásanna a chumhdaítear leis an dlí coiriúil, ní fhéadfar faisnéis faoi rún a fhaigheann na daoine dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhmiú a ndualgas faoin Treoir seo dóibh a nochtadh ach amháin mar achoimre nó i bhfoirm chomhiomlánaithe, ar shlí a fhágfaidh nach féidir institiúidí creidmheasa agus airgeadais aonair a shainathint.

2. Ní chuirfidh mír 1 cosc ar mhalartú faisnéise idir:

- (a) údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais laistigh de Bhallstát i gcomhréir leis an Treoir seo nó gníomhartha reachtacha eile a bhaineann le maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais;
- (b) údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais laistigh de Bhallstát éagsúla i gcomhréir leis an Treoir seo nó le gníomhartha reachtacha eile a bhaineann le maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach (BCE) ag gníomhú dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 1024/2013 ón gComhairle (*). Beidh an malartú faisnéise sin faoi réir choinníollacha na rúndachta gairmiúla a luaitear i mír 1.

Faoin 10 Eanáir 2019, déanfaidh na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais i gcomhréir leis an Treoir seo agus an BCE, ag gníomhú dó de bhun Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus de bhun phointe (g) den chéad fhomhír d’Airteagal 56 de Threoir 2013/36AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), le tacaíocht na nÚdarás Maoirseachta Eorpacha, comhaontú a chur i gcrích ar na modúlachtaí praiticiúla chun faisnéis a mhalartú.

3. Údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais a fhaigheann faisnéis rúnda amhail dá dtagraítear i mír 1, bainfidh siad feidhm as an bhfaisnéis sin:

- (a) i gcomhlíonadh a ndualgas faoin Treoir seo nó faoi gníomhartha reachtacha eile i réimse AML/CFT, na rialála stuamachta agus na maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, lena n-áirítear smachtbhannú;
- (b) in achomharc i gcoinne cinneadh de chuid an údaráis inniúil a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, lena n-áirítear imeachtaí cúirte;
- (c) in imeachtaí cúirte a thionscnaítear de bhun forálacha speisialta dá bhforáiltear i ndlí an Aontais arna ghlacadh i réimse na Treorach seo nó i réimse na rialála stuamachta agus na maoirseachta ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais i gcomhar le chéile chun críocha na Treorach seo a mhéid is féidir, beag beann ar a gcineál nó a stádas atá acu faoi seach. Áirítear leis freisin an cumas comhar den sórt sin a dhéanamh, laistigh de chumhachtaí an údaráis inniúil iarrtha, fiosrúchán a dhéanamh thar ceann údarás inniúil iarrthach, agus i malartú na faisnéise ina dhiaidh sin a fuarthas trí imscrúduithe den sórt sin.

5. Féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt dá n-údaráis náisiúnta inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích a dhéanann foráil maidir le comhar agus malartú faisnéise rúnda leis na húdaráis inniúla i dtrú tíortha arb ionann a gcontrapháirteanna agus na húdaráis náisiúnta inniúla sin. Déanfar comhaontuithe comhair den sórt sin a thabhairt i gcrích ar bhonn na cómhálartachta agus ní dhéanfar é sin ach amháin má tá an fhaisnéis a nochtfar faoi réir cheanglais rúndachta gairmiúla atá combhionann ar a laghad leis sin dá dtagraítear i mír 1. Bainfear feidhm as an bhfaisnéis rúnda a malartaíodh de réir na gcomhaontuithe comhair sin chun críche cúram maoirseoireachta na n-údarás sin a chomhlíonadh.

I gcás ina dtionscnaíonn an fhaisnéis arna malartú i mBallstát eile, ní dhéanfar í a nochtadh gan toiliú sainráite an údaráis inniúil a chomhroinn í agus, i gcás inarb iomchuí, chun na gcríoch ar thug an t-údarás sin a thoiliú dóibh agus chun na gcríoch sin amháin.

Airteagal 57b

1. D'ainneoin Airteagal 57a (1) agus (3) agus gan dochar d'Airteagal 34(2), féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt chun faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla, sa Bhallstát céanna nó i mBallstáit éagsúla, idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis ar cuireadh ar a n-iontaoibh maoirseacht a dhéanamh ar eintitis na hearnála airgeadais agus ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gníomhú i bhfeidhmiú a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla amhail dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 2(1) agus na húdaráis atá freagrach le dlí as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí airgeadais i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna maoirseachta faoi seach.

Beidh an fhaisnéis a fhaightear, in aon chás, faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla a bheidh coibhéiseach ar a laghad leo siúd dá dtagraítear in Airteagal 57a(1).

2. D'ainneoin Airteagal 57a(1) agus (3), féadfaidh na Ballstáit, de bhua fhorálacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta, údarú a thabhairt faisnéis áirithe a nochtadh leis na húdaráis náisiúnta eile atá freagrach le dlí as maoirseacht a dhéanamh ar na margáí airgeadais, nó ag a mbeidh freagrachtaí ainmnithe i réimse sciúradh airgid, na cionta preideacáide bainteacha nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac nó a imscrúdú.

Mar sin féin, ní bhainfear feidhm as an bhfaisnéis rúnda a malartaíodh de réir an mhír 2 seo ach amháin chun críche cúraimí dlítheanacha na n-údarás lena mbaineann a chomhlíonadh. Beidh daoine a bhfuil rochtain acu ar an bhfaisnéis sin faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla a bheidh coibhéiseach ar a laghad leo siúd dá dtagraítear in Airteagal 57a(1).

3. Féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt go nochtfar faisnéis áirithe maidir le maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais i gcomhréir leis an Treoir seo do choistí fiosrúcháin Parlaiminteacha, do chúirteanna iniúchóirí agus d'eintitis eile atá i gceannas ar fhiosrúcháin, ina mBallstát, faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go bhfuil sainordú beacht faoin dlí náisiúnta ag na heintitis chun imscrúdú nó grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na hinstitiúidí creidmheasa sin nó as dlíthe maidir le maoirseacht den sórt sin;
- (b) go bhfuil dianghá leis an bhfaisnéis chun an sainordú dá dtagraítear i bpointe (a) a chomhlíonadh;
- (c) go bhfuil na daoine a mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil faoin dlí náisiúnta atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd dá dtagraítear in Airteagal 57a (1);
- (d) i gcás ina dtionscnaíonn an fhaisnéis i mBallstát eile, nach ndéanfar í a nochtadh gan toiliú sainráite na n-údarás inniúil a nocht í agus, chun na gcríoch amháin ar thug na húdaráis sin a thoiliú dóibh.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

(**) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).";

(38) in Airteagal 58(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú freisin i gcás ina sainaitníonn a n-údaráis inniúla sáruithe atá faoi réir smachtbhannaí coiriúla, go gcuirfidh siad na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an eolas ar bhealach tráthúil.”;

(39) leasaítear Airteagal 61 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbunóidh údaráis inniúla, chomh maith i gcás inarb infheidhme, le comhlachtaí féinrialála, sásraí éifeachtacha agus iontaofa chun tuairisciú sháruithe féideartha nó iarbhrí ar na forálacha náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir seo chuig údaráis inniúla, chomh maith le, i gcás inarb infheidhme, comhlachtaí féinrialála, a spreagadh.

Chun na críche sin, soláthróidh siad bealach cumarsáide slán amháin nó níos mó do dhaoine le haghaidh an tuairiscithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Áiritheoidh bealaí den sórt sin nach mbeidh céannacht na ndaoine sin a chuireann faisnéis ar fáil ar eolas ach amháin ag na húdaráis inniúla, chomh maith, i gcás inarb infheidhme, le comhlachtaí féinrialála.”;

(b) i mír 3, cuirtear na fómhíreanna seo a leanas leis:

“Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar daoine aonair, lena n-áirítear fostaithe agus ionadaithe an eintitis faoi oibleagáid, a thuairiscíonn amhras faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta go himmheánach nó don FIU, a chosaint ar bheith neamhchosanta ar bhagairtí nó ar ghníomhaíocht dhíoltach nó naimhdeach, agus go háirithe ar ghníomhaíochtaí fostaíochta díobhálacha nó idirdhealaitheacha.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine aonair atá neamhchosanta ar bhagairtí, gníomhaíochtaí naimhdeacha, nó díobhálacha nó idirdhealaitheacha gníomhaíochtaí fostaíochta maidir le tuairisciú amhras faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta go himmheánach, nó chuig an FIU i dteideal gearán a thíolacadh ar bhealach sábháilte, do na húdaráis inniúla faoi seach. Gan dochar do rúndacht na faisnéise arna bailiú ag an FIU, áiritheoidh na Ballstáit freisin go mbeidh an ceart ag daoine aonair den sórt sin chun leigheas éifeachtach chun a gcearta a choimirciú faoin mhír seo.”;

(40) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 64a

1. Tabharfaidh an Coiste um Chosc ar Sciúradh Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta (an “Coiste”) amhail dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (**).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(*) Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).”;

(41) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 65:

“Airteagal 65

1. Faoin 11 Eanáir 2022, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í.

Áireofar sa tuarascáil sin go háirithe:

(a) cuntas ar na bearta sonracha a glacadh agus na sásraí arna gcur ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an Bhallstáit chun fadhbanna a bheidh ag teacht chun cinn agus forbairtí nua a bheidh mar bhagairt do chóras airgeadais an Aontais a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu;

(b) gníomhaíochtaí leantacha a rinneadh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an Bhallstáit ar bhonn inní a thugtar ar aird dóibh, lena n-áirítear gearáin a bhaineann le dlíthe náisiúnta a chuireann bac ar chumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha údaráis inniúla agus comhlachtaí féinrialála;

- (c) cuntas ar infhaighteacht na faisnéise ábhartha d'údaráis inniúla agus FIUnna na mBallstát, úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc;
- (d) cuntas ar an gcomhar idirnáisiúnta agus ar an malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus FIUnna;
- (e) cuntas ar ghníomhaíochtaí riachtanacha ón gCoimisiún chun a fhíorú go ndéanann na Ballstáit gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an Treoir seo agus chun measúnú a dhéanamh ar fhadhbanna a bheidh ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí nua sna Ballstáit;
- (f) anailís ar a indéanta atá bearta sonracha agus sásraí sonracha ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát leis na féidearthachtaí chun faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile a corpraíodh lasmuigh den Aontas a bhailiú agus rochtain a fháil uirthi agus faoi chomhréireacht na mbeart dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 20;
- (g) meastóireacht ar conas a urramaíodh na cearta bunúsacha agus na prionsabail a shainaitnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Beidh ag gabháil leis an gcéad tuarascáil, atá le foilsiú faoin 11 Eanáir 2022, más gá, tograí iomchuí reachtacha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, maidir le hairgeadraí fíorúla, cumhachtuithe chun bunachar sonraí a chur ar bun agus a chothabháil lena gclárófar céannachtaí agus seoltaí tiacóige úsáideoirí a bheidh inrochtana do FIUnna, chomh maith le foirmeacha féindearbhairthe le haghaidh úsáid na n-úsáideoirí airgeadra fíorúla, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar idir Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní na mBallstát agus cur i bhfeidhm riosca-bhunaithe na mbeart dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 20.

2. Faoin 1 Meitheamh 2019, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcreat do chomhar na FIUnna le tríú tíortha agus le bacainní agus deiseanna chun an comhar idir FIUnna san Aontas a fheabhsú lena n-áirítear an fhéidearthacht sásra comhordaithe agus tacaíochta a bhunú.

3. Déanfaidh an Coimisiún, más iomchuí, tuarascáil a eisiúint chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle chun measúnú a dhéanamh an gá agus an comhréireach an céatadán a íslíú i ndáil le húinéireacht thairbhiúil eintiteas dlíthiúil a shainaithint i bhfianaise aon mholadh arna eisiúint sa chiall sin ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag lucht leagtha amach caighdeán a bhfuil inniúlacht acu i ndáil le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc mar thoradh ar mheasúnú nua, agus togra reachtach a thíolacadh, más iomchuí.”;

(42) in Airteagal 67, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun go gcomhlíonfaí an Treoir seo a thabhairt i bhfeidhm faoin 26 Meitheamh 2017.

Cuirfidh na Ballstáit Airteagal 12(3) i bhfeidhm ón 10 Iúil 2020.

Déanfaidh na Ballstáit na cláir dá dtagraítear in Airteagal 30 a chur ar bun faoin 10 Eanáir 2020 agus na cláir dá dtagraítear in Airteagal 31 a chur ar bun faoin 10 Márta 2020 agus na sásraí uathoibríthe láraithe dá dtagraítear in Airteagal 32a a chur ar bun faoin 10 Meán Fómhair 2020.

Áiritheoidh an Coimisiún idirnascadh na gclár dá dtagraítear in Airteagal 30 agus Airteagal 31 i gcomhar leis na Ballstáit faoin 10 Márta 2021.

Cuirfidh na Ballstáit téacs na mbeart sin dá dtagraítear sa mhír seo in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos na modhanna a ndéanfar tagairtí den sórt sin.”;

(43) in Iarscríbhinn II, pointe (3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

“(3) Fachtóirí riosca geografacha — clárúchán, bunú, cónaí i.”;

(44) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(g) is náisiúnach ó thríú tír é an custaiméir a dhéanann iarratas le haghaidh cearta cónaithe nó saoránachta sa Bhallstát mar mhalartú ar aistrithe caipitil, ceannach maoiné nó bannaí rialtais, nó infheistíocht a dhéanamh in eintitis chorparáideacha sa Bhallstát sin.”;

(b) leasaítear pointe (2) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) gaolmhaireachtaí ghnó nó idirbhearta nach ndéantar duine le duine, gan cosaintí áirithe, amhail meáin ríomhaitheantais leictreonacha, seirbhísí ábhartha iontaobhais mar a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó aon phróiseas eile sainaitheantais atá slán, cianda nó leictreonach rialáilte, aitheanta nó formheasta ag na húdaráis ábhartha náisiúnta nó a mbeidh glactha acu leis;”;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(f) idirbhearta a bhaineann le hola, le hairm, le miotail lómhara, le táirgí tobac, le déantáin chultúrtha agus nithe eile a bhfuil tábhacht seandálaíochta, stairiúil nó chultúrtha agus reiligiúnach, nó tearcluach eolaíoch ag baint leo, chomh maith le heabhar agus speicis faoi chosaint.”.

Airteagal 2

Leasú ar Threoir 2009/138/CE

In Airteagal 68(1), pointe (b) de Threoir 2009/138/CE, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(iv) údarais freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis faoi oibleagáid a liostaítear i bpointí (1) agus (2) d’Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) i dtaca le comhlíonadh na Treorach sin;

(*) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).”.

Airteagal 3

Leasú ar Threoir 2013/36/AE

Sa chéad mhír d’Airteagal 56 de Threoir 2013/36/AE, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(g) údarais freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis faoi oibleagáid a liostaítear i bpointí (1) agus (2) d’Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) i dtaca le comhlíonadh na Treorach sin.

(*) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).”.

Airteagal 4

Trasú

1. Tabharfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh i bhfeidhm faoin 10 Eanáir 2020. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhóralacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 6***Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in Strasbourg an 30 Bealtaine 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. PAVLOVA

TREOIR (AE) 2018/844 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 30 Bealtaine 2018

lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá an tAontas tiomanta do chóras fuinnimh atá inbhuanaithe, iomaíoch, seasmhach agus dícharbónaithe a fhorbairt. Leis an Aontas Fuinnimh agus leis an gCreat Beartais maidir le Fuinneamh agus Aeráid do 2030, bunaítear gealltanais uailmhianacha don Aontas chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú tuilleadh 40 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le 1990, chun an céatadán d'fhuinneamh in-athnuaite a ídítear a mhéadú agus chun coigiltí fuinnimh a dhéanamh i gcomhréir le huailmhianta ar leibhéal an Aontais agus chun seasmhacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht fuinnimh na hEorpa a fheabhsú.
- (2) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, comhcheanglaítear in athbhreithniú 2016 ar ghníomhartha reachtacha de chuid an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh athmheasúnú ar sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais do 2030 mar a d'iarr an Chomhairle Eorpach in 2014, athbhreithniú ar chroí-fhorálacha Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus athneartú ar chreat an mhaoinithe chumasaithe lena n-áirítear Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) agus Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS), rud a fheabhsóidh ar deireadh dálaí airgeadais na n-infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh ar an margadh.
- (3) Le Treoir 2010/31/AE ceanglaíodh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh faoin 1 Eanáir 2017, i bhfianaise na taithí atá faighte agus an dul chun cinn atá déanta le linn chur i bhfeidhm na Treorach sin, agus moltaí a dhéanamh, más gá.
- (4) Chun ullmhú i gcomhair an athbhreithnithe sin, ghlac an Coimisiún sraith céimeanna chun fianaise a bhailiú maidir leis an gcaoi ar cuireadh Treoir 2010/31/AE chun feidhme sna Ballstáit, inar díródh ar an méid ar éirigh leis agus ar a bhféadfaí a fheabhsú.
- (5) Léiríodh i dtoradh an athbhreithnithe agus an mheasúnaithe tionchair ón gCoimisiún go bhfuil gá le sraith leasuithe chun forálacha reatha Threoir 2010/31/AE a neartú agus chun gnéithe áirithe a shimplíú.
- (6) Tá an tAontas tiomanta do chóras fuinnimh atá inbhuanaithe, iomaíoch, seasmhach agus dícharbónaithe a fhorbairt faoi 2050. Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá bearta de dhíth ar na Ballstáit agus ar infheisteoirí arb é is aidhm dóibh an sprioc fhadtéarmach i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus an stoc foirgneamh atá freagrach as thart ar 36 % d'astaíochtaí CO₂ ar fad san Aontas a dhíchárbónú, agus sin faoi 2050. Ba cheart do na Ballstáit cothromaíocht chostéifeachtúil a lorg idir soláthairtí fuinnimh a dhíchárbónú agus idiú

⁽¹⁾ IO C 246, 28.7.2017, lch. 48.

⁽²⁾ IO C 342, 12.10.2017, lch. 119.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Bealtaine 2018.

⁽⁴⁾ Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

⁽⁵⁾ Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 53, 18.6.2010, lch. 13).

fuinnimh deiridh a laghdú. Chun na críche sin, tá fíis shoiléir ag teastáil ó na Ballstáit agus ó infheisteoirí chun a gcuid beartas agus a gcuid cinní infheistíochta a threorú, lena n-áirítear garspriocanna náisiúnta táscacha agus gníomhaíochtaí i leith éifeachtúlachta fuinnimh chun na cuspóirí gearrthéarmacha (2030), meántéarmacha (2040) agus fadtéarmacha (2050) a bhaint amach. Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh agus ag breathnú ar uailmhianta éifeachtúlachta fuinnimh foriomlána an Aontais, tá sé riachtanach do na Ballstáit aschur ionchasach straitéisí náisiúnta athchóirithe fadtéarmacha a shonrú agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí a dhéantar maidir leo trí tháscairí intíre dul chun cinn a leagan amach faoi réir dálaí agus forbairtí náisiúnta.

- (7) Cuirtear borradh ar iarrachtaí de chuid an Aontais chun a stoc foirgneamh a dhíchárbónú leis an gComhaontú Pháras 2015 maidir leis an athrú aeráide a tháinig i ndiaidh an 21ú Comhdháil Páirtithe Chreat-Choibhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 21). Agus é á chur san áireamh go n-úsáidtear beagnach 50 % d'ídiú fuinnimh deiridh an Aontais do théamh agus d'fhuarú, agus go n-úsáidtear 80 % de sin i bhfoirgnimh, tá nasc idir spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach agus iarrachtaí an Aontais chun a stoc foirgneamh a athchóiriú trí éifeachtúlacht fuinnimh a bheith ina tosaíocht, agus úsáid á baint as an bprionsabal "tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh" mar aon le féachaint faoi fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid.
- (8) Ba cheart na forálacha maidir le straitéisí athchóirithe fadtéarmacha a leagtar síos i dTreoir 2012/27/AE a aistriú go Treoir 2010/31/AE, áit ina n-oireann siad níos soiléire. Ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as a gcuid straitéisí athchóirithe san fhadtarma chun aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht ó dhóiteán agus na baoil a bhaineann le gníomhaíocht sheismeach dhian a dhéanann difear d'athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh agus do shaolré foirgneamh.
- (9) Chun stoc foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus atá dícharbónaithe a bhaint amach agus chun a áirithiú go dtiocfaidh an dul chun cinn riachtanach ar aistriú foirgneamh atá ann faoi láthair beagnach ina bhfoirgnimh neodracha ó thaobh fuinnimh as na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha, go háirithe trí mhéadú ar athchóiriú domhain, ba cheart do na Ballstáit treoirlínte soiléire a sholáthar agus gníomhaíochtaí intomhaiste spriocdhírthe chomh maith le rochtain chomhionann ar mhaoiniú a chur chun cinn, lena n-áirítear do na ranna is neamhfheidhmiúla den stoc náisiúnta foirgneamh, do thomhaltóirí atá buailte ag an tearcrochtain fuinnimh, do thithíocht shóisialta agus do theaghligh atá faoi réir cruachásanna dreasachta deighilte, agus inacmhainneacht á cur san áireamh. D'fhonn níos mó tacaíochta a thabhairt do na feabhsuithe riachtanacha ina stoc náisiúnta ar cíos, ba cheart do na Ballstáit féachaint faoi cheanglais a thabhairt isteach nó faoi leanúint ar aghaidh á gcur i bhfeidhm do leibhéal áirithe feidhmíochta fuinnimh maidir le maoiné ar cíos, i gcomhréir leis na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh.
- (10) De réir an mheasúnaithe tionchair ón gCoimisiún, bheadh gá le hathchóiriú ag meánráta 3 % in aghaidh na bliana chun uailmhianta an Aontais le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach. De bhrí go laghdaítear allmhairithe gáis faoi 2,6 % le gach méadú 1 % ar choigiltí fuinnimh, tá uailmhianta soiléire i gcomhair athchóiriú ar an stoc foirgneamh atá ann faoi láthair den rithábacht. Mar sin, bheadh iarrachtaí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú ina gcuidiú gníomhach le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais agus thairis sin tá mórachmhainn iontu chun poist a chruthú san Aontas, go háirithe i bhfiontar bheaga agus mheánmhéide. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit an gá a chur san áireamh le nasc soiléir idir a straitéisí athchóirithe fadtéarmacha agus tionscnaimh ábhartha chun forbairt scileanna agus oideachas a chur chun cinn in earnálacha na foirgníochta agus na héifeachtúlachta fuinnimh.
- (11) Ba cheart an gá le bochtaineacht fuinnimh a mhaolú a chur san áireamh, i gcomhréir leis na critéir arna sainiú ag na Ballstáit. Agus gníomhaíochtaí náisiúnta a chuidíonn le bochtaineacht fuinnimh a mhaolú á leagan amach ag na Ballstáit ina straitéisí athchóirithe, tá sé de cheart acu na nithe a bhféachann siad orthu mar ghníomhaíochtaí ábhartha a bhunú.
- (12) Agus na Ballstáit i mbun a straitéisí athchóirithe fadtéarmacha agus gníomhaíochtaí agus bearta á bpleanáil acu, d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as coincheapa amháil pointí truícír, eadhon amanna tráthúla, mar shampla ó thaobh costéifeachtachta nó suaite, i saolré foirgnimh chun athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh.
- (13) Foráiltear le treoirlínte 2009 ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, maidir le cáilíocht an aeir laistigh, go dtugann foirgnimh a fheidhmíonn níos fearr leibhéal compoird níos airde agus folláine dá sealbhóirí agus cuireann siad feabhas ar an tsláinte. Mar thoradh ar dhroichid theirmeacha, insliú neamhleor agus bealaí aeir neamhpleanáilte is féidir teocht dromchla faoi bhun dhrúchtphointe an aeir agus i dtaise a bheith ann. Tá sé rithábachtach, mar sin, insliú iomlán aonchineálach an fhoirgnimh a áirithiú, lena n-áirítear na balcóin, cóiriú na bhfuinneog, díonta, ballaí, doirse agus urláir, agus ba cheart aird ar leith a tharraingt ar a thábhachtaí atá sé go seachnófaí an teocht ar aon dromchla laistigh den fhoirgneamh titim faoi bhun teocht an drúchtphointe.

- (14) Ba cheart do na Ballstáit tacú le huasghráduithe feidhmíochta fuinnimh ar fhoirgnimh atá ann faoi láthair a chuidíonn le timpeallacht shláintiúil laistigh a bhaint amach, lena n-áirítear trí aiseist agus substaintí díobhálacha eile a bhaint, lena gcuirtear cosc ar bhaint neamhdhleathach substaintí díobhálacha agus comhlíonadh gníomhartha reachtacha atá ann cheana féin amhail Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ á éascú.
- (15) Tá sé tábhachtach a áirithiú nach ndírítear le bearta chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú ach amháin ar an imchlúdach foirgnimh ach go n-áirítear na heilimintí ábhartha agus na córais theicniúla go léir i bhfoirgneamh, amhail eilimintí éighníomhacha a bhíonn rannpháirteach i dteicnící éighníomhacha arb é is aidhm dóibh na riachtanais fuinnimh do théamh nó d'fhuarú, an úsáid fuinnimh do shoilsiú agus d'aerú a laghdú agus ar an dóigh sin feabhas a chur ar chompond teirmeach agus amhairc.
- (16) Ba cheart go mbeadh ról lárnach ag sásraí airgeadais, dreasachtaí agus cur ar fáil institiúidí airgeadais d'athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh sna straitéisí náisiúnta athchóirithe fadtéarmacha agus ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit chun cinn go gníomhach iad. Ba cheart go n-áireofaí le bearta den sórt sin morgáistí fuinneamhéifeachtúla a spreagadh d'athchóiriú foirgneamh fuinneamhéifeachtúla deimhniúla, lena gcuirtear infheistíochtaí d'údarais phoiblí chun cinn i stoc foirgneamh fuinneamhéifeachtúil, mar shampla trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó conarthaí feidhmíochta fuinnimh roghnacha, lena laghdaítear an baol a mheastar a bhaineann leis na hinfeistíochtaí, lena gcuirtear uirlisí comhairleacha inrochtana trédhearcacha agus ionstraimí cúnaimh ar fáil amhail ionaid ilfhreastail a chuireann seirbhísí athchóirithe fuinnimh comhtháite ar fáil, mar aon le bearta agus tionscnaimh eile a chur chun feidhme amhail na cinn dá dtagraítear sa tionscnamh ón gCoimisiún dar teideal Airgeadas Cliste d'Fhoirgnimh Chliste.
- (17) Tá réitigh dhúlra-bhunaithe, amhail fásra sráide dea-phleanáilte, díonta glasa agus ballaí a thugann insliú agus scáth d'fhoirgnimh, ina gcuidiú chun éileamh ar fhuinneamh a laghdú tríd an ngá le téamh agus le fuarú a theorannú agus trí fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh a fheabhsú.
- (18) Ba cheart taighde i réitigh nua chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus suímh stairiúil agus tástáil na réiteach sin a spreagadh agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a chaomhnú ag an am céanna.
- (19) I gcás foirgneamh nua agus foirgneamh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, ba cheart do na Ballstáit córais mhalartacha ardéifeachtúlachta a spreagadh más indéanta ar bhonn teicniúil, feidhmiúil agus eacnamaíoch agus ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt freisin ar shaincheisteanna a bhaineann le dálaí sláintiúla aeráide laistigh, sábháilteacht ó dhóiteán agus rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht suntasach sheismeach, i gcomhréir le rialacháin sábháilteachta baile.
- (20) Chun na cuspóirí beartais éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh foirgneamh a chomhlíonadh, ba cheart trédhearcacht na dteastais feidhmíochta fuinnimh a fheabhsú trína áirithiú go leagfaí amach na paraiméadair go léir atá riachtanach don ríomh, idir dheimhniúcháin agus íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, agus go gcuirfí chun feidhme ar bhonn leanúnach iad. Ba cheart do na Ballstáit bearta leordhóthanacha a ghlacadh chun a áirithiú, mar shampla, go ndéanfaí doiciméadú ar fheidhmíocht córas teicniúil foirgneamh do théamh spáis, d'aerchóiriú nó do théamh uisce atá suiteáilte, athsholáthraithe nó nuashonraithe nó uasghrádaithe, i bhfianaise deimhniúcháin foirgneamh agus seiceáil ar chomhlíonadh.
- (21) Ba cheart do na Ballstáit a mheas go bhfuil suiteáil feistí féinrialála i bhfoirgnimh atá ann faoi láthair chun teocht i ngach seomra a rialáil ar leithligh indéanta go heacnamaíoch, nó i gcás ina bhfuil bonn cirt leis, i limistéar ainmnithe téite den aonad foirgnimh, mar shampla, i gcás ina bhfuil an costas níos lú ná 10 % de chostais iomlána na ngineadóirí teasa ar cuireadh gineadóirí ina n-ionad.
- (22) De bhreis air sin, a bhuí leis an nuálaíocht agus leis an teicneolaíocht nua, is féidir le foirgnimh cur le dícharbónú ginearálta an gheilleagair, lena n-áirítear earnáil an iompair. Mar shampla, is féidir foirgnimh a ghíaráil le forbairt ó thaobh an bhonneagair is gá chun feithiclí leictreacha a luchtú agus is féidir bunús a sholáthar do na Ballstáit, más mian leo é, chun ceallraí cairr a úsáid mar fhoinse cumhachta.
- (23) Nuair atá feithiclí leictreacha comhcheangailte le sciar méadaithe de tháirgeadh leictreachais in-athnuaite, táirgeann siad níos lú astaíochtaí carbóin agus bíonn cáilíocht an aeir níos fearr mar gheall orthu. Is cuid thábhachtach d'aistriú glan fuinnimh iad feithiclí leictreacha bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, breoslaí malartacha, fuinnimh in-athnuaite agus réitigh nuálacha bainistithe solúbthachta fuinnimh. Is féidir cóid tógála a úsáid go

⁽¹⁾ Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé aiseiste ar an láthair oibre (IO L 330, 16.12.2009, lch. 28).

⁽²⁾ Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailléan áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

héifeachtach chun ceanglais spriocdhírthe a thabhairt isteach chun tacú le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe i gcarrchlóis foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh do bhearta chun imscaradh bonneagair athluchtaithe a shimpliú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhacainní amhail dreasachtaí deighilte agus castachtaí riaracháin a bhíonn os comhair úinéirí aonair agus iad ag iarraidh pointe athluchtaithe a shuiteáil ar a spás páirceála.

- (24) Le bonneagar ductála cuirtear na dálaí cearta ar fáil d'imscaradh gasta pointí athluchtaithe más gá agus i gcás ina bhfuil gá leo. Ba cheart do na Ballstáit, forbairt leictrea-shoghluaiseachta a áirithiú ar bhealach cothrom costéifeachtach. Go háirithe, i gcás ina dtarlaíonn athchóiriú ollmhór a bhaineann le bonneagar leictreach, ba cheart go gcuirfí bonneagar ductála i bhfeidhm go hábhartha ina dhiaidh. Agus na ceanglais le haghaidh leictrea-shoghluaiseacht sa reachtaíocht náisiúnta á gcur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar dhálaí éagsúla féideartha amhail úinéireacht foirgneamh agus an charrchlóis in aice leo, carrchlóis phoiblí a oibríonn eintitis phríobháideacha agus foirgnimh a bhfuil feidhmiú mar ionaid chónaithe agus neamhchónaithe araon acu.
- (25) Le bonneagar atá ar fáil go héasca laghdófar costais suiteála pointí athluchtaithe d'úinéirí aonair agus áiritheofar go mbeidh rochtain ag úsáideoirí feithiclí leictreacha ar phointí athluchtaithe. Ceanglais a bhunú do leictrea-shoghluaiseacht ar leibhéal an Aontais a bhaineann le trealamh a chur i spásanna páirceála roimh ré agus pointí athluchtaithe a shuiteáil, is bealach éifeachtach é sin chun feithiclí leictreacha a chur chun cinn go luath amach anseo agus forbairtí breise á gcumasú ar chostas laghdaithe ar bhonn meántéarmach go fadtéarmach.
- (26) Nuair a bhunaíonn na Ballstáit a gceanglais náisiúnta chun le haghaidh líon íosta de phointí athluchtaithe a shuiteáil d'fhoirgnimh neamhchónaithe a bhfuil níos mó ná 20 spás páirceála acu, le bheith i bhfeidhm ó 2025, ba cheart dóibh dálaí ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla mar aon le riachtanais agus cúinsí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann bunaithe ar limistéar, tíopeolaíocht tógála, clúdach iompair phoiblí agus critéir ábhartha eile a chur san áireamh, chun imscaradh comhréireach iomchuí pointí athluchtaithe a áirithiú.
- (27) Mar sin féin, d'fhéadfadh deacrachtaí sonracha a bheith ag roinnt limistéar geografach a bhfuil leochaileachtaí sonracha acu agus na ceanglais maidir le leictrea-shoghluaiseacht á gcomhlíonadh acu. D'fhéadfadh an cas bheith amhlaidh do na réigiúin is forimeallaí laistigh de bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar thoradh ar a n-iargúlacht, a n-oileánachas, a méid beag, a dtopagrafaíocht agus aeráid achrannach, mar aon lena gcórais leithlisithe bheaga, agus d'fhéadfadh an gá bheith ann go n-athródh a n-eangach leictreachais bonn ar bhonn d'fhonn déileáil le tuilleadh leictrithe an iompair áitiúil. Sna cásanna sin, ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit gan ceanglais na leictrea-shoghluaiseachta a chur i bhfeidhm. D'ainneoin an mhaolaithe sin, d'fhéadfadh leictriú iompair bheith ina uirlis chumhachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le cáilíocht an aeir nó le slándáil an tsoláthair fuinnimh a chuireann isteach ar na réigiúin agus ar na córais sin go minic.
- (28) Agus na ceanglais maidir le bonneagar leictrea-shoghluaiseachta a leagtar amach sna leasuithe de Threoir 2010/31/AE mar a leagtar amach sa Treoir seo á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit, ba cheart dóibh féachaint faoin ngá le planáil uirbeach iomlánaíoch comhleanúnach mar aon leis an ngá le modhanna iompair malartacha, sábháilte agus inbhuanaithe agus an bonneagar a thacaíonn leo a chur chun cinn, mar shampla trí bhonneagar páirceála tiomanta do rothair leictreacha agus do dhaoine atá faoi mhíchumas luaineachta.
- (29) Ba cheart go mbeadh cláir oibre an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus an Aontais Fuinnimh ailínithe agus go bhfreastalóidís ar spriocanna comhchoiteanna. Tá digitiú an chórais fuinnimh ag athrú thírhdreach an fhuinnimh go tapa, ó chomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh go heangacha-cliste agus foirgnimh atá ullamh don teicneolaíocht chliste. Chun earnáil na foirgníochta a dhigitiú, tá spriocanna nascachta agus uailmhianta an Aontais d'imscaradh líonraí cumarsáide ardoillte tábhachtach do theaghlaigh chliste agus do phobail dheanaschta. Ba cheart dreasachtaí spriocdhírthe a sholáthar chun córais atá ullamh don teicneolaíocht-chliste agus réitigh dhigiteacha a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha. Leis sin cuirtear deiseanna nua ar fáil do choigiltí fuinnimh, trí eolas níos cruinne a thabhairt do thomhaltóirí faoina bpatrúin ídithe agus trí chur ar chumas an oibreora córais an eangach a bhainistiú níos éifeachtaí.
- (30) Ba cheart an táscaire ullmhachta cliste a úsáid chun cumas foirgneamh a thomhas chun teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus córais leictreonacha a úsáid d'fhonn oibriú an fhoirgnimh a chur in oiriúint do riachtanais an tsealbhóra agus na heangáil agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus a fheidhmíocht fhoriomlán foirgneamh a fheabhsú. Ba cheart go ndéanfaí leis an táscaire ullmhachta cliste feasacht a mhúscailt i measc úinéirí agus sealbhóirí foirgneamh maidir leis an luach atá ar an uathoibriú foirgneamh agus ar an bhfaireachán leictreonach ar chórais theicniúla foirgneamh agus ba cheart dó muinín a thabhairt do shealbhóirí as na coigiltí iarbhír a bhaineann leis na feidhmiúlachtaí breisithe nua sin. Ba cheart go mbeadh úsáid na scéime chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil a bheith roghnach do na Ballstáit.

- (31) Chun Treoir 2010/31/AE a chur in oiriúint don dul chun cinn sa teicneolaíocht, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligeán chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh trí sainmhíniú a bhunú ar tháscaire ullmhachta clisteachta agus trí mhodheolaíocht a bhunú lena ríomh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 ⁽¹⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (32) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme Treoir 2010/31/AE seo, arna leasú leis an Treoir seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis na modúlachtaí do scéim roghnach chomhchoiteann an Aontais chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.
- (33) Ba cheart go mbeadh bearta airgeadais a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh nasctha le cáilíocht na n-oibreacha athchóirithe i bhfianaise na sprioc-choigiltí fuinnimh nó na gcoigiltí fuinnimh a bhaintear amach chun a áirithiú go ndéanfar na bearta sin a chur i bhfeidhm ar an mbealach is fearr agus athchóiriú foirgneamh ar siúl. Ba cheart, mar sin, go mbeadh na bearta sin nasctha le feidhmíocht an trealaimh nó an ábhair a úsáidtear don athchóiriú, le leibhéal deimhniúcháin nó cáilíochta an suiteálaí, le hiniúchadh fuinnimh, nó leis an bhfeabhas a baineadh amach mar thoradh ar an athchóiriú, ar cheart measúnú a dhéanamh trí teastais feidhmíochta fuinnimh a d'eiseofaí roimh agus i ndiaidh an athchóirithe, trí luachanna caighdeánacha a úsáid nó trí mhodh eile trédhearcach comhréireach.
- (34) Is féidir na córais rialaithe neamhspleácha reatha le haghaidh teastais feidhmíochta fuinnimh a úsáid do sheiceáil ar chomhlíonadh agus ba cheart iad a neartú chun a áirithiú go mbeadh na teastais ar cháilíocht mhaith. I gcás ina ndéantar na córais rialaithe neamhspleácha le haghaidh teastais feidhmíochta fuinnimh a chomhlánú le bunachar sonraí roghnach a théann níos faide ná ceanglais Treoir 2010/31/AE arna leasú leis an Treoir seo, is féidir iad a úsáid le haghaidh seiceáil ar chomhlíonadh agus le staitisticí a tháirgeadh maidir le stoic réigiúnacha/náisiúnta foirgneamh. Tá gá le sonraí de cháilíocht ard maidir leis an stoc foirgneamh agus d'fhéadfaí é seo a ghiniúint go pointe áirithe trí na cláir agus na bunachair sonraí atá á n-ullmhú agus á riaradh le haghaidh teastais feidhmíochta fuinnimh ag beagnach gach Ballstát i láthair na huaire.
- (35) De réir an mheasúnaithe tionchair ón gCoimisiún, tugadh faoi deara go bhfuil na forálacha a bhaineann le hiniúchtaí córas téimh agus córas aerchóirithe neamhéifeachtúil toisc nach ndéantar feidhmíocht thosaigh agus leanúnach na gcóras teicniúil sin a áirithiú a dhóthain. Ní chuirtear san áireamh a dhóthain i láthair na huaire, fiú amháin na réitigh theicniúla éifeachtúlachta fuinnimh shaora a bhfuil tréimhse aisíoca an-ghairid acu, amhail cothromú hidrálach an chórais téimh agus suiteáil nó athsholáthar comhlaí rialaithe teirmeastatacha. Ba cheart na forálacha a bhaineann le hiniúchtaí a leasú chun toradh níos fearr ar iniúchtaí a áirithiú. Ba cheart do na leasuithe sin iniúchtaí a dhírú ar chórais teasa lárnaigh agus aerchóirithe lena n-áirítear i gcás ina chomhcheanglaítear na córais sin le córais aerála. Ba cheart go n-eisiafaí leo córais bheaga teasa amhail téitheoirí leictreacha agus soirn adhmaid nuair a bhíonn siad faoi bhun na dtairseach le haghaidh iniúchta de réir Treoir 2010/31/AE arna leasú leis an Treoir seo.
- (36) Agus iniúchtaí á gcur i gcrích agus d'fhonn na feabhsúcháin ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a bheartaítear a bhaint amach sa chleachtas, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh iarbhrí córais téimh, córais aerchóirithe agus córais aerála i ndálaí úsáide san fhíor-shaol. Rialaítear feidhmíocht iarbhrí na gcóras sin leis an bhfuinneamh a úsáidtear i ngnáthdhálaí nó i meándhálaí oibrithe a bhíonn ag athrú go dinimiciúil. Ní éilíonn na dálaí sin, den chuid is mó, ach cuid den acmhainn aschuir ainmniúil agus, dá bhrí sin, ba cheart go n-áireofaí le hiniúchtaí ar chórais téimh, aerchóirithe agus aerála measúnú ar chumais ábhartha an trealaimh chun feidhmíocht córas a fheabhsú faoi dhálaí athraitheacha, amhail dálaí oibrithe páirtlód.
- (37) Léiríodh gurb éifeachtach an t-uathoibriú foirgnimh agus an faireachán leictreonach ar chórais theicniúla foirgneamh in ionad iniúchtaí, go háirithe do chórais mhóra agus is maith is féidir leis coigiltí fuinnimh costéifeachtacha agus suntasacha a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí aron. Ba cheart go n-áiritheofaí suiteáil an fhearais sin mar an rogha mhalartach ab éifeachtúla ó thaobh costais de, in ionad

⁽¹⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

iniúchtaí i bhfoirgnimh mhóra neamhchónaithe agus ilárasáin atá mór go leor chun aisíoc a thabhairt laistigh de thréimhse níos giorra ná trí bliana mar ciallaíonn sé gur féidir gníomhú de réir na faisnéise a chuirtear ar fáil, agus coigiltí fuinnimh á n-áirithiú de réir a chéile. I gcás suiteáil ar mhionscála, ba cheart go mbeadh an doiciméadú ar fheidhmíocht an chórais a dhéanfaidh na suiteálaithe ina thacaíocht don fhíorú ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas a leagfar síos do gach córas teicniúil foirgneamh.

- (38) Coinnítear an deis atá ann faoi láthair do na Ballstáit chun bearta bunaithe ar chomhairle mar rogha mhalartach ar iniúchtaí ar chórais téimh, aerchóirithe agus aerála chomhcheangailte a roghnú, agus tá na córais aerchóirithe agus aerála chomhcheangailte le coimeád, ar an gcoinníoll go ndearnadh an éifeacht ina iomláine a dhoiciméadú, trí bhíthin tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, mar ghníomh comhionann le héifeacht an iniúchta roimh na bearta sin a chur i bhfeidhm.
- (39) D'fhonn scéimeanna iniúchta rialta a chur chun feidhme ar chórais teasa agus aerchóirithe faoi Threoir 2010/31/AE bhí infheistíocht shuntasach riaracháin agus airgeadais ann ó na Ballstáit agus ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear saineolaithe a thraenáil agus a chreidiúnú, dearbhú agus rialú cáilíochta mar aon le costais na n-iniúchtaí. Na Ballstáit a ghlac na bearta riachtanacha chun iniúchtaí rialta a bhunú agus a chuir scéimeanna iniúchta éifeachtacha chun feidhme, d'fhéadfaidís a mheas gurb iomchuí leanúint ar aghaidh leis na scéimeanna sin a oibriú, lena n-áirítear i gcomhair córais bheaga teasa agus aerchóirithe. Sna cásanna sin, níor cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na ceanglais níos déine sin.
- (40) Gan dochar do rogha na mBallstát an tsraith de chaighdeáin, maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, a forbraíodh faoi shainordú M/480 a thug an Coimisiún don Choiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) a chur i bhfeidhm, dá n-aithneofaí agus dá gcuirfí chun cinn iad ar fud na mBallstát bheadh tionchar dearfach aige sin maidir le cur chun feidhme Threoir 2010/31/AE, arna leasú leis an Treoir seo.
- (41) Tugadh tuairisc i Moladh (AE) 2016/1318 ón gCoimisiún⁽¹⁾ maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de, an chaoi go bhféadfadh cur chun feidhme Threoir 2010/31/AE seo claochlú an stoic foirgneamh agus aistriú chuig soláthar fuinnimh ní b'inhuanaithe, a thacódh chomh maith leis an stráitéis téimh agus fuaraithe, a áirithiú ag aon am amháin. Chun a áirithiú go dtarlóidh cur chun feidhme iomchuí, ba cheart an creat ginearálta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh, a nuashonrú agus ba cheart feidhmíocht fheabhsaithe an imchlúdaigh foirgnimh a spreagadh le tacaíocht ón saothar a d'fhorbair CEC, faoi Shainordú M/480 a thug an Coimisiún. Is féidir leis na Ballstáit an rogha a dhéanamh chun cur leis seo tuilleadh trí tháscairí breise uimhriúla a sholáthar, mar shampla d'úsáid fhoriomlán fuinnimh nó d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhoirgnimh ina iomláine.
- (42) Níor cheart an Treoir seo bac a chur ar na Ballstáit ceanglais feidhmíochta fuinnimh ní b'uailmhianaí a leagan amach d'fhoirgnimh ná le haghaidh codanna d'fhoirgnimh fad is a bheidh a leithéid de cheanglais ag luí le dlí an Aontais. Tá sé comhsheasmhach le cuspóirí Threoir 2010/31/AE agus seo agus Threoir 2012/27/AE go bhféadfaidh na ceanglais seo, i gcúinsí áirithe, srian a chur ar shuiteáil nó ar úsáid táirgí faoi réir reachtaíocht chomhchuíbhithe eile de chuid an Aontais, ar choinníoll nach mbeadh na ceanglais sin ina mbacann margaidh dochosanta.
- (43) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin an fuinneamh is gá chun freastal ar an éileamh fuinnimh a bhaineann le gnáthúsáid foirgneamh, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar chomhleanúnachas ráthaithe cuspóirí, tuisceana agus nirt pholaitiúil roinnte, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (44) Urramaíonn an Treoir seo go hiomlán sonraíochtaí agus difríochtaí náisiúnta na mBallstát agus a n-inniúlachtaí i gcomhréir le hAirteagal 194(2) CFAE. Thairis sin, is é is aidhm ag an Treoir seo roinnt na ndea-chleachtas a chumasú d'fhonn an t-aistriú chuig stoc foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de san Aontas a éascú.
- (45) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁽²⁾, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar leis na doiciméid sin a tharchur.

(1) Moladh (AE) 2016/1318 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2016 maidir le treoirlínte le haghaidh foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a chur chun cinn agus dea-chleachtais atá curtha ar bun lena áirithiú, faoi 2020, go mbeidh gach foirgneamh nua nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de (IO L 208, 2.8.2016, lch. 46).

(2) IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

(46) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2010/31/AE agus Treoir 2012/27/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2010/31/AE

Leasaítear Treoir 2010/31/AE mar a leanas:

(1) leasaítear in Airteagal 2 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

“3. Ciallaíonn ‘córas teicniúil foirgnimh’ an fearas teicniúil a bhíonn i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh i gcomhair téamh spáis, fuarú spáis, aerála, uisce te tí, soilsiú ionsuite, uathoibriú agus rialú foirgnimh, giniúint leictreachais ar an láthair, bonneagar ar an láthair le haghaidh leictrea-shoghluaisteachta, nó meascán díobh sin, lena n-áirítear na córais siúd a úsáideann fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite;”;

(b) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“3a. ciallaíonn ‘córas uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh’ córas lena gcumhdaítear na táirgí, na bogearraí agus na seirbhísí innealtóireachta go léir ar féidir leo tacú le hoibriú fuinneamhéifeachtúla, eacnamaíoch agus sábháilte córais theicniúil foirgnimh trí rialuithe uathoibríocha agus trína mbainistiú de lámh na córais theicniúil foirgnimh sin a éascú;”;

(c) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

“15a. ciallaíonn ‘córas téimh’ comhcheangal de na codanna is gá chun cineál íonaithe an aeir laistigh a sholáthar lena méadaítear an teocht;

15b. ciallaíonn ‘gineadóir teasa’ an chuid de chóras téimh a ghineann teas úsáideach agus úsáid á baint as ceann amháin nó níos mó de na próisis seo a leanas:

(a) an dóchán breosla i, mar shampla, coire;

(b) iarmhairt Joule, a bhíonn ar siúl sna heilimintí téimh de chóras téimh friotáiochta leictrí;

(c) teas a ghabháil ó aer comhthimpeallach, ó aer sceite aerála, ó uisce nó ó fhoinse teasa talún agus úsáid á baint as teaschaidéal;

15c. ciallaíonn ‘conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh’ conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe (27) d’Airteagal 2 de Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(*) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).”;

(d) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“20. ciallaíonn ‘córas leithlisithe beag’ córas leithlisithe beag mar a shainmhínítear i bpointe 27 d’Airteagal 2 de Threoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(*) Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena naisghairtear Treoir 2003/54/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 55).”.

(2) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“*Airteagal 2a*

Straitéis athchóirithe fhadtéarmach:

1. Bunóidh gach Ballstát straitéis athchóirithe fhadtéarmach chun tacú le hathchóiriú an stoic náisiúnta d’fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, poiblí agus príobháideach araon, ina stoc foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónaithe faoi 2050, lena n-éascófar athrú costéifeachtach na bhfoirgneamh atá ann faoi láthair ina bhfoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de. Tíolacfar gach straitéis athchóirithe fhadtéarmach i gcomhréir leis na hoibleagáidí pleanála agus tuairiscithe is infheidhme agus cuimseofar léi na nithe seo a leanas:

- (a) forbhreathnú ar an stoc náisiúnta foirgneamh, bunaithe, de réir mar is iomchuí, ar shampláil staidrimh agus cion measta na bhfoirgneamh athchóirithe in 2020;
- (b) cuir chuige costéifeachtacha i leith athchóirithe a aithint atá ábhartha maidir leis an gcineál foirgnimh agus leis an gcrios aeráide, ag féachaint faoi, phointí truícir ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann, más infheidhme, i saolré an fhoirgnimh;
- (c) beartais agus gníomhaíochtaí chun athchóiriú domhain costéifeachtach foirgneamh a spreagadh, lena n-áirítear athchóiriú domhain céimneach agus chun tacú le bearta agus le hathchóiriú spriocdhírthe costéifeachtach mar shampla trí scéim roghnach a thabhairt isteach do phasanna athchóirithe foirgneamh;
- (d) forbhreathnú ar na beartais agus na gníomhaíochtaí chun díriú ar na ranna is neamhfheidhmiúla den stoc náisiúnta foirgneamh, cruachásanna dreasachta deighilte, agus clistí an mhargaidh, agus achoimre ar ghníomhaíochtaí náisiúnta ábhartha a chuidíonn le maolú ar bhochtaineacht fuinnimh;
- (e) beartais agus gníomhaíochtaí chun díriú ar fhoirgnimh phoiblí go léir;
- (f) forbhreathnú ar thionscnaimh náisiúnta chun teicneolaíochtaí cliste agus foirgnimh agus pobail dheana-sachta mar aon le scileanna agus oideachas in earnálacha na foirgníochta agus na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn; agus
- (g) meastachán fianaise-bhunaithe ar choigiltí fuinnimh a bhfuiltear ag súil leo agus ar thairbhí níos leithne, amhail tairbhí a bhaineann le sláinte, le sábháilteacht agus le cáilíocht an aeir.

2. Sa straitéis athchóirithe fhadtéarmach atá ag gach Ballstát, leagfaidh gach Ballstát amach treo-chlár ina mbeidh bearta agus tascáirí dul chun cinn intomhaiste a bhunaítear ar bhonn intíre, d'fhonn tabhairt faoi sprioc fadtéarmach 2050 chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 80-95 % i gcomparáid le 1990, chun stoc náisiúnta foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónaithe a áirithiú agus chun athrú costéifeachtach foirgneamh atá ann faoi láthair ina bhfoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de a éascú. Beidh garspíocanna tascacha do 2030, 2040 agus 2050 sa treo-chlár agus sonrúfar ann an bealach a gcuideoidh siad chun spíocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach i gcomhréir le Treoir 2012/27/AE.

3. Chun tacú le leas a bhaint as infheistíochtaí san athchóiriú is gá chun na spíocanna dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, éascóidh na Ballstáit rochtain ar shársaí iomchuí do na nithe seo a leanas:

- (a) comhiomlánú tionscadal, lena n-áirítear trí ardáin nó grúpaí infheistíochta agus cuibhreannais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, chun rochtain infheisteoirí mar aon le réitigh phacáistithe a éascú do chliaint a d'fhéadfadh a bheith ann;
- (b) an baol a mheastar a bhaineann le hoibrithe éifeachtúlachta fuinnimh a laghdú d'infheisteoirí agus don earnáil phríobháideach;
- (c) an úsáid a bhaintear as maoiniú poiblí chun tuilleadh infheistíochta a ghíaráil ón earnáil phríobháideach nó chun dul i ngleic le clistí sonracha an mhargaidh;
- (d) teorú infheistíochtaí i stoc foirgneamh poiblí fuinneamhéifeachtúil, i gcomhréir leis an treoir ó Eurostat; agus
- (e) uirlisí comhairleacha inrochtana trédhearcacha amhail ionaid ilfhreastail do thomhaltóirí agus do sheirbhísí comhairleacha fuinnimh, maidir le hathchóiriú ábhartha éifeachtúlachta fuinnimh agus ionstraimí airgeadais.

4. Déanfaidh an Coimisiún dea-chleachtais maidir le scéimeanna maoinithe rathúla poiblí agus príobháideacha d'athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh mar aon le faisnéis faoi scéimeanna le haghaidh comhiomlánú tionscadal athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar mhionscála a bhailiú agus a scaipeadh ar údaráis phoiblí ar a laghad. Déanfaidh an Coimisiún dea-chleachtais maidir le dreasachtaí airgeadais chun athchóiriú a dhéanamh ó thaobh an tomhaltóra de a aithint agus a scaipeadh agus éagsúlachtaí costéifeachtúlachta idir na Ballstáit a gcur san áireamh.

5. Chun tacú le forbairt a straitéise athchóirithe fadtéarmaí déanfaidh gach Ballstát comhairliúchán poiblí maidir lena straitéis athchóirithe fadtéarmach roimh í a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Cuirfidh gach Ballstát achoimre ar thorthaí a chomhairliúcháin phoiblí mar iarscríbhinn a ghabhann lena straitéis athchóirithe fadtéarmach.

Bunóidh gach Ballstát na modúlachtaí chun dul i mbun comhairliúcháin ar bhealach cuimsitheach agus a straitéis athchóirithe fadtéarmach á cur chun feidhme.

6. Cuirfidh gach Ballstát isteach mionsonraí ar chur chun feidhme a straitéise athchóirithe fadtéarmaí mar iarscríbhinn a ghabhann leis an straitéis athchóirithe fhadtéarmach, lena n-áirítear maidir leis na beartais agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe.

7. Féadfaidh gach Ballstát leas a bhaint as a gcuid straitéis athchóirithe fhadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar na baoil a bhaineann le gníomhaíochtaí seismeacha diana nó dóiteán a dhéanann difear d'athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh agus do shaolré foirgneamh.”.

(3) Cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

“Airteagal 6

Foirgnimh nua

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcloíonn foirgnimh nua leis na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 4.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, sula gcuirfeadh tús le tógáil foirgneamh nua ar bith, go ndéanfar féidearthacht theicniúil, comhshaoil agus eacnamaíoch córas malartach ardéifeachtúlachta a chur san áireamh, má tá siad ar fáil.”.

(4) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cúigiú mír:

“Maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, spreagfaidh na Ballstáit córais mhalartacha ardéifeachtúlachta, a mhéid is atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch, agus tabharfaidh siad aghaidh ar dhálaí sláintiúla aeráide laistigh, ar shábháilteacht ó dhóiteán agus ar bhaoil a bhaineann le gníomhaíocht sheismeach dhian.”.

(5) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Córais theicniúla foirgneamh

1. Déanfaidh na Ballstáit, chun barrfheabhsú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na gcóras teicniúil foirgneamh, ceanglais chórais a leagan síos maidir le feidhmíocht fuinnimh fhoriomlán, suiteáil cheart agus toisiú, coigeartú agus rialú iomchuí na gcóras teicniúil atá suiteáilte i bhfoirgnimh atá ann cheana.

Déanfar ceanglais chórais a leagan síos do chórais theicniúla foirgneamh nua agus athsholáthair, agus d'uasghrádú na gcóras teicniúla foirgneamh sin, agus déanfar na ceanglais sin a chur i bhfeidhm a mhéid atá sé sin indéanta go teicniúil, go heacnamaíoch agus go feidhmiúil.

Déanfaidh na Ballstáit a cheangal ar fhoirgnimh nua, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamúil, a bheith feistithe le feistí féinrialaithe chun teocht na seomraí a rialáil ar leithligh nó i gcás ina bhfuil bonn cirt leis, i limistéar ainmnithe téite den aonad foirgnimh. I bhfoirgnimh atá ann faoi láthair, ceanglófar suiteáil feistí féinrialaithe i gcás ina ndéantar gineadóirí teasa a athsholáthar, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamúil.

2. Maidir le foirgnimh neamh-chónaithe nua agus foirgnimh neamh-chónaithe a bhfuil móroibreacha athchóirithe á ndéanamh ina leith, agus níos mó ná deich spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad de réir bhrí Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus bonneagar duchtála, is é sin le rá, seolphíobáin le haghaidh cáblaí leictreacha, a shuiteáil i gceann amháin ar a laghad as gach cúig spás páirceála, ionas gur féidir ag céim níos déanaí pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil, sna cásanna seo a leanas:

(a) Tá an carrchlós suite laistigh den fhoirgneamh, agus áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an fhoirgnimh; nó

(b) Tá an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóiriú mór, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó an bonneagar leictreach sa charrchlós.

Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 1 Eanáir 2023 maidir leis an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh beartas tógála an Aontais ar mhaithe le leictrea-shoghluasteacht a chur chun cinn agus déanfaidh sé bearta a mholadh, i dtaca leis sin.

3. Leagfaidh na Ballstáit síos na ceanglais le haghaidh líon íosta de phointí athluchtaithe a shuiteáil i leith gach foirgnimh neamhchónaithe ina bhfuil corradh le fiche spás páirceála, faoin 1 Eanáir 2025.

4. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan na ceanglais dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 a leagan síos ná a chur i bhfeidhm maidir le foirgnimh atá faoi úinéireacht agus áitithe ag fiontair bheaga agus mheánmhéide de réir mar a shainmhínítear i dTeideal I d'arscríbhinn Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún (**).

5. Maidir le foirgnimh chónaithe nua agus foirgnimh chónaithe a bhfuil móroibreacha athchóirithe á ndéanamh ina leith, agus a bhfuil os cionn deich spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar suiteáil bonneagair duchtála, eadhon, seolphóbáin le haghaidh cáblaí leictreacha i ngach spás páirceála, a shuiteáil, ionas gur féidir ag céim níos déanaí pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil, sna cásanna seo a leanas:

- (a) Tá an carrchlós suite laistigh den fhoirgneamh, agus áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an fhoirgnimh; nó
- (b) Tá an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóiriú mór, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó an bonneagar leictreach sa charrchlós.

6. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh mír 2, mír 3 agus mír 5 a chur i bhfeidhm ar chatagóirí sonracha foirgnimh i gcás:

- (a) maidir le mír 2 agus mír 5, inar cuireadh iarratais ar chead tógála nó iarratais choibhéseacha isteach roimh 10 Márta 2021;
- (b) ina mbeadh an bonneagar duchtála ag brath ar chórais leithlisithe bheaga nó sna réigiúin is forimeallaí laistigh de bhri Airteagal 349 CFAE, dá mbeadh fadhbanna nach beag ann i dtaobh oibriú an chórais áitiúil fuinnimh agus go mbeadh baol ann do chobhsaíocht san eangach áitiúil an mar thoradh air sin;
- (c) go mbeadh costas na suiteálacha athluchtaithe agus duchtála os cionn 7 % de chostas iomlán athchóiriú mór an fhoirgnimh;
- (d) ina gcumhdaítear foirgneamh poiblí faoi cheanglais inchoimparáide de réir thrasuí Threoir 2014/94/AE.

7. Déanfaidh na Ballstáit foráil le haghaidh beart d'fhonn pointí athluchtaithe a chur ar fáil i bhfoirgnimh nua cónaithe agus neamh-chónaithe agus foirgnimh cónaithe agus neamh-chónaithe atá ann faoi láthair agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní rialála, lena n-áirítear i ndáil le nósanna imeachta ceada agus formheasa, gan dochar do dhli na maoine agus dlí na tionóntachta sna Ballstáit.

8. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh an gá le beartais chomhleanúnacha le haghaidh foirgneamh, soghluaisteacht bhog agus ghlas agus pleanáil uirbeach.

9. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a dhéanfar córas teicniúil foirgnimh a shuiteáil, a athsholáthar nó a nuashonrú, go ndéanfar measúnú ar fheidhmíocht fuinnimh fhoriomlán na coda athraithe agus, i gcás inarb ábhartha, an chórais athraithe ina iomláine. Déanfar na torthaí a dhoiciméadú agus a chur chuig úinéir an fhoirgnimh, ionas go mbeidh siad ar fáil i gcónaí agus gur féidir iad a úsáid le haghaidh fíorú ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas a leagtar síos de bhun mhír 1 den Airteagal seo agus cheist na dteastas feidhmíochta fuinnimh. Gan dochar d'Airteagal 12, déanfaidh na Ballstáit cinneadh an mbeidh sé riachtanach deimhniú feidhmíochta fuinnimh nua a eisiúint.

10. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2019, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23, lena bhforlíontar an Treoir seo trí chomhscéim roghnach an Aontais a bhunú chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil. Bunófar an rátáil ar mheasúnú ar chumais foirgnimh nó aonaid foirgnimh a oibriocht a oiriúnú de réir riachtanais an tsealbhóra agus na heangaí agus a éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fhoriomlán a fheabhsú.

I gcomhréir leis an larscríbhinn Ia, déanfaidh comhscéim roghnach an Aontais chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil an méid seo a leanas:

- (a) sainmhíniú ar tháscaire ullmhachta cliste a bhunú; agus
- (b) modheolaíocht a bhunú chun é a ríomh.

11. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2019, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina sainítear na modúlachtaí teicniúla le haghaidh chur chun feidhme éifeachtach na scéime dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo, lena n-áirítear amlíne le haghaidh céim thástála neamhcheangailteach ar an leibhéal náisiúnta, agus ina soiléirítear gaol comhlántach na scéime le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 11.

Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(3).

(*) Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le húsáid a bhaint as bonneagar breoslaí ionadúla (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).

(**) Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).".

(6) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Nascaidh na Ballstáit a mbearta airgeadais le haghaidh feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh in athchóiriú foirgneamh leis an gcoigilt fuinnimh a bheidh mar sprioc nó a bhainfear amach de thoradh an athchóirithe sin, arna chinneadh i critéar amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

- (a) feidhmíocht fuinnimh an trealamh nó an ábhair a úsáidfear leis an athchóiriú; sa chás sin, suiteálfadh suiteálaí leis an leibhéal ábhartha deimhniúcháin nó cáilíochta an trealamh nó an t-ábhar a úsáidfear leis an athchóiriú;
- (b) luachanna caighdeánacha chun coigilt fuinnimh i bhfoirgnimh a ríomh;
- (c) an feabhas a baineadh amach mar gheall ar an athchóiriú trí theastais feidhmíochta fuinnimh a d'eiseofaí roimh agus i ndiaidh an athchóirithe a chur i gcomparáid lena chéile;
- (d) torthaí ó iniúchadh fuinnimh;
- (e) torthaí ó mhodh eile atá ábhartha, trédhearcach agus comhréireach ina léirítear an feabhas san fheidhmíocht fuinnimh.

6a. Leis na bunachair sonraí le haghaidh teastais feidhmíochta fuinnimh beifear in ann sonraí a bhailiú maidir le tomhaltas fuinnimh na bhfoirgneamh atá cumhdaithe, arna thomhas nó arna ríomh, lena n-áirítear ar a laghad foirgnimh phoiblí ar eisíodh teastas feidhmíochta fuinnimh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12.

6b. Arna iarraidh, cuirfear ar a laghad sonraí anaithnidithe comhiomlánaithe ar fáil a chomhlíonfaidh ceanglais chosanta sonraí an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta, ar a laghad do na húdaráis phoiblí chun críocha staidrimh agus taighde agus d'úinéir an fhoirgnimh."

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14 agus Airteagal 15:

"Airteagal 14

Iniúchadh córas téimh

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun iniúchtaí rialta a bhunú ar pháirteanna inrochtana de chórais i gcomhair téamh nó i gcomhair téamh spáis agus aerála a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach os cionn 70 kW aige, amhail gineadóir teasa, córas rialaithe agus caidéal/caidéil imshruthaithe a úsáidtear chun foirgnimh a théamh. Áireofar san iniúchadh measúnú ar éifeachtúlacht an ghineadóira teasa agus ar mhéid an ghineadóira teasa i gcomparáid le riachtanais téimh an fhoirgnimh agus, i gcás inarb iomchuí, cumais an chórais téimh nó comhchóras téimh spáis agus aerála a fheidhmíocht a optamú i ngnáthdhálaí nó i meándhálaí oibrithe á gcur san áireamh.

I gcás nach ndearnadh athrú ar bith ar an gcóras téimh nó ar an gcomhchóras téimh spáis agus aerála nó i ndáil le riachtanais téimh an fhoirgnimh ó rinneadh iniúchadh de bhun na míre seo, féadfaidh na Ballstáit roghnú gan a chur de cheangal an measúnú ar mhéid an ghineadóira teasa a dhéanamh athuair.

2. Maidir le córais theicniúla foirgneamh atá cumhdaithe go sainráite le critéar comhaontaithe i ndáil le feidhmíocht fuinnimh nó le socrú conarthach lena sonraítear leibhéal comhaontaithe feabhais ar éifeachtúlacht fuinnimh, amhail conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh í, nó atá á n-oibriú ag fónas nó oibreoir líonra agus, dá bhrí sin, faoi réir bearta faireacháin ar fheidhmíocht ar thaobh an chórais, beidh siad díolmhaithe ó na ceanglais a leagtar síos i mír 1, ar choinníoll go bhfuil tionchar foriomlán an chur chuige sin coibhéiseach leis sin mar thoradh ar mhír 1.

3. Mar rogha mhalartach ar mhír 1 agus ar choinníoll go bhfuil an tionchar foriomlán comhionann leis sin mar thoradh ar mhír 1. Féadfaidh na Ballstáit roghnú bearta a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar comhairle d'úsáideoirí maidir le hathsholáthar gineadóirí teasa, modhnuithe eile ar an gcóras téimh nó ar an gcomhchórais téimh spáis agus aerála agus réitigh mhalartacha chun éifeachtúlacht agus méid iomchuí na gcóras sin a mheas.

Sula gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfaidh siad, trí bhíthin tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, comhionannas tionchar na mbeart sin le tionchar na mbeart dá dtagraítear i mír 1 a dhoiciméadú.

Tíolacfar tuarascáil den chineál sin i gcomhréir leis na hoibleagáidí pleanála agus tuairiscithe is infheidhme.

4. Leagfaidh na Ballstáit síos na ceanglais chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamúil, go mbeidh foirgnimh neamhchónaithe a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach le haghaidh córais téimh nó aschur comhchórais téimh spáis agus aerála os cionn 290kW aige feistithe le córais uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh faoi 2025.

Beidh sé de chumas ag na córais uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) monatóireacht, logáil agus anailís leanúnach a dhéanamh agus lena bhféadfar coigeartú a dhéanamh ar an úsáid fuinnimh;
- (b) tagarmharcáil a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh, cailteanais a shonrú in éifeachtúlacht córas teicniúil foirgneamh, agus an duine atá freagrach as na saoráidí nó bainistíocht theicniúil an fhoirgnimh a chur ar an eolas maidir le deiseanna chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú; agus
- (c) cumarsáid a éascú le córais theicniúla foirgneamh agus le fearais eile laistigh den fhoirgneamh, a bheith comh-inoibrítheach le córais theicniúla foirgneamh a bhaineann le cineálacha éagsúla teicneolaíochtaí dílseánaigh, gléasanna agus déantóirí.

5. Féadfaidh na Ballstáit ceanglais a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh an méid a leanas ag foirgnimh chónaithe:

- (a) feidhmiúlacht chun faireachán leictreonach leanúnach a thomhaiseann éifeachtúlacht córas agus a chuireann úinéirí foirgnimh nó bainisteoirí ar an eolas nuair a thitfidh sé go suntasach agus nuair is gá cothabháil a dhéanamh ar an gcóras, agus
- (b) feidhmiúlachtaí rialaithe éifeachtacha chun an ghiniúint, dáileadh, stóráil agus an úsáid is fearr fuinnimh a áirithiú.

6. Foirgnimh atá i gcomhréir le mír 4 nó le mír 5, beidh siad díolmhaithe ó na ceanglais atá leagtha síos i mír 1.

Airteagal 15

Iniúchadh córas aerchóirithe

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun iniúchtaí rialta a bhunú ar pháirteanna inrochtana de chórais aerchóirithe nó de chomhchórais aerchóirithe agus aerála chomhcheangailte, le haschur rátaithe éifeachtach os cionn 70 kW. Áireofar san iniúchadh measúnú ar éifeachtúlacht an aerchóirithe agus ar mhéid an aerchóirithe i gcomparáid le riachtanais fuaraithe an fhoirgnimh agus, i gcás inarb iomchuí, cumais an chórais aerchóirithe nó an chomhchórais aerchóirithe agus aerála chomhcheangailte a fheidhmíocht a optamú faoi na gnáthdhálaí nó faoi mheándhálaí oibríthe á gcur san áireamh.

I gcás nach ndearnadh athrú ar bith ar an gcóras aerchóirithe nó ar an gcomhchóras aerchóirithe agus aerála nó ar riachtanais fuaraithe an fhoirgnimh ó rinneadh iniúchadh de bhun na míre seo, féadfaidh na Ballstáit roghnú gan a chur de cheangal an measúnú ar mhéid an chórais aerchóirithe a dhéanamh athuair.

Na Ballstáit ceanglais níos déine a choinneáil de bhun Airteagal 1(3), déanfar iad a dhíolmhú ón oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith.

2. Maidir le córais theicniúla foirgneamh atá cumhdaithe go sainráite le critéar comhaontaithe i ndáil le feidhmíocht fuinnimh nó le socrú conarthach lena sonraítear leibhéal comhaontaithe feabhais ar éifeachtúlacht fuinnimh, amhail conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh, nó atá á n-oibriú ag fiontás nó oibreoir líonra agus, dá bhrí sin, faoi réir bearta faireacháin ar fheidhmíocht ar thaobh an chórais, beidh siad díolmhaithe ó na ceanglais a leagtar síos i mír 1, ar choinníoll go bhfuil tionchar foriomlán an chur chuige sin coibhéiseach leis sin mar thoradh ar mhír 1.

3. Mar rogha mhalartach ar mhír 1, agus ar choinníoll go bhfuil an tionchar foriomlán comhionann leis sin mar thoradh ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit roghnú bearta a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar comhairle d'úsáideoirí maidir le athsholáthar córas aerchóirithe nó comhchórais aerchóirithe agus aerála, modhnuithe eile ar an gcóras aerchóirithe nó ar an gcomhchóras aerchóirithe agus aerála agus réitigh mhalartacha chun éifeachtúlacht agus méid iomchuí na gcóras sin a mheas. Beidh tionchar foriomlán de chur chuige mar sin comhionann leis sin a eascraíonn i mír 1.

Sula gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na bearta malartacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfaidh siad, trí bhíthin tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, comhionannas tionchar na mbeart sin le tionchar na mbeart dá dtagraítear i mír 1 a dhoiciméadú.

Tíolacfar tuarascáil den chineál sin i gcomhréir leis na hoibleagáidí pleanála agus tuairiscithe is infheidhme.

4. Leagfaidh na Ballstáit síos na ceanglais, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamúil, chun a áirithiú go mbeidh foirgnimh neamhchónaithe a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach i gcomhair córas aerchóirithe nó comh-chóras aerchóirithe agus aerála os cionn 290kW aige feistithe le córais uathobrithe agus rialaithe foirgnimh faoi 2025.

Beidh sé de chumas ag na córais uathobrithe agus rialaithe foirgnimh an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) Monatóireacht, logáil agus anailís lena bhféadfar coigeartú leanúnach a dhéanamh ar an úsáid fuinnimh;
- (b) tagarmharcáil a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh, cailteanais a shonrú in éifeachtúlacht córas teicniúil foirgneamh, agus an duine atá freagrach as na saoráidí nó bainistíocht theicniúil an fhoirgnimh a chur ar an eolas maidir le deiseanna chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú; agus
- (c) cumarsáid a éascú le córais theicniúla foirgneamh agus le fearais eile laistigh den fhoirgneamh, a bheith comh-inoibritheach le córais theicniúla foirgneamh a bhaineann le cineálacha éagsúla teicneolaíochtaí dílseánaigh, gléasanna agus déantóirí.

5. féadfaidh na Ballstáit ceanglais a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh foirgnimh chónaithe feistithe leis an méid a leanas:

- (a) feidhmiúlacht chun faireachán leictreonach leanúnach a thomhaiseann éifeachtúlacht córas agus a chuireann úinéirí foirgnimh nó bainisteoirí ar an eolas nuair a thitfidh sé go suntasach agus nuair is gá cothabháil a dhéanamh ar an gcóras, agus
- (b) feidhmiúlachtaí rialaithe éifeachtacha chun an ghiniúint, dáileadh, stóráil agus an úsáid is fearr fuinnimh a áirithiú.

6. Foirgnimh atá i gcomhréir le mír 4 nó le mír 5, beidh siad díolmhaithe ó na ceanglais atá leagtha síos i mír 1.”.

(8) Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 19:

“Airteagal 19

Athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún, le cúnadh ón gCoiste a bunaíodh le Airteagal 26, athbhreithniú ar an Treoir seo faoin 1 Eanáir ar a dhéanaí, i bhfianaise na taithí atá faighte agus an dul chun cinn atá déanta le linn a chur i bhfeidhm agus moltaí a dhéanamh, más gá.

Mar chuid den athbhreithniú sin, scrúdóidh an Coimisiún Eorpach conas a bheadh Ballstáit in ann cur chuige comhtháite limistéir nó comharsanachta a chur i bhfeidhm i mbeartas tógála an Aontais agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus ag an céanna ag féachaint dó go mbainfidh gach foirgneamh na ceanglais íosta feidhmíochta fuinnimh amach, mar shampla trí bhíthin scéimeanna athchóirithe foriomlána a chuirfear i bhfeidhm ar líon foirgneamh i gcomhthéacs spásúil in ionad déanamh amhlaidh ar fhoirgneamh aonair.

Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, measúnú ar an ngá le feabhas breise ar dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh i gcomhréir le hAirteagal 11.”.

(9) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 19a

Staidéar indéantachta

Tabharfaidh an Coimisiún i gcrích, roimh 2020, staidéar indéantachta ina soiléirítear na féidearthachtaí agus an amlíne chun iniúchadh ar chórais i leith córais aerála neamhspleácha a thabhairt isteach agus maidir le pas roghnach d'athchóirithe foirgnimh atá comhlántach leis na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, d'fhonn treochlár fadtéarmach, céim ar chéim athchóirithe a chur ar fáil d'fhoirgneamh sonrach bunaithe ar chritéir cáilíochta, i ndiadh iniúchadh fuinnimh, agus ina léirítear bearta ábhartha agus athchóirithe a bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh leo.”.

(10) In Airteagal 20(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“2. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil go háirithe d’úinéirí nó do thionóntaí foirgneamh maidir le teastais feidhmíochta fuinnimh, lena n-áirítear an chúis agus na cuspóirí a bhaineann leo, maidir le bearta cost-éifeachtúla agus, i gcás inarb iomchuí, ionstraimí airgeadais, chun feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú agus maidir le roghanna eile atá níos inbhuanaithe a chur in ionad coirí breosla iontaise. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fáil trí uirlisí inrochtana agus trédhearcacha amhail comhairle i ndáil le hathchóiriú agus ionaid ilfhreastail.”

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

“Airteagal 23

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5, Airteagal 8 agus Airteagal 22 don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ón 9 Iúil 2018. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5, in Airteagal 8 agus in Airteagal 22 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacann sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiofaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5, Airteagal 8 nó Airteagal 22 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú go ceann dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”

(12) Scriostar Airteagal 24 agus Airteagal 25.

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

“Airteagal 26

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.”

(14) Déantar na hlarscríbhinní a leasú i gcomhréir leis an larscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasú ar Threoir 2012/27/AE

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 4 de Threoir 2012/27/AE:

“Airteagal 4

Athchóiriú foirgneamh

Déanfar an chéad leagan de straitéisí fadtéarmacha na mBallstát chun infheistíocht a shlógadh in athchóiriú an stoic náisiúnta foirgneamh cónaithe agus tráchtála, idir phoiblí agus príobháideach, déanfar iad a fhoilsiú faoin 30 Aibreán 2014 agus déanfar iad a nuashonrú gach 3 bliana ina dhiaidh sin agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh.”

*Airteagal 3***Trasuíomh**

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 10 Márta 2020. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh an Ballstát na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Aireoidh siad chomh maith ráiteas chun na críche sin go ndéanfar tagairtí i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá ann cheana lena dtrasúitear Treoir 2010/31/AE nó Treoir 2012/27/AE a fhorléiriú mar thagairtí do na Treoracha sin arna leasú leis an Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5***Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 30 Bealtaine 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

L. PAVLOVA

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 201/31/AE mar seo a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

“1. Cinnfear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh ar bhonn úsáide ríofa nó iarbhír fuinnimh agus léireofar léi a ghnáthúsáid do théamh spáis, fuarú spáis, uisce te tí, aeráil, soilsiú ionsuite agus córais theicniúla foirgneamh eile.

Cuirfear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh in iúl trí tháscaire uimhriúil d’úsáid fuinnimh phríomha in kWh/(m².y), a bheidh comhchuibhithe chun críocha feidhmíocht fuinnimh a dheimhniú agus íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh. Beidh an mhodheolaíocht a chuirfear i bhfeidhm chun feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a chinneadh trédhearcach agus féadfaidh sí a bheith nuálaíoch.

Déanfaidh na Ballstáit cur síos ar a modheolaíocht ríomha náisiúnta ag cloí leis an gcreat iarscríbhinne náisiúnta de chaighdeán uileghabhálacha, eadhon ISO 52000-1, 52003-1, 52010-1, 52016-1, agus 52018-1, a forbraíodh faoi shainordú M/480 a tugadh don Choiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN). Ní hionann an fhoráil seo agus códú dlíthiúil na gcaighdeán sin.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

“2. Déanfar na riachtanais fuinnimh do théamh spáis, fuarú spáis, uisce te tí, aeráil, soilsiú, agus córais theicniúla foirgneamh eile a ríomh d’fhonn sláinte, caighdeán aeir laistigh agus leibhéil chompoird a shainmhíniú na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach a optamú.

Déanfar ríomh an fhuinnimh phríomha a bhunú ar phríomhthosca fuinnimh nó príomhthosca ualaithe in aghaidh an iompróir fuinnimh, a fhéadfar a bhunú ar mheáin ualaithe bhliantúla náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúil, agus b’fhéidir séasúrach nó míosúil freisin, nó ar fhaisnéis níos sonraithe a chuirfear ar fáil do chóras ceantair aonair.

Déanfaidh na Ballstáit na príomhthosca fuinnimh nó na príomhthosca ualaithe a shainmhíniú. Agus na tosca sin maidir le ríomh feidhmíochta fuinnimh á gcur i bhfeidhm, áiritheoidh na Ballstáit go saothrófar feidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgneamh is fearr is féidir.

Agus na príomhthosca fuinnimh á ríomh chun críche feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh, féadfaidh na Ballstáit foinsí in-athnuaite fuinnimh a sholáthraítear tríd an iompróir fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a ghintear agus a úsáidtear ar an láthair a chur san áireamh, ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm é ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.”;

(c) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“2a. D’fhonn feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a chur in iúl, féadfaidh na Ballstáit táscairí breise uimhriúla den phríomhúsáid fuinnimh iomlán, neamh-in-athnuaite agus in-athnuaite, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a tháirgtear in kgCO₂eq/(m².y) a shainmhíniú.”;

(d) i bpointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta thosaigh:

“4. Cuirfear dea-thionchar na ngnéithe seo a leanas san áireamh.”.

(2) Cuirtear isteach an Iarscríbhinn seo a leanas:

“IARSCRÍBHINN IA

COMHCHREAT GINEARÁLTA CHUN ULLMHACHT CHLISTE FOIRGNEAMH A RÁTÁIL

1. Bunóidh an Coimisiún sainmhíniú ar tháscaire ullmhachta cliste agus modheolaíocht chun é a ríomh d’fhonn measúnú a dhéanamh maidir le cumais foirgnimh nó aonaid foirgnimh a oibríocht a oiriúnú de réir riachtanais an tsealbhora agus na heangáil agus a éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fhoriomlán a fheabhsú.

Cumhdófar leis an táscaire ullmhachta cliste gnéithe le haghaidh coigiltis fuinnimh feabhsaithe, tagarmharcanna agus solúbthacht, feidhmiúlachtaí agus cumais fheabhsaithe mar thoradh ar fheistí idirnasctha, cliste.

Cuirfear san áireamh sa mhodheolaíocht gnéithe ar nós méadair chliste, uathoibriú foirgnimh agus córais rialaithe, feistí féinrialaithe le haghaidh rialáil aertheochta laistigh, fearais bhaile ionsuite, pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha, stóráil fuinnimh agus feidhmiúlachtaí mionsonraithe agus idir-inoibritheacht na ngnéithe sin, chomh maith le tairbhí don aeráid laistigh, éifeachtúlacht fuinnimh, leibhéil feidhmíochta agus solúbthacht chumasaithe.

2. Beidh an mhodheolaíocht ag brath ar thrí príomhfheidhmiúlacht a bhaineann leis an bhfoirgneamh agus lena chórais theicniúla foirgneamh:
 - (a) an cumas chun feidhmíocht agus oibríocht fuinnimh an fhoirgnimh a chothabháil trí thomhaltas fuinnimh a oiriúnú mar shampla trí úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite;
 - (b) an cumas chun a oibríocht a oiriúnú mar fhreagra ar riachtanais an áititheora agus aird chuí á tabhairt ar infhaighteacht so-láimhsitheachta don úsáideoir, aeráid shláintiúil laistigh a chothabháil agus an cumas chun tuairiscíú ar úsáid fuinnimh; agus
 - (c) solúbthacht éilimh fhoriomláin leictreachais foirgnimh, lena n-áirítear a chumas chun rannpháirteachas i bhfreagairt ar éileamh ghníomhach agus éighníomhach chomh maith le freagairt ar éileamh intuigthe agus shainráite, i ndáil leis an eangach, mar shampla trí sholúbthacht agus acmhainní aistrihe ualaih.
3. Thairis sin, féadfar an modheolaíocht an méid a leanas a chur san áireamh:
 - (a) Idir-inoibritheacht idir córais (méadair chliste, uathoibriú foirgnimh agus córais rialaithe, fearais ionsuite bhaile, feistí féinrialaithe le haghaidh rialáil aertheochta laistigh den fhoirgneamh agus braiteoirí cáilíochta aeir agus aeráil); agus
 - (b) tionchar dearfach na líonraí cumarsáide atá ann faoi láthair, go háirithe bonneagar fisiciúil foirgnimh atá réidh don ardluas a bheith ann, amhail an lipéad deonach "leathanbhanda-réidh" agus pointe rochtana le haghaidh foirgnimh ilteaghaise, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).
4. Ní bheidh tionchar diúltach ag an modheolaíocht ar scéimeanna náisiúnta deimhnithe um fheidhmíocht fuinnimh atá ann cheana agus cuirfidh sí leis na tionscnaimh ghaolmhara ar an leibhéal náisiúnta, agus prionsabal úinéireacht an áititheora, cosaint sonraí, príobháideacht agus slándáil á gcur san áireamh, i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideacht agus na teicnící is fearr atá ar fáil ar mhaithe le cibearshlándáil.
5. Leagfar amach sa mhodheolaíocht an fhormáid is iomchuí don pharaiméadar um tháscaire ullmhachta cliste agus beidh an méid sin simplí, trédhearcach agus furasta le tuiscint do thomhaltóirí, úinéirí, infheisteoirí agus rannpháirtithe i margadh na freagartha ar éileamh.

(*) Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluas a leathnú amach (IO L 155, 23.5.2014, lch. 1).";

(3) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

- (a) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"Déanfaidh na húdaráis inniúla nó na comhlachtaí a ndearna na húdaráis inniúla an fhreagracht chun an córas rialaithe neamhspleách a chur chun feidhme a tharmligean chucu roghnú randamach de na teastais maidir le feidhmíocht fuinnimh a eisítear go bliantúil agus cuirfidh siad faoi réir fíoraithe iad. Beidh an sampla ar mhéid leordhóthanach chun torthaí comhlíonta a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh staidrimh a áirithiú.";

- (b) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"3. I gcás ina gcuirtear faisnéis leis an mbunachar sonraí, beidh sé ar chumas na n-údarás náisiúnta an tionscnóir a chuir ann í a aithint, chun críocha faireacháin agus fíoraithe.".

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA